Health Information and Quality Authority

An tÚdarás Um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte

# Tuarascáil Bhliantúil 2024

*Cúram Níos Sábháilte Níos Fearr*

# Clár Ábhair

**Réamhrá ón gCathaoirleach** **4**

**Teachtaireacht ón bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin** **5**

**1. Maidir le HIQA** **7**

1.1 Réamhrá 7

1.2 Ár sainordú agus ár ngníomhaíochtaí 7

**2. Rialachas agus bainistíocht** **9**

2.1 Ár mBord 9

2.2 Cruinnithe Boird 13

2.3 Coistí boird 13

2.4 Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin 13

2.5 Rialachas corparáideach 16

**3. Cuspóirí straitéiseacha** **18**

3.1 Fís, misean agus luachanna 18

3.2 Cuspóirí straitéiseacha 18

2024 in uimhreacha 20

**4. Príomhghníomhaíochtaí** **21**

4.1 Rialú seirbhísí sóisialta 21

*4.1.1 Rialú seirbhísí leanaí agus monatóireacht orthu 22*

*4.1.2 Rialú lárionaid ainmnithe do dhaoine (daoine fásta agus leanaí) faoi mhíchumas 25*

*4.1.3 Rialú Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta 30*

*4.1.4 Athruithe reachtacha 34*

*4.1.5 Taighde rialála agus feabhsú cáilíochta 35*

4.2 Monatóireacht ar sheirbhísí cúraim sláinte agus iad a rialú 36

*4.2.1 Gníomhaíochtaí rialála agus monatóireachta cúraim sláinte 36*

*4.2.2 Monatóireacht ar ionaid Sheirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta (SCCI) 41*

*4.2.3 Ullmhú do thosach feidhme feidhmeanna nua 47*

4.3 Measúnú ar theicneolaíocht sláinte agus sintéis fianaise 49
*4.3.1 Croí-Mheasúnú ar Theicneolaíocht Sláinte (MTS) 49*
*4.3.2 MTS Imdhíonta 50*
*4.3.3 MTS Scagthástála 51*
*4.3.4 CICER – Tacaíocht do threoirlínte cliniciúla náisiúnta 52*
*4.3.5 Sintéis fianaise agus comhairle beartais sláinte poiblí 53*
*4.3.6 Fírinniú cineálach do nochtadh míochaine do chleachtais radaíochta ianúcháin 55*
*4.3.7 Straitéis, tacaíocht agus taighde 55*
*4.3.8 Taighde maoinithe 56*
4.4 Faisnéis agus caighdeáin sláinte 59
*4.4.1 Faisnéis sláinte 59*
*4.4.2 Caighdeáin sláinte agus cúraim shóisialta 61*
*4.4.3 Clár Náisiúnta um Eispéireas Cúraim 64*
*Suirbhé Náisiúnta ar Dheireadh Saoil 65*
*Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar Cónaitheach 65*
*4.4.4 Taighde 66*
4.5 Ár bhfeidhmeanna cumasúcháin 68
*4.5.1 Acmhainní daonna 68*
*4.5.2 Sláinte agus sábháilteacht 69*
*4.5.3 Comhshaol agus inbhuanaitheacht 69*
*4.5.4 An Fhoireann um Chumarsáid agus Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara 70*
*4.5.5 An Rannóg Faisnéise 70*
*4.5.6 Córas bainistíochta cáilíochta 71*
*4.5.7 Bainistíocht airgeadais 72*
*4.5.8 Saoráil Faisnéise 72*
*4.5.9 Bainistíocht gearán 73*
*4.5.10 Cairt Seirbhíse Cáilíochta 73*
*4.5.11 Nochtaí Cosanta 73*
*4.5.12 Acht na dTeangacha Oifigiúla 73*

**5. Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara 74**

**6. Ráitis Airgeadais 90**

**7. Aguisíní 90**
Aguisín 1: Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine 90
Aguisín 2: Foilseacháin acadúla 92

# Réamhrá ón gCathaoirleach



**An Dr Pat O'Mahony**
*Cathaoirleach*

**Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil HIQA 2024 a chur i láthair, ina leagtar amach an méid atá bainte amach againn agus an tríú bliain agus an bhliain dheireanach dár bPlean Corparáideach 2022-2024 curtha i gcrích againn.**

Leagtar amach sa tuarascáil ár bpríomhghníomhaíochtaí a rinneamar le linn 2024 i gcomhréir lenár sainchúram rialála agus áirítear léi faisnéis faoinár bhfeidhmeanna i réimse na rialála agus na monatóireachta, an tsocraithe caighdeán agus an mheasúnuithe ar shintéis fianaise.

I rith na bliana, chomh maith lenár gclár oibre cuimsitheach atá leagtha amach sa Phlean Gnó bliantúil a chur i gcrích, rinneamar ullmhúchán suntasach do thosach feidhme reachtaíochta agus feidhmeanna nua. I mí Mheán Fómhair, chuireamar fáilte roimh thosach feidhme dhá phíosa reachtaíochta thábhachtacha lena méadaítear ár sainchúram go suntasach. Leis an Acht um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Infhógartha agus Nochtadh Oscailte), 2023 agus an Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) (Uimh. 2), 2024, tugtar cumhachtaí breise dúinn chun sábháilteacht othar agus caighdeán an chúraim a fheabhsú in Éirinn. I gcomhréir le prionsabail an nochta oscailte atá mar bhonn agus taca leis an Acht, idir mhí Mheán Fómhair agus mí na Nollag fuaireamar breis is 30 fógra, lena n-áirítear ó shaoráidí príobháideacha.

Go luath in 2024, trí chomhaontú leis an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, ghlacamar freagracht freisin as monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na n-ionad soláthair dhírigh mar a dtugtaí orthu tráth, agus ar a dtugtar ionaid Seirbhíse Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta anois. Le linn 2024 rinneamar 61 cigireacht ar fud na n-ionad buan go léir faoinár gcúram agus d'fhoilsíomar ár dtorthaí.

Leanaimid orainn ag déanamh cigireachtaí agus monatóireachta ar thithe altranais, ionaid do dhaoine faoi mhíchumas, seirbhísí leanaí agus saoráidí cúraim sláinte, agus rinneamar breis is 2,000 cigireacht i rith na bliana. Ba bhliain shuntasach í 2024 agus feidhmeanna rialála laistigh de HIQA á mbunú. Thapaíomar an deis chun tuarascálacha forbhreathnaithe a fhoilsiú ina léirítear an tionchar dearfach a bhíonn ag rialáil le himeacht ama agus an tionchar atá aici ar cháilíocht agus ar shábháilteacht soláthair seirbhísí agus ar shaol na ndaoine a bhaineann úsáid as ár seirbhísí.

Réimse eile a bhfuilimid ag leanúint orainn ag ullmhú ina leith is ea rialáil seirbhísí cúraim agus tacaíochta baile a bheidh ina fhorbairt shuntasach thábhachtach i ndáil le seachadadh tacaíochta baile in Éirinn. Mar chuid de na hullmhúcháin sin, reáchtálamar comhairliúchán poiblí chun bonn eolais a chur faoi Dhréacht-Chaighdeáin Náisiúnta maidir le Seirbhísí Tacaíochta Baile.

Is feidhm thábhachtach de chuid HIQA í fianaise a sholáthar chun tacú le cinnteoireacht agus bonn eolais a chur fúithi ar fud na hearnála. I rith na bliana, úsáideadh torthaí dár measúnuithe ar theicneolaíocht sláinte chun moltaí bunaithe ar fhianaise a sholáthar chun tacú le cinnteoireacht, lena gcinntítear go n-úsáidtear acmhainní cúraim sláinte go héifeachtúil agus go bhfaigheann othair na cóireálacha is éifeachtaí agus is sábháilte atá ar fáil. D'oibríomar i rith na bliana freisin chun ullmhú le haghaidh an Choiste Chomhairligh Náisiúnta um Imdhíonadh (NIAC) a óstáil laistigh de HIQA. Beidh sé ina phríomhfheidhm

do HIQA obair NIAC a chumasú maidir le moltaí agus comhairle neamhspleách a sheachadadh agus abhcóideacht a dhéanamh ar son na gcleachtas imdhíonta is fearr.


Ina theannta sin, faoin gClár Náisiúnta um Eispéireas Cúraim, rinneamar an séú Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar Cónaitheach i rith na bliana, agus d'fhoilsíomar torthaí an chéad Suirbhé Náisiúnta ar Dheireadh Saoil. Léirítear leis an dá ghníomhaíocht neart agus luach ár gcomhpháirtíochta leis an Roinn Sláinte, le FSS agus le grúpaí othar maidir le húsáid an aiseolais ó na suirbhéanna sin chun feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.

Tá ár ról maidir le cur chun cinn an bhonneagair náisiúnta faisnéise sláinte ríthábhachtach chun a chinntiú go bhfuil faisnéis sláinte iontaofa, slán, agus á húsáid go héifeachtach chun feabhas a chur ar sheirbhísí cúraim sláinte in Éirinn. I rith na bliana, áiríodh leis an obair sin foilsiú thorthaí na Rannpháirtíochta Náisiúnta ar Shláinte Dhigiteach agus ar Chúram Sóisialta, inar comhroinneadh aiseolas ó ghairmithe agus ó bhaill den phobal maidir le digitiú seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. Beidh na torthaí sin ina mbonn eolais do chleachtas, beartas, reachtaíocht agus cinnteoireacht i dtaca le faisnéis sláinte agus sláinte dhigiteach in Éirinn.

Thosaigh mé trí thagairt a dhéanamh don deireadh dár bPlean Corparáideach 2022-2024. Cé go bhfuil an plean sin críochnaithe anois, bhíomar gnóthach i rith na bliana ag tosú ar an bhforbairt dár bPlean Corparáideach nua 2025-2027, ina leagfar amach ár dtreo straitéiseach thar na trí bliana amach romhainn. Sheolamar comhairliúchán poiblí i mí Dheireadh Fómhair chun aiseolas a fháil ó pháirtithe leasmhara agus ón bpobal.

Thar ceann an Bhoird agus na foirne, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na páirtithe leasmhara uile a chuir ar ár gcumas ár gcuid oibre a dhéanamh i rith 2024, agus go háirithe leis na hAirí agus le comhghleacaithe na ranna.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil lenár bhfoireann go léir as a dtiomantas diongbháilte agus a n-iarrachtaí iontacha chun misean agus luachanna HIQA a choinneáil ar bun. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le comhaltaí an Bhoird as a gcomhairle agus a dtreoir luachmhar, a bhí ríthábhachtach i gcónaí lenár gcuid oibre a threorú. Le chéile, tá dul chun cinn suntasach déanta againn maidir le cúram ardcháilíochta sábháilte a chinntiú do chách agus táim ag tnúth le leanúint ar aghaidh ag cinntiú go mbeidh ról suntasach ag HIQA maidir le feabhsú cáilíochta agus sábháilteachta sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann.



**An Dr Pat O'Mahony**
*Cathaoirleach*

# Teachtaireacht ón bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin



**Angela Fitzgerald**
*Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin*

**Fáilte chuig Tuarascáil Bhliantúil 2024 HIQA.**

Is í tuarascáil na bliana seo an tuarascáil dheireanach den Phlean Corparáideach do 2022-2024 agus tugtar le fios léi go bhfuil rath leanúnach orainn i seachadadh ár bpríomhfheidhmeanna, mar aon le dul chun cinn suntasach i leathnú ár sainchúraim i réimsí nua agus éagsúla.

Táimid tiomanta i gcónaí feabhsuithe éifeachtacha agus inbhuanaithe a chur chun cinn i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta do mhuintir na hÉireann. In 2024, rinneamar é sin trínár dtorthaí ó sheirbhísí rialála agus monatóireachta a fhoilsiú, trí thacú le forbairt beartais agus reachtaíochta náisiúnta agus trí idirghníomhú le daoine a úsáideann seirbhísí agus a chuireann seirbhísí ar fáil. D'úsáideamar ár nguth chun tacú le hathrú agus feabhsuithe níos leithne ar fud na hearnála sláinte agus cúraim shóisialta agus le habhcóideacht a dhéanamh ar a son chun feabhas a chur ar cháilíocht an chúraim agus chun cumhacht a thabhairt do dhaoine a úsáideann seirbhísí labhairt ar a son féin faoina n-ionchais maidir le cúram.

Tá gá le hiarracht chomhchoiteann i measc na bpáirtithe leasmhara dár misean, agus is luach lárnach é an comhoibriú a chuirimid i bhfeidhm gach lá chun ár gcuspóirí a bhaint amach. Is trí chomhoibriú agus comhpháirtíocht is féidir linn feabhsuithe inbhuanaithe a chothú agus na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach dóibh siúd a bhfreastalaímid orthu. Bhí sé sin lárnach go háirithe i dtosach feidhme reachtaíochta nua i rith na bliana.

Nuair a thosaíomar le cigireacht a dhéanamh ar ionaid bhuana Seirbhíse Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta (ar a dtugtaí ionaid soláthair dhírigh orthu roimhe seo) go luath in 2024, ba é an chéad uair a bhí na hionaid sin faoi réir monatóireacht neamhspleách. In ainneoin na ndúshlán san earnáil sin, bhí ullmhúchán agus rannpháirtíocht éifeachtach le soláthraithe agus iarracht chomhoibríoch chomhroinnte ríthábhachtach chun a chinntiú go raibh tús na gcigireachtaí rathúil agus go raibh tionchar acu ina chéad bhliain.

Ar an dóigh chéanna, le tosach feidhme an Achta um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Infhógartha agus Nochtadh Oscailte), 2023 i mí Mheán Fómhair, leathnaíodh sainchúram HIQA maidir le caighdeáin a shocrú agus monatóireacht a dhéanamh chun saoráidí cúraim sláinte príobháideacha a chumhdach, lena gcuirtear ar ár gcumas monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht agus í a fheabhsú ar fud suíomhanna cúraim sláinte poiblí agus príobháideacha araon. Ceanglaítear leis an Acht go ndéantar teagmhais infhógartha a thuairisciú do HIQA, agus a bhuíochas le rannpháirtíocht fhairsing le soláthraithe seirbhíse agus comhoibriú le páirtithe leasmhara tábhachtacha le dhá bhliain anuas maidir leis an athrú suntasach seo, tá sé sin indéanta.

I gcroílár obair HIQA tá ár dtiomantas do chearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint. I ngach rud a dhéanaimid, cuirimid béim ar an tábhacht a bhaineann le caitheamh le daoine ar bhealach ceart agus cóir, le meas, le comhionannas agus le dínit agus go ndéanfaí a neamhspleáchas a urramú. Tacaítear leis sin tríd an ról atá againn maidir le caighdeáin a shocrú, seirbhísí a rialáil agus treoir a thabhairt do sholáthraithe agus do dhaoine atá ag obair i seirbhísí araon. Sa chomhthéacs sin, déanaimid iarracht guth a thabhairt i gcónaí do dhaoine a úsáideann seirbhísí agus a chinntiú go gcuirtear béim ar a n-eispéireas agus ar a bhfuil tábhachtach dóibh.

Le linn 2024, leathnaíomar an chaoi a n-oibrímid le raon leathan agus éagsúil páirtithe leasmhara chun a dtuairimí, a n-aiseolas agus a mbarúlacha a fháil maidir le conas is féidir linn feabhas a chur ar a bhfuil á ndéanamh againn agus ar an gcaoi a ndéanaimid é. Áiríodh leis sin tríd an gClár Náisiúnta um Eispéireas Cúraim agus rannpháirtíochtaí spriocdhírithe le húsáideoirí seirbhíse agus lena dteaghlaigh. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a thóg an t-am chun ionchur chomh luachmhar sin a thabhairt dúinn.

Tá ár ról sa mheasúnú ar theicneolaíocht sláinte (MTS) agus i sintéis fianaise fós ríthábhachtach chun bonn eolais a chur faoi bheartas agus cinnteoireacht sláinte náisiúnta. Leanamar orainn ag tabhairt léargas luachmhar maidir le cost-éifeachtúlacht agus éifeachtúlacht chliniciúil d'idirghabhálacha sláinte éagsúla. Rinneamar dul chun cinn suntasach freisin maidir le bonneagar náisiúnta faisnéise sláinte a chur chun cinn i rith na bliana, lena n-áirítear trí fhorbairt de na Caighdeáin Náisiúnta um Bainistíocht Faisnéise i Sláinte agus i gCúram Sóisialta, agus trí fhoilsiú thorthaí na Rannpháirtíochta Náisiúnta ar Shláinte Dhigiteach agus ar Chúram Sóisialta. Tá na tionscnaimh sin ríthábhachtach chun cruinneas, iontaofacht agus slándáil faisnéise sláinte a chinntiú, rud a thacaíonn le cúram agus torthaí níos fearr d'othair.

Is iad ár ndaoine ár sócmhainn is fearr, agus déanaimid ár ndícheall leanúint de bheith mar rogha fostóra. Le linn 2024, d'iarramar aiseolas ónár bhfoireann faoina n-eispéireas maidir lena bheith ag obair in HIQA agus na deiseanna forbartha agus dul chun cinn laistigh den eagraíocht. Táimid ag tnúth le Straitéis nua Daoine agus Cultúir a thabhairt isteach san eagraíocht in 2025. Is fianaise ar cháilíocht agus ar thiomantas ár ndaoine don tsármhaitheas agus don fheabhsú leanúnach iad ár gcreidiúnú leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú (ISO) 9001: Caighdeán Bainistíochta Cáilíochta 2015, mar aon lenár gcreidiúnú Platanaim tríd an gClár um Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le gach comhalta den Bhord, le foireann HIQA agus leis an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin as a ndúthracht, a bpaisean agus a dtiomantas i rith na bliana chun misean, fís agus luachanna ár n-eagraíochta a chur i gcrích.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le gach duine a rabhamar ag obair leo i rith na bliana sa Roinn Sláinte, sa Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, i ranna Rialtais eile, i FSS, i Tusla, agus i ngrúpaí abhcóideachta agus ionadaíocha.

Táim ag tnúth le leanúint ar aghaidh ag obair le chéile chun ár misean a chur i gcrích maidir le cúram ardcháilíochta sábháilte a chinntiú do chách.



**Angela Fitzgerald**
*Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin*

# Maidir le HIQA

# 1

## 1.1 Réamhrá

Is é an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) an t-údarás neamhspleách a bunaíodh in 2007 chun cúram ardcháilíochta sábháilte a thiomáint do dhaoine a úsáideann seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn. Is é ról HIQA caighdeáin a fhorbairt, cigireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar sheirbhísí cúraim sláinte agus shóisialta agus tacú le cinntí eolasacha ar conas a sheachadtar seirbhísí.

Leagtar amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo obair HIQA ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2024, i gcomhréir le ceanglais reachtúla an Achta Sláinte, 2007, lena n-áirítear socruithe HIQA maidir le cur chun feidhme an Chóid Rialachais do chomhlachtaí poiblí agus thuarascáil an Phríomh-Chigire Seirbhísí Sóisialta ar a ghníomhaíochtaí agus maidir le cloí leo.

## 1.2 Ár sainordú agus ár ngníomhaíochtaí

Síneann ár sainordú thar raon sonraithe de sheirbhísí san earnáil phoiblí, phríobháideach agus dheonach. Tá HIQA, atá freagrach don Aire Sláinte agus a oibríonn le hAirí agus le ranna rialtais ábhartha, freagrach as na nithe seo a leanas:

- **Caighdeáin a shocrú do sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta** — Caighdeáin agus treoir atá dírithe ar an duine a fhorbairt, bunaithe ar fhianaise agus dea-chleachtas idirnáisiúnta, le haghaidh seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn.
- **Seirbhísí cúraim shóisialta a rialáil** — Tá an Príomh-Chigire Seirbhísí Sóisialta laistigh de HIQA freagrach as ionaid chónaithe ainmnithe do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas, agus aonaid chúraim speisialta do leanaí, a chlárú agus a iniúchadh.
- **Seirbhísí sláinte a rialáil** — Nochtadh míochaine do radaíocht ianúcháin a rialáil.
- **Seirbhísí monatóireachta** — Monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar cháilíocht na n-ionad buan seirbhíse cóiríochta um chosaint idirnáisiúnta, seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta leanaí i gcomhréir leis na caighdeáin náisiúnta. I gcás inar gá, déanann HIQA imscrúdú ar imní thromchúiseach faoi shláinte agus leas daoine a úsáideann seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta leanaí.
- **Measúnú ar theicneolaíocht sláinte** — Meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht chliniciúil agus costais na gclár sláinte, na mbeartas, na gcógas, an trealaimh leighis, na dteicnící diagnóiseacha agus máinliachta, agus na ngníomhaíochtaí cothaithe agus cosanta sláinte, agus comhairle a sholáthar chun an úsáid acmhainní is fearr agus na torthaí is fearr do dhaoine a úsáideann ár seirbhís sláinte a chumasú.
- **Faisnéis sláinte** — Comhairle a thabhairt maidir le faisnéis sláinte a bhailiú agus a chomhroinnt go héifeachtúil slán, caighdeáin a shocrú, acmhainní faisnéise a mheas agus faisnéis a fhoilsiú ar sholáthar agus ar fheidhmíocht sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta na hÉireann.
- **An Clár Náisiúnta um Eispéireas Cúraim** — Suirbhéanna náisiúnta ar eispéireas úsáideoirí seirbhíse a dhéanamh thar raon seirbhísí sláinte, i gcomhar leis an Roinn Sláinte agus le FSS.

Tá an creat dlíthiúil leathan lena bhforáiltear don bhunús d’obair HIQA leagtha amach san Acht Sláinte, 2007 (arna leasú), mar aon leis an reachtaíocht seo a leanas:

- Rialacháin AE (Caighdeáin Bhunúsacha Sábháilteachta don Chosaint i gCoinne na Contúirte a Eascraíonn as Nochtadh Míochaine do Radaíocht Ianúcháin), 2018 (arna leasú)
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Coinníollacha Glactha), 2018 (arna leasú)
- An tAcht um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Infhógartha agus Nochtadh Oscailte), 2023
- An tAcht um Chúram Leanaí, 1991 (arna leasú).

# Rialachas agus bainistíocht

# 2

# 2.1 | Ár mBord

Is é an Bord an comhlacht rialaithe ar ÚFCS agus bunaíodh é den chéad uair ar 15 Bealtaine 2007. Tá an Bord freagrach as rialachas cuí ÚFCS, ag cinntiú córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh, comhlíonadh reachtúil agus oibriúcháin agus bainistíocht riosca. Soláthraíonn siad seo na heilimintí riachtanacha de rialachas corparáideach éifeachtach agus comhlíonadh.

Tá comhaltas an Bhoird comhdhéanta de Chathaoirleach agus 11 stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin a cheapann an tAire Sláinte. Tá taithí agus saineolas ar leith ag comhaltaí an Bhoird ar chúrsaí a bhaineann le feidhmeanna HIQA, agus tagann siad ó raon gairmeacha agus tionscail sláinte agus cúraim shóisialta.

I measc chomhaltaí an Bhoird le linn 2024 bhí:



### An Dr Pat O'Mahony *Cathaoirleach*

Príomh-Fheidhmeannach Fhorbairt Taighde Chliniciúil Éireann. Iar-Chathaoirleach Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí. Iar-Leas-Ardrúnaí agus Ceann Rialachais agus Feidhmíochta sa Roinn Sláinte. Iar-Phríomhfheidhmeannach an Údaráis Rialála Táirgí Sláinte.



### Bernadette Costello

Stiúrthóir Cairte agus Cuntasóir Cairte. Ina comhalta faoi láthair den Bhord agus ina Cathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ar Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh. Bord agus Coiste Airgeadais Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin. Coiste Iniúchóireachta & Riosca Chuan na Gaillimhe.



### An Dr Jim Kiely

Iar-Leaschathaoirleach Bhord Ospidéal Ollscoile Thamhlachta. Iar-Chomhairleoir Beartais Sláinte le Clár Sláinte Chúnamh Éireann. Cathaoirleach ar Bhuanchoiste Oifig Réigiúnach EDS i gCóbanhávan. Chaith sé 11 bhliain mar Phríomh-Oifigeach Leighis sa Roinn Sláinte. Cathaoirleach Choiste Rialaithe agus Choiste um Chaighdeáin, Faisnéis, Taighde agus Teicneolaíocht HIQA.



### An Dr Paula Kilbane

Iar-POF Bhord Sláinte agus Seirbhísí Sóisialta an Oirthir i dTuaisceart Éireann agus Stiúrthóir Sláinte Poiblí Bhord Sláinte an Deiscirt i dTuaisceart Éireann. Tá Paula ina comhalta de Bhord an Údaráis Rialála Táirgí Sláinte (HPRA) faoi láthair, agus tá taithí fhairsing aici mar stiúrthóir sna hearnálacha poiblí, carthanachta agus príobháideacha.



### An Dr Clíodhna Foley-Nolan

Comhairleoir i Míochaine Sláinte Poiblí. Iarstiúrthóir ar Shláinte an Duine agus Cothú ag Biaslán (Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteacht Bia) agus Speisialtóir i Míochaine Sláinte Poiblí i FSS.



### Lynsey Perdisatt

Stiúrthóir AD, Miondíol & Corparáideach ag An Post. D'oibrigh sí ar leibhéal sinsearach AD san earnáil phríobháideach agus phoiblí araon, agus tá taithí shuntasach aici i gcaidreamh fostaithe, i gcaidreamh tionsclaíoch agus i mbainistiú athraithe. Cathaoirleach Choiste Maoirseachta Acmhainní HIQA.



### An tOllamh Michael Rigby

Taithí fhairsing ar fhorbairt agus ar sholáthar seirbhíse sláinte, agus ar thaighde ar bheartas agus ar bhainistiú sláinte sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Comhalta den Uainchlár Saineolaithe ceaptha chun tacú le Grúpa Comhairleach Teicniúil EDS um Shláinte Dhigiteach.



### Caroline Spillane

POF Institiúid na Stiúrthóirí (IoD) Éireann. Iar-POF Chomhairle na nDochtúirí Leighis Éireann. Iar-Ardstiúrthóir Innealtóirí Éireann. Iar-Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.



### Martin Higgins

Cathaoirleach Bhord Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann Iar-POF Bhiaslán. Ina chomhalta roimhe seo ar bhoird Bhord Leigheasra na hÉireann, ar an rialtóir gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta CORU, agus ar Bhord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann.



### Martin O'Halloran

Iar-POF an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta. Iar-Chathaoirleach Bhord an Fhorais Riaracháin agus Chomhlachas na bPríomhfheidhmeannach.



### Marion Meany

30 bliain de thaithí ag obair i seirbhísí sláinte. Iar-Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta FSS um Straitéis agus Pleanáil Míchumais.



### Danny McConnell

Comhpháirtí Comhairliúcháin Teicneolaíochta in Deloitte i dTuaisceart Éireann. Comhalta den Institiúid Chairte Airgeadais Phoiblí agus Cuntasaíochta. Comhalta Boird Choláiste Réigiúnach an Oirdheiscirt.



### Leonie Clarke

Príomh-Fheidhmeannach Eagraíocht um Fhíorú Leigheasra na hÉireann. Breathnóir tofa ar Bhord na hEagraíochta Eorpaí um Fhíorú Leigheasra. Iar-Uachtarán agus comhalta de chomhairle Chumann Cógaiseoirí na hÉireann (PSI), an Rialtóra Cógaisíochta, agus iar-chomhalta boird an Bhoird Taighde Sláinte.

## 2.2 | Cruinnithe Boird

Faoin Acht Sláinte, 2007, ceanglaítear ar an mBord teacht le chéile sé huaire sa bhliain. Tháinig Bord HIQA le chéile 10 n-uaire in 2024 chun ceisteanna suntasacha éagsúla a chur chun cinn.

## 2.3 | Coistí Boird

Tacaíonn ceithre choiste Boird le gníomhaíochtaí an Bhoird maidir le HIQA a rialú:

- Déanann an **Coiste Rialála** maoirseacht ar éifeachtacht, rialachas, comhlíonadh agus rialuithe maidir le soláthar fheidhmeanna rialála HIQA.
- Tacaíonn an **Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais** leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí i ndáil le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an coiste go háirithe go ndéantar monatóireacht ghníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an coiste don Bhord tar éis gach cruinniú, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain.
- Déanann an **Coiste um Chaighdeáin, Faisnéis, Taighde agus Teicneolaíocht** maoirseacht ar na socruithe rialachais, lena n-áirítear comhlíonadh agus rialuithe, maidir le feidhmeanna forbartha caighdeán, faisnéis sláinte agus feidhmeanna measúnaithe ar theicneolaíocht sláinte.
- Déanann an **Coiste Maoirseachta Acmhainní** monatóireacht ar riachtanais acmhainní HIQA chun a chinntiú go bhfuil siad ailínithe le straitéis chorparáideach HIQA, lena n-áirítear maoirseacht ar rioscaí a bhaineann le hacmhainní. Ina theannta sin, tugann sé faoi mhaoirseacht ar riachtanais eagraíochtúla agus feidhmíocht bhainistíochta.

# 2.4 | Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin

Léiríonn struchtúr eagraíochtúil HIQA na príomhfheidhmeanna agus gníomhaíochtaí a bhaineann le rialachán, measúnú ar theicneolaíocht sláinte agus faisnéis agus caighdeáin sláinte, mar aon leis na seirbhísí tacaíochta a chuireann ar ár gcumas ár gcuspóirí corparáideacha a bhaint amach: oibríochtaí, rannóg faisnéise, acmhainní daonna agus forbairt eagraíochtúil, agus cumarsáid agus rannpháirteachas le páirtithe leasmhara. Tá an eagraíocht faoi cheannasaíocht na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin, a fhaigheann tacaíocht ó bhainisteoirí sinsearacha eile atá freagrach as ár bhfeidhmeanna gnó.

**In 2024 bhí na comhaltaí seo a leanas mar chuid d'Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin HIQA:**



**Angela Fitzgerald**
Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin



**An Dr Máirín Ryan**
Leas-Phríomhfheidh-meannach agus Stiúrthóir Measúnaithe ar Theicneolaíocht Sláinte



**Carol Grogan**
Príomh-Chigire Seirbhísí Sóisialta



**Finbarr Colfer***
Príomh-Chigire Ainmnithe



**Sean Egan**
Stiúrthóir um Rialáil Cúraim Sláinte



**Rachel Flynn**
Stiúrthóir um Fhaisnéis agus Caighdeáin Sláinte



**Sean Angland**
Príomh-Oifigeach Oibríochtaí



**Bala Krishnan**
Príomh-Oifigeach Faisnéise



**Marty Whelan**
Ceann Cumarsáide agus Rannpháirteachais le Páirtithe Leasmhara



**Susan Montgomery**
Ceann na nAcmhainní Daonna agus Forbairt Eagraíochtúil

* D'ainmnigh Bord HIQA Finbarr chun feidhmeanna an Phríomh-Chigire Seirbhísí Sóisialta a chomhlíonadh i mí na Samhna 2024.

# 2.5 Rialachas corparáideach

Tá Bord HIQA freagrach as rialuithe inmheánacha agus as athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe sin, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta, agus bainistíocht riosca.

Chun an fhreagracht sin a chomhlíonadh, glacann an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais ról gníomhach maidir le comhordú na ndearbhuithe a thagann ó fhoinsí éagsúla, mar shampla:

- obair iniúchta inmheánaigh
- iniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
- bainistíocht riosca
- athbhreithniú ar rialuithe airgeadais
- athbhreithniú ar ráitis airgeadais.

Ina theannta sin:

- Soláthraíonn an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin ráiteas dearbhaithe bliantúil don Bhord, ráiteas lena leagtar amach na rialuithe a chlúdaíonn feidhmeanna uile HIQA.
- Cuirtear tuarascálacha rialta ar fheidhmíocht chorparáideach agus ar bhainistíocht riosca ar fáil don Bhord.
- Soláthraíonn an Príomh-Fheidhmeannach tuairisc ag gach cruinniú den Bhord.
- Tuairiscíonn na ceithre choiste Boird ag gach cruinniú den Bhord.

In 2024, choinnigh HIQA a chreidiúnú ón Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú (ISO) dá chóras bainistíochta cáilíochta, ISO 9001:2015. Choinníomar an creidiúnú Platanaim freisin don scéim Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe ón Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann.

### Tuarascáil ar shocruithe chun Cód Rialachais HIQA a chur chun feidhme agus chun comhlíonadh an Chóid sin a choinneáil ar bun

Tá HIQA tiomanta d'oibriú de réir na gcaighdeán is airde rialachais chorparáidigh. Inár gCód Rialachais, déantar cur síos ar struchtúr rialachais HIQA agus leagtar amach go soiléir do na páirtithe uile, don Bhord, don fhoireann nó do pháirtithe leasmhara seachtracha, na príomhróil, na córais agus na nósanna imeachta in HIQA.[1]

Tá an Cód Rialachais mar chuid de Chreat Rialachais agus Dearbhaithe foriomlán HIQA agus léirítear leis an reachtaíocht faoina gcaithfidh sé feidhmiú, treoirlínte rialtais agus socruithe agus cleachtais eagraíochtúla maidir le gnó HIQA a stiúradh agus a rialú. Mar aon leis an gCód Iompair Ghnó, leagtar amach na caighdeáin rialachais agus na córais lena bhfeidhmíonn HIQA. Tá dualgas ar gach ball foirne agus comhalta Boird dea-rialachas a fheidhmiú agus na forálacha a leagtar amach sna Cóid sin agus i mbeartais agus nósanna imeachta HIQA a chomhlíonadh. Cuirtear treoir ar fáil sa Chód chun tacú leis an mBord, le bainisteoirí sinsearacha agus leis an bhfoireann uile agus dea-rialachas á fheidhmiú acu agus iad i mbun a gcuid dualgas.

Gach bliain, cuireann an Bord Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird agus Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach i láthair. Foilsítear na ráitis sin i gcomhar le cuntais airgeadais HIQA.

1 Tá an Cód Rialachais foilsithe ar shuíomh gréasáin HIQA.

# Cuspóirí straitéiseacha

# 3

# 3.1 | Fís, Misean agus Luachanna

## ÁR BHFÍS

Seirbhísí níos Sábháilte agus Cúram Níos Fearr do Chách.

## ÁR LUACHANNA

Spreagtar HIQA lena luachanna, a léiríonn croílár na reachtaíochta a shainíonn ár sainchúram.


## ÁR MISEAN

Úsáideoirí seirbhísí a chosaint, agus oibriú le páirtithe leasmhara chun cothromas, cáilíocht agus sábháilteacht seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a fheabhsú agus a chumasú do gach duine in Éirinn.

| | |
|---|---|
| **CEARTA AN DUINE A CHUR CHUN CINN AGUS A CHOSAINT** | Oibreoimid chun cearta an duine a chur chun cinn, mar aon le sáruithe ar chearta i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a shainaithint, a cheistiú agus a thuairisciú |
| **TÚS ÁITE DON DUINE** | Cuirfimid guth agus riachtanais daoine i gcroílár ár gcuid oibre agus déanfaimid ár ndícheall sáruithe ar chaighdeáin chomhaontaithe a shainaithint, a cheistiú agus a thuairisciú |
| **A BHEITH CÓIR, OIBIACHTÚIL AGUS COTHROM** | Beimid cóir, oibiachtúil agus comhsheasmhach agus muid ag déileáil le daoine agus eagraíochtaí |
| **A BHEITH OSCAILTE AGUS FREAGRACH** | Cuirfimid nádúr agus torthaí ár gcuid oibre in iúl ar bhealach oscailte trédhearcach, agus freagracht iomlán á glacadh againn as ár ngníomhartha |
| **AG IARRAIDH SÁRMHAITHEAS A BHAINT AMACH** | Déanfaimid nuálaíocht leanúnach agus feabhsóimid cáilíocht ár gcuid oibre trí thaighde láidir, ar ár ndícheall ar mhaithe le críochnúlacht chórasach agus feidhm á baint againn as na hacmhainní agus an fhianaise is fearr atá ar fáil |
| **CÁILÍOCHT A CHUR CHUN CINN** | Cuirfimid cáilíocht chun cinn laistigh dár n-eagraíocht féin agus ar fud na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta go léir |
| **AG OBAIR GO COMHOIBRÍOCH** | Déanfaimid teagmháil agus comhoibriú lenár bpáirtithe leasmhara go léir |

## 3.2 Cuspóirí straitéiseacha

Leagtar amach i bPlean Corparáideach HIQA 2022-2024 an creat agus na cuspóirí straitéiseacha a chuireann ar ár gcumas oibleagáidí reatha agus nua a chomhlíonadh. Leagtar amach sa phlean seo treo agus fócas na heagraíochta don tréimhse, agus leagtar amach ár gcuspóirí straitéiseacha.




### Príomhchuspóirí Straitéiseacha

1. Comhionannas agus cearta daonna na ndaoine a úsáideann seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a chur chun cinn agus a chosaint
2. Cur le feabhsú forásach ar cháilíocht agus ar shábháilteacht na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta
3. A chinntiú go bhfuil guth úsáideoirí seirbhíse lárnach dár gcuid oibre
4. Fianaise láidir ardcháilíochta a sholáthar mar bhonn eolais faoi chleachtas, faoi bheartas pleanála agus faoi chinnteoireacht
5. Ár dtaithí a úsáid le bheith mar ghuth iontaofa ar cháilíocht, ar shábháilteacht agus ar chearta an duine i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta
6. A chinntiú go dtacaíonn ár bpríomhchumasóirí linn nuálaíocht agus barr feabhais a bhaint amach sa bhealach a dhéanaimid ár gcuid oibre

**Príomh-chumasóirí**

- Daoine spreagtha, oilte
- Barr feabhais taighde
- Sofhreagracht, solúbthacht agus sofhreagracht
- Cumas digiteach agus sonraí
- Caidrimh chomh-oibritheacha, chuiditheacha
- Ceannaireacht, rialachas agus bainistíocht
- Próisis ardcháilíochta

Déantar na gealltanais seo, atá san áireamh sa Phlean Corparáideach, a chomhlíonadh trí chuspóirí atá leagtha amach inár bPlean Gnó bliantúil, atá ar fáil ar www.hiqa.ie. Déanann an Tuarascáil Bhliantúil seo achoimre ar an gcaoi ar bhain HIQA amach na cuspóirí ina Phlean Gnó 2024.

# 2024 in uimhreacha

**2,083**
Cigireacht ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta

**8**
tuarascáil ar mheasúnú ar theicneolaíocht sláinte agus sintéis fianaise foilsithe

**32**
teagmhas infhógartha a fuarthas faoin Acht um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Infhógartha), 2023 ó cuireadh i bhfeidhm é i mí Mheán Fómhair

**8**
comhairliúchán a tionóladh leis an bpobal chun eolas a dhéanamh dár gcuid oibre

**12,367**
freagróir ar an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar Cónaitheach

**127**
ról earcaithe ar fud HIQA

# 54,000+

píosa faisnéise agus fógra a iarradh a fuarthas faoi sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta

# 1,769

píosa faisnéise gan iarraidh a fuarthas faoi sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta

# 109,595

cur i gcrích de chúrsaí foghlama ar líne ar chaighdeáin agus treoir náisiúnta

# 544,820

amharc leathanaigh ar www.hiqa.ie

EXCELLENCE THROUGH PEOPLE
PLATINUM
ETP 1000:2017
NSAI Certified

Coinníodh Creidiúnú Platanaim na scéime Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe ón Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann

# 411

téarma cúraim shóisialta a shainmhínítear i bhFoclóir an Chúraim Shóisialta

ISO
9001:2015

Coinníodh Dámhachtain ISO 90001:20215 don Chóras Bainistíochta Cáilíochta

# €2.5 milliún

maoiniú do CICER, an Lárionad in Éirinn um Thacaíocht do Threoirlínte Cliniciúla agus Athbhreithnithe Fianaise

CICER
Tacaíocht don Treoirline Chliniciúil
Clinical Guideline Support

# Príomhghníomhaíochtaí

# 4


# 4.1 Rialáil seirbhísí sóisialta


Tá an Príomh-Chigire Seirbhísí Sóisialta laistigh de HIQA freagrach faoin Acht Sláinte, 2007 (arna leasú) as rialáil a dhéanamh ar ionaid ainmnithe do dhaoine fásta agus do leanaí faoi mhíchumas, do dhaoine scothaosta agus d'aonaid chúraim speisialta leanaí. Tá monatóireacht ar sheirbhísí leanaí amhail leas agus cosaint leanaí, seirbhísí cónaithe do leanaí, cúram altrama agus scoil choinneála Bhaile an Oibricigh faoi shainchúram an Phríomh-Chigire freisin.

Le linn 2024, d'fhoilsigh HIQA trí thuarascáil shuntasacha maidir leis na réimsí sin: *15 Bliana de Rialáil Tithe Altranais 2009-2024; 10 mBliana de Rialáil Ionad Ainmnithe do Dhaoine faoi Mhíchumas 2013-2023; agus 10 mBliana de Rialáil agus Faireachán ar Sheirbhísí Cúraim Shóisialta Leanaí 2014-2024*. Léirítear leis na tuarascálacha sin an rannchuidiú ríthábhachtach atá déanta ag rialáil le forbairt na n-earnálacha sin. Sainaithnítear agus admhaítear iontu príomhghnóthachtálacha soláthraithe seirbhíse maidir le feabhas a chur ar cháilíocht an chúraim agus ar thorthaí dearfacha do dhaoine fásta agus do leanaí a bhaineann leas as seirbhísí cúraim shóisialta agus, ag an am céanna, leagtar amach na dúshláin reatha do gach earnáil.

Sa chuid seo den tuarascáil, tugtar achoimre ar na gníomhaíochtaí a rinne an Príomh-Chigire in 2024. Foilseoidh an Príomh-Chigire Seirbhísí Sóisialta tuarascáil forbhreathnaithe do gach réimse ar leithligh níos déanaí i mbliana ina gcuirfear faisnéis níos mionsonraithe ar fáil.




### Cigireachtaí in 2024

In 2024, rinne an Príomh-Chigire 1,929 cigireacht ar ionaid ainmnithe agus ar sheirbhísí do leanaí. Is imeachtaí ar an láthair iad cigireachtaí a tharlaíonn in ionaid agus i seirbhísí ainmnithe. Is féidir le cigirí athbhreithniú a dhéanamh freisin ar an bhfaisnéis uile faoi ionad nó seirbhís atá i seilbh an Phríomh-Chigire nó atá faighte aige.

Cuidíonn cigireachtaí leis an bPríomh-Chigire:

- Measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh rialachán agus/nó caighdeán ag am ar leith
- Guth a thabhairt do chónaitheoirí nó do leanaí atá ina gcónaí in ionad nó atá ag baint leasa as seirbhísí sóisialta faoi conas atá sé an tseirbhís a fháil
- An pobal a chur ar an eolas faoi cháilíocht na seirbhísí atá á gcur ar fáil
- Cinntí rialála leanúnacha a dhéanamh.

### Fáil Faisnéise

Gach bliain, faigheann an Príomh-Chigire méid suntasach faisnéise faoi ionaid agus seirbhísí ainmnithe. Déanaimid an fhaisnéis sin a chatagóiriú mar a leanas:

1. Faisnéis a iarradh: fógraí sonracha a bhfuil sé de dhualgas ar sholáthraithe a chur faoi bhráid an Phríomh-Chigire.
2. Faisnéis gan iarraidh: faisnéis nár iarradh ach a fuair an Príomh-Chigire ó bhaill den phobal nó ó dhaoine a úsáideann seirbhísí.

I ngach ceann de na codanna seo a leanas tugtar sonraí faoin bhfaisnéis a fuarthas i ndáil le gach cineál seirbhíse.

## 4.1.1 Rialú agus monatóireacht ar sheirbhísí do leanaí

Déanaimid monatóireacht agus cigireacht ar raon seirbhísí a sholáthraíonn soláthraithe reachtúla agus neamhreachtúla do leanaí. Is iad na seirbhísí sin:

- ionaid chónaithe do leanaí (reachtúil)
- cúram altrama (reachtúil agus neamhreachtúil)
- aonaid chúraim speisialta (ionaid ainmnithe)
- seirbhísí cosanta agus leasa leanaí (reachtúil)
- Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh.

Le linn 2024, rinneamar 47 cigireacht ar sheirbhísí do leanaí, lena n-áirítear:


- Rinneadh cigireacht ar 25 ionad chónaithe reachtúla do leanaí de réir na g*Caighdeán Náisiúnta d'Ionaid Chónaithe Leanaí* (2018). Dhírigh cigireachtaí ar chaighdeáin a bhaineann le ligean isteach, rialachas, sláinte, oideachas, cosaint, áitreabh, bainistíocht iompair agus rialachas faisnéise. Léirigh formhór na seirbhísí sin comhlíonadh maith leis na caighdeáin. Sainaithníodh rioscaí sonracha in ionaid aonair, ina raibh gá le feabhsuithe ar rialachas, ar sholáthar foirne agus ar chúram a chuirtear ar fáil do leanaí aonair. Ardaíodh na rioscaí sin go Tusla agus fuarthas freagairtí sásúla.
- Cur chuige soláthraithe géaraithe bunaithe ar riosca: Rinneadh cigireacht ar dheich réimse seirbhíse, ina raibh 25% nó níos mó de leanaí ag fanacht le seirbhísí cosanta agus leasa leanaí nó seirbhísí cúraim altrama ag deireadh 2023, mar chuid den chlár seo. D'fhorbair Tusla pleananna feabhsúcháin náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla chun an líon leanaí atá ag feitheamh ar sheirbhísí a laghdú agus chun comhlíonadh na gcaighdeán náisiúnta a fheabhsú. Rinne HIQA monatóireacht ar dhul chun cinn Tusla de réir na bpleananna sin ag cruinnithe míosúla, agus tugadh dul chun cinn faoi deara i líon suntasach réimsí seirbhíse. Foilsíodh tuarascáil forbhreathnaithe ar an gclár sin i mí Eanáir 2025, lenar áiríodh plean Tusla chun feabhsuithe breise a thiomáint, agus leanfar le monatóireacht leanúnach ar na seirbhísí sin in 2025.
- Críochnaíodh trí chigireacht bhreise ar sheirbhísí cosanta agus leasa leanaí Tusla freisin: bhí ceann amháin dírithe ar phróiseas Tusla maidir le mí-úsáid leanaí a chruthú agus an dara ceann ar an tSeirbhís Náisiúnta um Obair Shóisialta Lasmuigh d'Uaireanta Oibre. Críochnaíodh an tríú cigireacht chun dearbhuithe a tugadh maidir le líon na leanaí a bhí ag fanacht le seirbhís a bhailíochtú.
- Rinneadh trí ghnáthchigireacht monatóireachta ar sheirbhísí cúraim altrama Tusla i gceantair seirbhíse na Gaillimhe/Ros Comáin, Bhaile Átha Cliath Thuaidh agus sa tseirbhís Leanaí Scartha atá ag Lorg Cosanta Idirnáisiúnta.

- Rinneadh cúig chigireacht ar aonaid chúraim speisialta, agus rinneadh cigireacht ar ionad amháin trí huaire. Tríd is tríd, tugadh faoi deara dul chun cinn maith maidir le comhlíonadh agus athnuadh clárú na dtrí aonad ar feadh trí bliana eile. Is ábhar imní leanúnach don Phríomh-Chigire é an mhoill atá ar scaoileadh amach roinnt leanaí a bhfuil riachtanais chasta acu mar gheall ar an dúshlán a bhaineann le socrúcháin céim síos cuí a aimsiú.
- Rinneadh cigireacht bhliantúil fógartha amháin ar Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh a dhírigh ar an gcúram a chuirtear ar fáil do leanaí, cosaint leanaí, sláinte, oideachas, ullmhúchán chun cúram a fhágáil, bainistíocht agus maoirseacht foirne agus cleachtais shriantacha.

Fuair cigirí amach go bhfuil dúshláin fós ag Tusla maidir le hacmhainní i dtéarmaí foirne leordhóthanaí agus infhaighteacht raon cuí socrúchán cúraim mhalartaigh do leanaí. Bíonn tionchar ag na dúshláin sin ar chumas Tusla a chinntiú go mbíonn rochtain ag gach leanbh ar an tseirbhís cheart ag an am ceart dóibh.

### Fíor 1.


Líon cigireachtaí ar sheirbhísí leanaí de réir cineál cigireachta in 2024




**Déantar cigireachtaí ar chur chuige soláthraithe a thiomsú agus a fhoilsiú in aon tuarascáil amháin.*

### Fíor 2.

Céatadán cigireachtaí fógartha agus gan fógra ar sheirbhísí leanaí in 2024



## Fáil Faisnéise


### Faisnéis a iarradh

I rith 2024, fuaireamar:

- 25 fógra maidir le teagmhais thromchúiseacha lena n-áirítear bás leanaí faoi chúram Tusla, laghdú ó 29 fógra in 2023. Ceanglaítear ar Tusla fógra a thabhairt do HIQA maidir le básanna agus teagmhais thromchúiseacha a bhaineann le leanaí faoi chúram agus le leanaí atá ar eolas ag a sheirbhís cosanta agus leasa leanaí. Rinneadh measúnú agus rátáil riosca ar an bhfaisnéis uile a fuarthas agus úsáideadh é chun eolas a dhéanamh dár gclár monatóireachta.
- 56 tuairisc mhonatóireachta Tusla.
- 219 fógra ó aonaid chúraim speisialta lena n-áirítear: 153 fógra monatóireachta; 14 fhógra clárúcháin; agus 52 cinn eile.

**Fíor 3.**

Fógraí rialála a fuarthas in 2024 ó aonaid chúraim speisialta




### Faisnéis gan iarraidh

I rith 2024, fuaireamar 73 píosa aiseolais maidir le seirbhísí leanaí, laghdú 24% ar an líon a fuarthas in 2023. Díobh sin, bhain 44 le seirbhísí cosanta agus leasa leanaí, bhain 20 le cúram altrama, bhain ocht le seirbhísí cónaithe reachtúla do leanaí agus bhain ceann amháin le Campas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh. Déantar athbhreithniú agus rátáil riosca ar gach aiseolas agus, nuair is cuí, úsáidtear é chun eolas a dhéanamh do mhonatóireacht ar na seirbhísí do leanaí atá faoinár sainchúram.


## 4.1.2 Rialú lárionaid ainmnithe do dhaoine (daoine fásta agus leanaí) faoi mhíchumas

I rith 2024, fuarthas gur lean formhór na soláthraithe de bheith ag díriú ar chur chuige bunaithe ar chearta an duine i leith cúram agus tacaíochta i seirbhísí. Fuair ár gcigirí, i gcás inar ghlac soláthraithe an cur chuige sin, agus inar chuir siad feabhas ar scileanna a bhfoirne maidir le cearta an duine, gur léir gur bhain cónaitheoirí leas as sin agus gur cuireadh feabhas ar a saol. Thugamar faoi deara agus chualamar é sin le linn cigireachta ach freisin tríd an rannpháirtíocht a bhí againn le cónaitheoirí ag fóraim lasmuigh den phróiseas cigireachta.

Tríd is tríd, fuarthas go raibh leibhéil chomhlíonta feabhsaithe i gcomparáid le 2023.

**Fíor 4.**

Comhlíonadh foriomlán in ionaid ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas in 2024 i gcomparáid le 2023




### Ionaid ainmnithe chláraithe

Faoi dheireadh na bliana 2024, bhí 1,655 ionad ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas, ar glanmhéadú de 81 ionad é sin i gcomparáid le 2023. Chuir na hionaid sin 9,246 áit chónaithe ar fáil, rud a bhí ina glanmhéadú de 99 ar an mbliain roimhe sin. Díobh sin, bhí 1,490 ionad do dhaoine fásta, bhí 129 do leanaí go sonrach agus bhí 36 do mheascán de dhaoine fásta agus leanaí araon. De ghnáth b'ionaid faoisimh a bhí sna hionaid inar cuireadh cóiríocht ar fáil do dhaoine fásta agus do leanaí ag amanna éagsúla, nó ionaid ina raibh na cónaitheoirí ag aistriú go haosacht agus ar mhian leo fanacht ina gcónaí le chéile.

### Suíomhanna comhchónaithe

Ag deireadh 2024, bhí 2,111 áit chónaithe cláraithe i suíomhanna comhchónaithe i gcomparáid le 2,256 san iomlán ag deireadh 2023. Cé gur tháinig laghdú ar líon na gcónaitheoirí i suíomhanna comhchónaithe le linn 2024, tá thart ar 23% de líon iomlán na ndaoine faoi mhíchumas atá ina gcónaí in ionaid ainmnithe ina gcónaí i suíomhanna comhchónaithe.

Tháinig laghdú 145 ar líon na ndaoine faoi mhíchumas a bhí ina gcónaí i suíomhanna comhchónaithe le linn 2024 i gcomparáid le laghdú 23 in 2023.

In 2024, fuair cigirí arís go raibh torthaí níos fearr ag daoine a bhí ina gcónaí i suíomh pobail ná mar a bhí ag daoine a bhí ina gcónaí i suíomhanna comhchónaithe.


### Gníomhaíocht cigireachta agus freagairt rialála

Le linn 2024, chuir cigirí 1,042 cigireacht i gcrích ar ionaid do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear 25 cigireacht a dhírigh go sonrach ar chosaint daoine fásta agus ceithre cinn ar chleachtas sriantach.

Féadtar cigireachtaí a bheith fógartha, a bheith gan fógra nó a bheith fógartha ar gearrfhógra agus féadfar iad a dhéanamh ag am ar bith den lá nó den oíche. As na 1,042 cigireacht a cuireadh i gcrích, fógraíodh 50%, fógraíodh 11% ar gearrfhógra agus bhí an 39% eile gan fógra. Bhain an méadú ar chigireachtaí fógartha le hathnuachan clárúchán, a bhí, in 2024, ar an leibhéal is airde go dtí seo.

### Fíor 5.


Céatadán cigireachtaí fógartha agus gan fógra ar ionaid ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas a rinneadh in 2024




Rinneadh cigireacht amháin ar fhormhór na n-ionad (869) ar tugadh cuairt orthu in 2024. Léiríonn sé sin go raibh leibhéal maith comhlíonta acu agus, sa chás go raibh siad neamhchomhlíontach, gur fhreagair an soláthraí go cuí. Agus tagairt shonrach á déanamh d'ionaid neamhchomhlíontacha, bhí dhá chigireacht ag teastáil i 69 ionad chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh, agus bhí trí chigireacht leantacha nó níos mó ag teastáil i 11 ionad.

### Fíor 6.

Céatadán cuairteanna cigireachta in aghaidh an ionaid a ndearnadh cigireacht orthu in 2024





## Fáil Faisnéise

### Faisnéis a iarradh

Le linn 2024, fuarthas 32,415 fógra maidir le seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.

**Fíor 7.**

Fógraí rialála a fuarthas ó sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas in 2024




### Faisnéis gan iarraidh

Le linn 2024, fuair an Príomh-Chigire 348 píosa aiseolais a bhain le hionaid ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas, méadú 6% ar an líon a fuarthas in 2023.

## Forfheidhmiú rialála

Cé gur aimsíomar leibhéil feabhsaithe comhlíontachta in 2024, bhí orainn dul i mbun géarú agus forfheidhmiúcháin i rith na bliana chun iallach a chur ar roinnt soláthraithe feabhsuithe a dhéanamh ar cháilíocht na tacaíochta do chónaitheoirí ina n-ionaid.

In 2024, mar thoradh ar thorthaí neamhchomhlíontacha le linn cigireachta, eisíodh 18 litir rabhaidh chuig soláthraithe. Is é cuspóir na litreacha sin rabhadh a thabhairt do sholáthraithe go bhféadfadh mainneachtain maidir leis na rialacháin a chomhlíonadh agus athrú a chur i bhfeidhm a bheith ina chúis le breithniú ar chlárú a n-ionad a chealú, ionchúiseamh a dhéanamh nó coinníollacha breise a chur leis mar a leagtar amach faoin Acht Sláinte, 2007 (arna leasú).

Faoi dheireadh 2024, bhí 28 fógra togra eisithe againn chun clárú a chealú (20) nó athnuachan cláraithe ionaid a dhiúltú (8). Leis an Acht, tugtar 28 lá do sholáthraithe chun aighneachtaí a dhéanamh mar fhreagairt ar na fógraí sin. Fuair an Príomh-Chigire aighneachtaí a bhain leis na hionaid sin. I gcúig cinn de na hionaid sin, theip ar sholáthraithe feabhsuithe leordhóthanacha a chur i bhfeidhm maidir le sábháilteacht agus folláine na gcónaitheoirí. Cuireadh clárú na n-ionad sin ar ceal, agus ghlac FSS a n-oibriú ar láimh. Tá achomharc déanta ag soláthraí amháin i gcoinne chinneadh an Phríomh-Chigire.

I gcás ina bhfuil riosca ann maidir le clárú roinnt ionad laistigh d’eagraíocht soláthraithe, féadfaidh an Príomh-Chigire clár rialála géaraithe a dhéanamh chun díriú ar fheabhsuithe a thiomáint i rialachas agus i mbainistíocht na n-eagraíochtaí sin. In 2024, tháinig deireadh le cláir den sórt sin maidir leis an bhFondúireacht COPE agus Ability West. Thuairiscigh cigirí feabhas ar shocruithe rialachais agus torthaí níos fearr do chónaitheoirí mar thoradh ar an gclár agus leanfaimid orainn ag déanamh monatóireachta ar na hionaid chun a chinntiú go gcoimeádtar na feabhsuithe. D’iarr Western Care Association síneadh a chur lena gclár le linn 2024, agus comhaontaíodh é sin mar gur léirigh an eagraíocht dul chun cinn i dtreo feabhsuithe a bhaint amach. Leanfaidh cigirí orthu ag déanamh monatóireachta ar phlean feabhsúcháin an tsoláthraí in 2025.

I ndiaidh drochleibhéil chomhlíonta a raibh tionchar acu ar cháilíocht beatha chónaitheoirí i raon de sheirbhísí Sunbeam House Services CLG, cuireadh tús le clár rialála géaraithe a dhírigh ar rialachas agus bainistíocht leis an soláthraí sin i mí Iúil 2024. Déanfaidh cigirí monatóireacht ar éifeachtacht phlean feabhsúcháin an tsoláthraí le linn 2025.

### 4.1.3 Rialáil ionaid ainmnithe do dhaoine scothaosta

Le linn 2024, lean cigirí seirbhísí sóisialta orthu cigireacht agus rialáil a dhéanamh ar ionaid ainmnithe do dhaoine scothaosta, ar a dtugtar tithe altranais go coitianta. An 31 Nollaig 2024, bhí 548 ionad ainmnithe cláraithe do dhaoine scothaosta ann, agus 32,370 leaba chláraithe á soláthar acu. Léiríonn sé sin laghdú de cúig cinn ar líon na dtithe altranais ó dheireadh 2023; mar sin féin, tháinig méadú 156 ar ghlanlíon na leapacha cláraithe.

Tháinig leapacha nua i dtithe altranais chun a bheith ar fáil trí chlárú sé theach altranais nua agus síntí i 28 teach altranais. Chuir tithe altranais nua 443 leaba nua ar fáil, agus cuireadh 385 leaba eile ar fáil trí shíntí ar thithe altranais a bhí ann cheana.

Bhí tionchar ag dúnadh tithe altranais nó laghdú ar leapacha i dteach altranais atá ann cheana féin ar líon na leapacha cláraithe i dtithe altranais freisin. In 2024, tháinig laghdú 672 ar acmhainn leapacha i dtithe altranais mar gheall ar dhúnadh ionaid nó laghdú ar líon na leapacha in ionad.

- Dhún sé theach altranais ar bhonn deonach, tar éis dóibh fógra a thabhairt don Phríomh-Chigire faoina rún scor d'oibriú an ionaid agus é a dhúnadh.
- Dhún ceithre ionad ainmnithe tar éis a gclárú a chealú[2] de bhun alt 51 den Acht Sláinte, 2007 (arna leasú).
- Laghdaíodh líon na leapacha a bhí ar fáil i 37 teach altranais a bhí ann cheana féin.

Tá tithe altranais faoi úinéireacht agus á n-oibriú ag roinnt eintiteas dlíthiúil, lena n-áirítear:

- FSS
- Comhlachtaí arna maoiniú ag FSS faoi ailt 38 agus 39 den Acht Sláinte, 2004
- Soláthraithe príobháideacha.

**Tábla 1.**

Próifíl úinéireachta tithe altranais an 31 Nollaig 2024

| Cineál Soláthraí | Líon Ionad | Líon Leapacha |
|---|---|---|
| Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Poiblí) | 1143 (20.8%) | 5,2794 (16.3%) |
| Comhlachtaí arna maoiniú ag FSS faoi Ailt 38 agus 39 den Acht Sláinte, 2004 | 19 (3.5%) | 1,075 (3.3%) |
| Soláthraithe Príobháideacha | 415 (75.7%) | 26,016 (80.4%) |
| **Iomlán** | **548** | **32,370** |


2 Cuireadh clárú ceann amháin de na hionaid sin ar ceal in 2023, agus cuireadh clárú na dtrí cinn eile ar ceal in 2024.

3 Áirítear leis an bhfigiúr sin ceithre ionad ainmnithe do dhaoine scothaosta atá á n-oibriú ag FSS de bhun alt 64 den Acht Sláinte, 2007 (arna leasú). Bhí na hionaid ainmnithe sin á n-oibriú ag soláthraí cláraithe príobháideach roimhe seo, agus cuireadh a gclárú ar ceal de bhun alt 51 nó alt 59 den Acht Sláinte, 2007 (arna leasú).

4 Mar atá thuas.

**Fíor 8.**

Raon méide na dtithe altranais an 31 Nollaig 2024





## Cigireacht

In 2024, rinneamar 840 cigireacht ar thithe altranais. Féadfaidh cigire amháin nó níos mó cigireacht a dhéanamh thar thréimhse lá amháin nó níos mó. D'fhéadfadh sé sin a bheith ag brath ar mhéid an ionaid ainmnithe nó ar stair an chomhlíonta rialála. Thóg na 840 cigireacht a cuireadh i gcrích in 2024 1,407 lá cigireachta.

Féadfaidh cigireachtaí a bheith gan fógra, fógartha nó fógartha ar gearrfhógra agus féadfaidh siad tarlú ag am ar bith den lá nó den oíche. Bhí formhór na gcigireachtaí (84.2%) gan fógra, agus fógraíodh faoi bhun 1% de na cigireachtaí ar gearrfhógra. Nuair a fhógraítear cigireacht ar gearrfhógra, cuirfear an soláthraí cláraithe ar an eolas faoin gcigireacht 72 uair an chloig roimh ré. Ba chigireachtaí fógartha iad 15% de na cigireachtaí a cuireadh i gcrích in 2024.

**Fíor 9.**

Cigireachtaí fógartha, ar gearrfhógra agus gan fógra ar thithe altranais a rinneadh in 2024




In 2024, rinneadh cigireacht uair amháin ar a laghad ar gach teach altranais cláraithe, agus rinneadh dhá chigireacht ar roinnt acu. Bhí trí chigireacht nó níos mó ag teastáil i gcás líon beag tithe altranais, rud a léiríonn imní thromchúiseach maidir le cúram agus leas na gcónaitheoirí agus neamhchomhlíonadh rialála.

**Tábla 2.**

Líon cigireachtaí in aghaidh an tí altranais in 2024

| Líon Cigireachtaí in 2024 | Líon Ionad |
|---|---|
| 1 chigireacht | 319 ionad |
| 2 chigireacht | 201 ionad |
| 3 chigireacht | 30 ionad |
| 4 chigireacht | 4 ionad |
| 9 gcigireacht | 1 ionad |


## Fáil Faisnéise

### Faisnéis a iarradh

In 2024, fuaireamar breis is 21,800 fógra maidir le hionaid ainmnithe do dhaoine scothaosta.

**Fíor 10.**

Fógraí rialála a fuarthas ó thithe altranais in 2024




### Faisnéis gan iarraidh

Le linn 2024, fuarthas 1,021 píosa faisnéise gan iarraidh i ndáil le tithe altranais. Léiríonn sé sin laghdú de 8% i gcomparáid le 2023.

## Forfheidhmiú rialála

Díreach mar a tharla anuraidh, bhí géarú suntasach ar ghníomhaíocht rialála i rith 2024 mar gheall ar imní thromchúiseach faoi chúram agus leas na gcónaitheoirí agus neamhchomhlíonadh na rialachán.

Is féidir coinníoll sriantach clárúcháin a cheangal le clárú ionaid ainmnithe i gcás ina bhfuil imní ann maidir le cúram agus leas cónaitheoirí nó mar gheall ar neamhchomhlíonadh na rialachán. An 31 Nollaig 2024, bhí 148 coinníoll sriantach ceangailte le clárú 120 teach altranais.

Féadfaidh coinníoll sriantach a cheangal ar sholáthraí cláraithe gníomhartha áirithe a dhéanamh chun comhlíonadh a bhaint amach nó féadfaidh sé cosc a chur ar an soláthraí cláraithe gníomh a dhéanamh, amhail cónaitheoirí nua a ligean isteach, go dtí go mbainfear comhlíonadh amach.

Féadfaidh an Príomh-Chigire cinneadh a dhéanamh diúltú do chlárú tí altranais a athnuachan nó do chlárú tí altranais a chealú nuair nach gcinntítear cúram agus leas na gcónaitheoirí le cinntí rialála géaraithe eile. Is rogha dheireanach é an gníomh sin agus ní dhéantar é ach amháin tar éis rannpháirtíocht rialála shuntasach leis an soláthraí cláraithe, agus i gcás nár tugadh aghaidh i gceart ar an neamhchomhlíonadh rialála chun sábháilteacht na gcónaitheoirí atá ina gcónaí san ionad ainmnithe a chinntiú. Le linn 2024:

- Bhí cinneadh amháin i bhfeidhm maidir le diúltú do sholáthraí beartaithe nua teach altranais atá ann cheana a chlárú.
- Bhí fógra amháin maidir le cinneadh diúltú do chlárú a athnuachan faoi achomharc sa Chúirt Dúiche.
- Cuireadh clárú seacht dteach altranais ar ceal de bhun alt 51 den Acht Sláinte, 2007 (arna leasú). Tá trí cinn de na hionaid ainmnithe sin dúnta, agus tá na ceithre cinn eile á n-oibriú ag FSS de bhun alt 64 den Acht Sláinte, 2007 (arna leasú) mar a leagtar amach thíos.
- Rinne an Príomh-Chigire iarratas amháin chuig an gCúirt Dúiche chun clárú tí altranais a chealú. Dheonaigh an chúirt an t-iarratas sin agus cuireadh clárú an ionaid ainmnithe ar ceal ón 28 Meitheamh 2024.

Nuair a chuirtear clárú ionaid ainmnithe ar ceal agus nuair a bhíonn cónaitheoirí ina gcónaí sa teach altranais, ceanglaítear ar FSS cúram an ionaid ainmnithe a ghlacadh de bhun alt 64 den Acht Sláinte, 2007. An 31 Nollaig 2024, bhí ceithre theach altranais á n-oibriú ag FSS de bhun alt 64, tar éis a gclárú a chealú de bhun alt 51 nó alt 59 den Acht Sláinte, 2007.

### 4.1.4 Athruithe reachtacha

Síníodh roinnt athruithe reachtacha ina ndlí le linn 2024 a raibh tionchar acu ar shainchúram an Phríomh-Chigire.

#### An tAcht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha) (Uimh. 2), 2024

Síníodh an tAcht sin ina dhlí an 17 Iúil 2024 agus tháinig sé i bhfeidhm an 23 Meán Fómhair 2024. Leasaíodh an tAcht Sláinte, 2007 leis chun cumhachtaí a athrú agus cinn nua a chur leis don Phríomh-Chigire Seirbhísí Sóisialta. Áiríodh leis na hathruithe sin:

- Feidhm nua don Phríomh-Chigire chun faisnéis a bhailiú agus a choinneáil ar bun i ndáil le hionaid ainmnithe áirithe. Leagfar amach i rialacháin [atá le déanamh ag an Aire Sláinte] an cineál faisnéise a bhaileofar agus an chaoi a mbaileofar an fhaisnéis sin, agus táthar ag fanacht leo faoi láthair.
- Athruithe chun ligean don Phríomh-Chigire coinníoll clárúcháin a bhaint, agus frámaí ama laghdaithe a dtiocfaidh cinntí clárúcháin i bhfeidhm laistigh díobh.
- Cumhachtaí cigireachta a leathnú chun áitribh nach ionaid ainmnithe cláraithe iad a chumhdach.

### An tAcht um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Infhógartha agus Nochtadh Oscailte), 2023

Síníodh an tAcht seo ina dhlí an 2 Bealtaine 2023 agus tháinig sé i bhfeidhm an 26 Meán Fómhair 2024. Ceanglaítear leis an Acht ar sholáthraithe cláraithe ar soláthraithe seirbhísí sláinte iad de réir bhrí an Achta sin fógra a thabhairt don Phríomh-Chigire nuair a tharlaíonn teagmhas infhógartha mar atá forordaithe san Acht sin. Tá na fógraí sin sa bhreis ar na fógraí reachtúla a cheanglaítear a chur isteach faoi rialacháin an Achta Sláinte, 2007. Le haghaidh tuilleadh eolais faoin Acht, féach Cuid 4.2 den tuarascáil seo.

### Rialúcháin um an Acht Sláinte 2007 (Cúram agus Leas Cónaitheoirí in Ionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta ), 2025

Shínigh an tAire Sláinte rialacháin bhreise an 6 Samhain 2024 chun Rialacháin an Achta Sláinte 2007 (Cúram agus Leas Cónaitheoirí in Ionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta), 2013 a leasú. Áirítear leis na leasuithe raon ceanglas nua do sholáthraithe agus feabhsuithe ar na ceanglais reatha. Forbraíodh na hathruithe i gcomhairle le páirtithe leasmhara tábhachtacha amhail HIQA agus grúpaí a dhéanann ionadaíocht ar an earnáil tithe altranais. Tiocfaidh na leasuithe i bhfeidhm an 31 Márta 2025 chun am a thabhairt do HIQA agus do sholáthraithe cláraithe athruithe a dhéanamh de réir mar is gá chun na rialacháin leasaithe a chomhlíonadh.

## 4.1.5 Taighde rialála agus feabhsú cáilíochta

Cuireann taighde rialála ar bhealach dearfach le rialáil seirbhísí, agus méadaíonn sí eolas ar chúram sóisialta agus spreagtar feabhsuithe cáilíochta. I rith 2024, lean an Príomh-Chigire de bheith ag cur le taighde rialála laistigh den chúram sóisialta trí fhoilseacháin acadúla i réimsí amhail dea-chleachtas maidir le soláthar cúraim do dhaoine a bhfuil an néaltrú orthu i dtithe altranais, cur chuige bunaithe ar chearta an duine chun déileáil le teagmhais dhíobhálacha i saoráidí cúraim chónaithe agus tionchar na rialála ar cháilíocht an chúraim i dtithe altranais in Éirinn.

In 2024, leanamar orainn ag díriú ar fheabhsú leanúnach. Áiríodh leis na tionscadail athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar chreataí breithiúnais measúnaithe agus ar threoirlínte measúnaithe ionad ainmnithe do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas. Sheolamar próiseas cigireachta nua freisin a dhíríonn ar chosaint i dtithe altranais agus in ionaid do dhaoine faoi mhíchumas. Chun tacú leis an gclár nua sin, d'fhorbraíomar creat breithiúnais measúnaithe nua maidir le cosc agus rialú ionfhabhtaithe agus reáchtálamar sraith seimineár gréasáin do sholáthraithe agus d'fhoireann ionad chun foghlaim faoin gcaoi le feabhas a chur ar chleachtais chosanta.

### Foclóir do Sheirbhísí Sóisialta

I mí Aibreáin, sheol an Príomh-Chigire an Foclóir do Sheirbhísí Sóisialta. Forbraíodh an foclóir le cabhair ó shaineolaithe ó ghrúpa fócais ina raibh daoine a úsáideann seirbhísí, acadóirí, soláthraithe seirbhísí, foireann rialála agus grúpaí abhcóideachta. Tá sé mar aidhm aige téarmaí a úsáidtear san earnáil cúraim shóisialta a chaighdeánú, rud a chabhróidh le hearráidí cumarsáide a theorannú agus a ligfidh do bhailiú níos cuimsithí sonraí chun críoch taighde agus iniúchóireachta. Beidh an foclóir ina threoir do gach duine a úsáideann cúram sóisialta, a oibríonn ann nó a bhfuil suim acu ann chun an teanga a úsáidtear sna suíomhanna sin a fhoghlaim agus a thuiscint níos fearr. Is féidir an foclóir a fháil ar www.hiqa.ie.

# 4.2 Monatóireacht ar sheirbhísí cúraim sláinte agus iad a rialú

Faoin Acht Sláinte, 2007 (arna leasú), tá roinnt freagrachtaí ar HIQA maidir le seirbhísí cúraim sláinte. Déanaimid:

- monatóireacht ar chomhlíonadh ospidéil ghéarmhíochaine phoiblí agus seirbhísí athshlánúcháin agus cúraim sláinte pobail de réir caighdeáin náisiúnta chun feabhas a chur ar cháilíocht an chúraim do dhaoine a úsáideann na seirbhísí sin.
- imscrúduithe nó athbhreithnithe reachtúla ar sheirbhísí ina bhfuil imní thromchúiseach féideartha maidir le sábháilteacht othar a mbeadh tionchar acu ar shláinte agus ar leas othar.
- rialáil ar nochtadh míochaine do radaíocht ianúcháin5
- monatóireacht ar sheirbhísí ospidéil phríobháideacha agus faighimid fógraí éigeantacha ó sholáthraithe seirbhísí sláinte tar éis thosach feidhme an Achta um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Infhógartha agus Nochtadh Oscailte), 2023.

Ina theannta sin, thosaigh HIQA ar chigireachtaí a dhéanamh ar ionaid chóiríochta do dhaoine atá ag lorg cosaint idirnáisiúnta in Éirinn de réir na *gCaighdeán Náisiúnta maidir le cóiríocht a thairgtear do dhaoine sa phróiseas cosanta* (2019) in 2024.

## 4.2.1 Gníomhaíochtaí rialaithe agus monatóireachta cúraim sláinte

### Gníomhaíocht cigireachta cúraim sláinte

In 2024, leanamar orainn le monatóireacht a dhéanamh ar ospidéil ghéarmhíochaine phoiblí agus ar sheirbhísí cúraim sláinte pobail de réir na *gCaighdeán Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte Níos Fearr*, lena n-áirítear ranna éigeandála.

Déanann an clár monatóireachta seo iniúchadh de réir croí-mheasúnú de 11 chaighdeán náisiúnta lena ndírítear ar cheithre phríomhréimse díobhála: cosc agus rialú ionfhabhtuithe, sábháilteacht cógais, an t-othar atá ag dul in olcas agus aistrithe cúraim. Labhraíonn cigirí freisin le hothair chun foghlaim óna dtaithí saoil ar an tseirbhís cúraim sláinte mar chuid den phróiseas cigireachta.

In 2024, rinne HIQA 40 cigireacht faoin gclár seo. Ina measc bhí:

- Fiche cigireacht ar ospidéil níos mó de shamhail 36 agus samhail 47 a raibh roinn éigeandála acu
- Ceithre chigireacht ar ospidéil speisialaithe, mar shampla ortaipéideach, súl agus cluas
- Trí chigireacht ar ospidéil shamhail 28 nach bhfuil roinn éigeandála acu
- Dhá chigireacht déag ar sheirbhísí athshlánúcháin agus cúraim sláinte pobail d'othair chónaitheacha

  An chéad chigireacht ar chomhlíonadh ospidéil phríobháidigh de réir na *gCaighdeán Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte Níos Fearr*.

5 Ciallaíonn nochtadh míochaine nochtadh radaíochta a fhaigheann othair nó daoine aonair eile mar chuid dá ndiagnóis nó cóireáil leighis nó fiaclóireachta féin amhail X-ghathanna, radaiteiripe agus mar sin de.

6 Glacann ospidéil shamhail 3 le hothair ghéarmhíochaine neamhdhifreáilte, soláthraíonn siad máinliacht ghéarmhíochaine, leighis ghéarmhíochaine agus cúram criticiúil 24/7.

7 Is ospidéil threasacha iad ospidéil shamhail 4 agus tá siad cosúil le hospidéil shamhail 3 ach soláthraíonn siad cúram treasach freisin agus, i suíomhanna áirithe, cúram for-réigiúnach.

8 Féadann ospidéil shamhail 2 formhór na gníomhaíochta ospidéil a sholáthar, lena n-áirítear obráid lae sínte, leigheas géarmhíochaine roghnaithe, cóireáil gortuithe áitiúla, leigheas athshlánúcháin speisialaithe agus cúram maolaitheach mar aon le raon leathan seirbhísí diagnóiseacha lena n-áirítear ionscópacht, leigheas saotharlainne, tástáil ag an láthair cúraim agus tomagrafaíocht ríomhairithe (CT) raideolaíochta, ultrafhuaim agus X-gha scannáin shimplí.

### An tAcht um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Infhógartha agus Nochtadh Oscailte), 2023

Tháinig an tAcht um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Infhógartha agus Nochtadh Oscailte), 2023 i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2024. Foráiltear leis an reachtaíocht seo do nochtadh oscailte éigeantach ag soláthraithe seirbhísí sláinte maidir le teagmhais áirithe a tharlaíonn le linn cúram sláinte d'othair agus dá dteaghlaigh. Ó thosach feidhme an Achta, tá ceanglas éigeantach freisin ar sholáthraithe seirbhísí sláinte fógra a thabhairt do HIQA (nó do rialtóirí ábhartha eile) nuair a tharlaíonn teagmhas infhógartha mar atá forordaithe san Acht. In 2024, fuair HIQA 32 teagmhas infhógartha ó sholáthraithe seirbhísí sláinte mar thoradh ar an reachtaíocht seo.

Ina theannta sin, leis an reachtaíocht nua seo, tá cur i bhfeidhm na gcaighdeán atá leagtha síos ag HIQA leathnaithe chun ospidéil phríobháideacha a chumhdach, agus leathnaíodh ár ról monatóireachta chun na seirbhísí sin a chumhdach freisin. Mar thoradh air sin, déanann HIQA monatóireacht ar 22 ospidéal breise anois, rud a fhágann go bhfuil 117 ospidéal poiblí agus príobháideach faoinár gcúram san iomlán. Chun tacú leis an ról nua seo, chuamar i mbun oibre le hospidéil phríobháideacha agus d'fhoilsíomar sraith treorach rialála a bhí riachtanach chun tacú le leathnú cigireachtaí chun ospidéil phríobháideacha a chumhdach agus chun tacú le fógraí faoi theagmhais. Chun tacú le hoiriúnú chur chuige monatóireachta HIQA de réir na *gCaighdeán Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte Níos Fearr* (2024), arna leasú, tá ábhar ábhartha monatóireachta cúraim sláinte nuashonraithe againn ar ár suíomh gréasáin, lena n-áirítear treoir do sholáthraithe seirbhísí sláinte, creat breithiúnais measúnaithe, uirlis fhéinmheasúnaithe agus treoir maidir le cigireachtaí cúraim sláinte.

### Nochtadh míochaine do radaíocht ianúcháin

Is é HIQA an t-údarás inniúil in Éirinn atá freagrach as cigireacht agus forfheidhmiú a dhéanamh de réir Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Caighdeáin Bhunúsacha Sábháilteachta don Chosaint i gCoinne na Contúirte a Eascraíonn as Nochtadh Míochaine do Radaíocht Ianúcháin) arna leasú in Éirinn.

Faoi láthair, tá HIQA freagrach as rialú a dhéanamh ar 1,422 saoráid raideolaíoch leighis in Éirinn a dhéanann nochtadh míochaine don radaíocht ianúcháin. Ina measc tá raon seirbhísí ó ospidéil ghéarmhíochaine mhóra a sheachadann ilchineálacha gnáthaimh leighis raideolaíocha, go cleachtais fhiaclóireachta bheaga. Úsáideann HIQA cur chuige bunaithe ar riosca i leith rialála; ciallaíonn sé sin go gcuirimid ár ngníomhaíochtaí in ord tosaíochta bunaithe ar mheasúnú ar leibhéal an riosca i ngnóthais.

In 2024, rinneamar 54 cigireacht sa réimse sin. Ó cuireadh tús leis an gclár rialála, lean HIQA de bheith ag déanamh monatóireachta ar sheirbhísí fiaclóireachta trí cheistneoirí féinmheasúnaithe a fháil agus measúnú a dhéanamh orthu agus trí chigireachtaí a dhéanamh nuair is gá.

Le linn na bliana, fuarthas 250 fógra riaracháin i ndáil le nochtadh míochaine do radaíocht ianúcháin. Bhí athruithe ar shonraí seirbhíse, dearbhuithe ó ghnóthais nua agus iarrataí chun rochtain a fháil ar thairseach soláthraithe ar líne HIQA san áireamh. Fuaireamar 145 fógra freisin maidir le nochtadh de thaisme agus neamhbheartaithe do radaíocht ianúcháin. Rinneadh measúnú ar na fógraí sin agus ar thuarascálacha leantacha ina dhiaidh sin agus úsáideadh iad mar bhonn eolais don chlár rialála.

### Seirbhís Chomhtháite um Athbhreithniú Rialála (IRRS) na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA) Misean HIQA mar rialtóir ar nochtadh míochaine

Tá tús curtha ag HIQA le hullmhúcháin do Mhisean na hÉireann den tSeirbhís Chomhtháite um Athbhreithniú Rialála (IRRS) de chuid na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA) go luath in 2026. Déanann IAEA comhordú ar IRRS i Vín, áit a ndéanann sé athbhreithniú piaraí ar phróisis rialála na mBallstát chun sábháilteacht radaíochta a chur chun cinn. Bunaíodh Coiste Maoirseachta Náisiúnta IRRS chun clocha míle tábhachtacha a bhainistiú i bpleanáil agus in ullmhúchán don mhisean, agus is príomhchomhalta rannpháirteach de sin é HIQA.

## Athbhreithniú reachtúil neamhspleách ar rialachas agus maoirseacht próiseas d'ionchlannáin mháinliachta i Sláinte Leanaí Éireann

I mí na Samhna 2023, tar éis iarraidh a fháil ón Aire Sláinte, chuireamar tús le hathbhreithniú reachtúil neamhspleách ar rialachas agus maoirseacht próiseas laistigh de Shláinte Leanaí Éireann (CHI) maidir le húsáid ionchlannáin mháinliachta (feistí leighis in-ionchlannaithe), lena n-áirítear fócas ar úsáid ionchlannáin sprionga neamh-CE le linn obráid dromlaigh in CHI i Sráid an Teampaill, Baile Átha Cliath. Rinneadh an t-athbhreithniú i gcomhréir lenár gcumhachtaí faoi alt 8(1)(c) den Acht Sláinte, 2007.

Rinne HIQA an t-athbhreithniú in 2024, lena n-áirítear measúnú ar chomhlíonadh ag CHI agus CHI Shráid an Teampaill de réir na *gCaighdeán Náisiúnta ábhartha um Chúram Sláinte Níos Sábháilte Níos Fearr*. Críochnófar an t-athbhreithniú sin le foilsiú tuarascála go luath in 2025, ina ndéanfar moltaí maidir le cur chun feidhme ag soláthraithe seirbhíse.


## Príomhfhoilseacháin agus torthaí nó aschuir ghaolmhara

### An Tuarascáil Náisiúnta ar an Dáileog Radaíochta Ianúcháin

I gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), d'fhoilsíomar measúnú ar na dáileoga radaíochta meánacha a fuair daonra na hÉireann in 2024. Sa *Tuarascáil Náisiúnta ar an Dáileog Radaíochta Ianúcháin* rinneadh measúnú ar an nochtadh do radaíocht le cúig bliana anuas a fuarthas ón aer a análaímid, nochtaí leighis, ár n-aiste bia, agus nochtaí do radaíocht inár dtimpeallacht. Is nuashonrú é seo ar mheasúnú ó 2014, agus fuarthas sa mheasúnú reatha go bhfuil an mheándáileog fós mar an gcéanna leis an méid a fuarthas deich mbliana ó shin. Fuarthas leis an measúnú go bhféadfaidh nochtadh míochaine ann féin a bheith ina chúis le beagán os cionn 10% de nochtadh nó dáileog iomlán duine.

Meastar an méid dáileoige ó nochtadh míochaine den chuid is mó ó shuirbhéanna arna n-eisiúint ag HIQA chuig seirbhísí sláinte a sholáthraíonn nochtaí míochaine. Ba é scanadh CT (tomagrafaíocht ríomhairithe) an rud ba mhó a chuir leis an meándáileog bhliantúil ó nochtadh míochaine. Is féidir an tuarascáil iomlán a léamh ar www.hiqa.ie.

### Téarmaí tagartha le haghaidh athbhreithniú ar chúram práinneach agus éigeandála i réigiún an iarthair láir




Tar éis iarraidh a fháil ón Aire Sláinte, chuireamar tús le hathbhreithniú reachtúil neamhspleách in 2024 chun eolas a dhéanamh maidir le cúram práinneach agus éigeandála sábháilte agus ardchaighdeáin a sholáthar i réigiún iarthar láir na hÉireann. D'fhoilsigh HIQA téarmaí tagartha don athbhreithniú i mí Lúnasa 2024.

Forbraíodh na téarmaí tagartha i gcomhréir lenár gcumhachtaí faoi alt 8(1)(e) den Acht Sláinte, 2007. Áireofar leis an athbhreithniú meastóireacht ar an mbonn fianaise agus ar phríomhfhachtóirí chun eolas a dhéanamh do chinnteoireacht maidir le dearadh agus seachadadh seirbhísí cúraim sláinte phráinnigh agus éigeandála, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar an gcás le haghaidh an dara roinn éigeandála laistigh den réigiún.

Tar éis an t-athbhreithniú a bheith críochnaithe, cuirfear tuarascáil ar na torthaí agus na moltaí ar fáil don Aire Sláinte le linn an tsamhraidh de 2025.

## Fáil Faisnéise


I rith na bliana, fuaireamar faisnéis a úsáideadh chun tuilleadh faisnéise agus tacaíochta a thabhairt dár ngníomhaíochtaí monatóireachta ar sheirbhísí cúraim sláinte.

### Faisnéis gan iarraidh

I rith 2024, fuair HIQA 327 píosa faisnéise gan iarraidh faoi sheirbhísí cúraim sláinte faoinár sainchúram.

**Fíor 11.**


Faisnéis gan iarraidh ar sheirbhísí cúraim sláinte faighte in aghaidh na míosa in 2024




As na 327 píosa aiseolais a fuarthas in 2024, bhain 291 (89%) le hospidéil ghéarmhíochaine agus pobail, bhain 17 (5%) le nochtadh míochaine do radaíocht ianúcháin agus bhain 17 (5%) eile le hionaid bhuana de chuid na Seirbhíse Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta (SCCI). Bhain an dá cheann dheireanacha le saoráid9 chúraim sláinte phríobháideach.

**Fíor 12.**

Miondealú ar fhaisnéis gan iarraidh a fuarthas in 2024 de réir cineál seirbhíse




Úsáideann HIQA an fhaisnéis sin chun measúnú agus grádú riosca a dhéanamh ar na seirbhísí sin, agus chun ligean d'obair leantach chuí agus eolas a dhéanamh don mhonatóireacht ar na seirbhísí sin.

9 Ó síníodh an tAcht um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Infhógartha agus Nochtadh Oscailte), 2023 ina dhlí an 26 Meán Fómhair 2024, tá ospidéil phríobháideacha mar a shainmhínítear san Acht iad faoi raon feidhme rialála HIQA anois.

### 4.2.2 Monatóireacht ar Ionaid Sheirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta (SCCI)

An 9 Eanáir 2024, faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Coinníollacha Glactha) (Leasaithe), 2023, ghlac HIQA leis an bhfeidhm nua maidir le monatóireacht agus cigireacht a dhéanamh ar ionaid chóiríochta do dhaoine atá ag lorg cosaint idirnáisiúnta in Éirinn, de réir na *gCaighdeán Náisiúnta maidir le cóiríocht a thairgtear do dhaoine sa phróiseas cosanta* (2019). Seo an chéad uair atá na hionaid sin faoi réir monatóireachta agus cigireachta ag comhlacht neamhspleách agus is cloch mhíle shuntasach í do dhaoine atá ag lorg cosaint idirnáisiúnta in Éirinn.

### Ionaid chóiríochta

In 2024, ba é freagracht an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige í áitreabh a ainmniú mar ionad cóiríochta a thagann faoi chúram HIQA.

In 2024, tugadh fógra do HIQA faoi 51 ionad cóiríochta den sórt sin a bheith ann. Bhí seacht gcinn de na hionaid chóiríochta sin ag feidhmiú ó áitreabh faoi úinéireacht stáit agus b'ionaid réadmhaoine tráchtála faoi úinéireacht soláthraithe príobháideacha iad na 44 eile.

Le linn 2024, bhí líon na n-ionad a tháinig faoi chúram HIQA suas agus síos, rud a léiríonn athruithe ar shocruithe conarthacha idir an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus soláthraithe seirbhíse.

Ag deireadh na bliana, bhí HIQA freagrach as monatóireacht agus cigireacht a dhéanamh ar 45 ionad cóiríochta, laghdú sé cinn ón líon iomlán bliantúil de 51.

Bhí difríocht idir na hionaid chóiríochta a ndearna HIQA monatóireacht agus cigireacht orthu in 2024 ó thaobh líon leapacha, cineál cóiríochta agus na saoráidí a cuireadh ar fáil, agus a ndaonra cónaitheora de. Léiríonn na figiúirí thíos gur chuir formhór na n-ionad cóiríocht ar fáil do dhaoine fásta singil agus do theaghlaigh araon, a d'fhreastail orthu féin. Bhí éagsúlacht shuntasach ann i líon na gcónaitheoirí, agus ionad amháin ag soláthar cóiríochta do bheagnach 1,000 cónaitheoir agus, i gcodarsnacht leis sin, i gceithre ionad a raibh níos lú ná 50 duine ina gcónaí ann.

#### Tacaíocht a thabhairt do chomhlíonadh agus do rannpháirteachas le páirtithe leasmhara

Chun ullmhú do thosach feidhme na feidhme nua seo, reáchtáil HIQA trí sheisiún faisnéise do sholáthraithe ionad cóiríochta a thagann faoina sainchúram chun iad a chur ar an eolas faoin bhfeidhm nua, faoina bhfreagrachtaí dlíthiúla faoi na rialacháin agus faoi chur chuige HIQA i leith monatóireachta.

### Fíor 13.

Grianghraif ó sheisiúin rannpháirtíochta HIQA le soláthraithe cóiríochta a chuirtear ar fáil do dhaoine sa phróiseas cosanta






Foilsíodh roinnt doiciméad tábhachtach freisin chun tacú leis an bhfeidhm seo, lena n-áirítear treoir maidir le creat measúnaithe agus breithiúnais, agus ceistneoir féinmheasúnaithe agus uirlis feabhsúcháin cáilíochta.




Le linn na bliana, d'fhorbraíomar agus d'fhoilsíomar sraith físeán agus ceistneoirí do chónaitheoirí ionaid chóiríochta i seacht dteanga éagsúla (Albáinis, Araibis, Béarla, Fraincis, Seoirsis, Somáilis agus Urdúis). Bhí sé mar aidhm leo sin ról HIQA a chur in iúl do chónaitheoirí, agus deis a chur ar fáil dóibh aiseolas a thabhairt ar roinnt réimsí, amhail: coimirciú agus cosaint; aiseolas agus gearáin; conas a bhainistítear an t-ionad; bia, lónadóireacht agus áiseanna cócaireachta; cearta cónaitheoirí; tacaíochtaí foirne; agus cóiríocht.


**Fíor 14.**

Ionaid chóiríochta SCCI de réir cineáil




**Fíor 15.**

Ionaid chóiríochta SCCI de réir cineál daonra




**Fíor 16.**

Raon méide ionad cóiríochta SCCI





## Gníomhaíocht monatóireachta

### Gníomhaíocht cigireachta

Le linn 2024, chríochnaíomar 60 cigireacht ar 51 ionad cóiríochta do dhaoine atá ag lorg cosaint idirnáisiúnta. De na cigireachtaí sin, fógraíodh 52% díobh, fógraíodh 2% díobh ar gearrfhógra agus níor fógraíodh an 46% eile.

**Fíor 17.***

Céatadán cigireachtaí fógartha agus gan fógra ar ionaid chóiríochta SCCI in 2024




**Mar gheall ar shlánú, ní shroichfidh cuid de na céatadáin 100% ar an iomlán.*

In 2024, rinneadh cigireacht uair amháin ar a laghad ar gach ionad cóiríochta a thagann faoi shainchúram HIQA. Bhí cigireacht leantach ag teastáil i gcás seacht n-ionad agus rinneadh cigireacht ar cheann amháin trí huaire chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh.

**Fíor 18.**

Céatadán cuairteanna in aghaidh gach ionaid chóiríochta SCCI a ndearnadh cigireacht orthu in 2024




Ós rud é gurbh í seo an chéad uair a rinne HIQA cigireacht ar ionaid chóiríochta de réir caighdeán náisiúnta, dhíríomar ar phríomhréimsí seachadta seirbhíse a chinntíonn, i gcás go bhfeidhmíonn siad go maith, go bhfuil an tseirbhís a chuirtear ar fáil sábháilte, dea-rialaithe, go mbainistíonn sí riosca go héifeachtach agus go gcuireann sí cearta a cónaitheoirí chun cinn.

Fuarthas inár gcigireachtaí go raibh ionaid chóiríochta ann a d'fheidhmigh go maith de réir caighdeán náisiúnta. Léiríodh leis na cigireachtaí freisin go bhféadfaí feabhas suntasach a chur ar fhormhór na n-ionad. Tháinig treochtaí coitianta chun cinn i dtéarmaí réimsí neamhchomhlíonta le linn 2024. Go sonrach, áiríodh leo sin cosaint, cóiríocht, rialachas, grinnscrúdú foirne, bainistíocht riosca agus an chaoi a ndéantar measúnuithe ar riachtanais do chónaitheoirí leochaileacha. Léirítear leis na cigireachtaí nach bhfuil dóthain acmhainní ag an gcóras reatha d'ionaid chóiríochta chun freastal ar an éileamh agus gur chuir sé sin isteach ar cháilíocht na cóiríochta agus ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil do roinnt daoine atá ag lorg cosanta in Éirinn.

Bhí sé lárnach dár gcuid oibre in 2024 dul i gcomhairle le cónaitheoirí ionad cóiríochta. I rith na bliana, bhuaileamar le 867 duine fásta agus 302 leanbh agus duine óg.

Dúirt go leor cónaitheoirí gur bhraith siad sábháilte agus sásta lena gcóiríocht agus leis na seirbhísí agus na tacaíochtaí a fuair siad; dúirt daoine eile linn go bhféadfaí feabhas a chur ar rudaí, go háirithe i réimsí na cóiríochta codlata, an chaoi a ndeachthas i gcomhairle leo, áiseanna chun bia a ullmhú, srianta i roinnt ionad, agus spás chun a gcuid earraí a stóráil. Thuairiscigh roinnt cónaitheoirí nár mhothaigh siad sábháilte ina n-ionaid faoi seach agus, dá bharr sin, nach raibh eispéireas dearfach foriomlán acu.

Dúirt formhór na leanaí ar casadh orainn go raibh siad sásta lena saol i gcoitinne agus gur thaitin sé leo freastal ar scoil, spórt a imirt, dul isteach i gclubanna áitiúla agus cairde a dhéanamh. Dúirt siad gur bhain siad taitneamh as na háiseanna a bhí ar fáil. Bhí cuid de na leanaí ina gcónaí in ionaid ina raibh na háiseanna teoranta agus bhí tionchar díreach aige sin orthu i dtéarmaí an spáis a bhí ar fáil chun a gcuid obair bhaile a dhéanamh nó chun súgradh agus bualadh le cairde. Dúirt roinnt leanaí go raibh siad míshásta nach raibh siad in ann cuireadh a thabhairt do chairde fanacht thar oíche.

## Fáil Faisnéise


Le linn na bliana, fuaireamar faisnéis a úsáideadh chun tuilleadh eolais a dhéanamh dár monatóireacht ar ionaid chóiríochta um chosaint idirnáisiúnta.

### Faisnéis a iarradh

Le linn 2024, fuarthas 86 fógra a bhain le hionaid chóiríochta do dhaoine atá ag lorg cosaint idirnáisiúnta. Rinneadh athbhreithniú ar gach fógra agus, nuair a bhí gá leis, iarradh faisnéis bhreise agus/nó dearbhú ón soláthraí seirbhíse go ndearnadh aon riosca do chónaitheoirí a mhaolú agus a bhainistiú i gceart. Rinne na fógraí uile eolas do na línte fiosrúcháin maidir le cigireacht.

**Fíor 19.**

Líon fógraí reachtúla a fuarthas in 2024



### 4.2.3 Ullmhú do thosach feidhme feidhmeanna nua

**An tAcht um Fhíochán Daonna (Trasphlandú, Scrúdú Iarbháis, Scrúdú Anatamaíoch agus Taispeáint Phoiblí), 2024**

Síníodh an tAcht um Fhíochán Daonna (Trasphlandú, Scrúdú Iarbháis, Scrúdú Anatamaíoch agus Taispeáint Phoiblí), 2024 ina dhlí an 28 Feabhra 2024. Cuirtear creat reachtaíochta náisiúnta ar fáil leis maidir le seirbhísí deonaithe agus trasphlandaithe orgán in Éirinn den chéad uair. Uair agus a bheidh feidhm iomlán tugtha don Acht, tabharfaidh sé feidhm nua do HIQA chun gníomhaíochtaí iarbháis nach mbaineann le cróinéir a rialáil, go háirithe sa mhéid a bhaineann siad le toiliú agus le coinneáil, stóráil, úsáid, diúscairt agus filleadh orgán agus fíochán ó dhaoine éagtha tar éis gníomhaíochtaí iarbháis. Tá sé mar aidhm ag an Acht freisin cleachtas agus nós imeachta a rialáil maidir le gníomhaíochtaí iarbháis cróinéara. Tá rialacháin á bhforbairt a thacóidh le cur chun feidhme an Achta agus le hathchóiriú rialála sa réimse seo.

Tá coinne leis go ndéanfar tuilleadh dul chun cinn in 2025 ar na hullmhúcháin chun tacú le ról rialála HIQA sa réimse seo.

**Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Athléimneacht Eintiteas Criticiúil), 2024**

Síníodh Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Athléimneacht Eintiteas Criticiúil), 2024 ina ndlí an 17 Deireadh Fómhair 2024. Leis na rialacháin seo cuirtear Treoir AE maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil chun feidhme i ndlí na hÉireann.

Ceanglaítear leis an Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil ar Bhallstáit den Aontas athléimneacht agus dea-chleachtas leanúnachais ghnó a chinntiú i roinnt earnálacha tábhachtacha de gheilleagar agus de shochaí na hEorpa agus a chinntiú go bhfuil gach Ballstát den Aontas dea-ullmhaithe chun bagairtí ar sheirbhísí riachtanacha agus cur isteach orthu de bharr teagmhais nádúrtha agus teagmhais de dhéantús an duine a bhainistiú.

Faoi na rialacháin, tá HIQA ainmnithe mar Údarás Inniúil do sheirbhísí sláinte áirithe. Mar Údarás Inniúil faoi na rialacháin seo, beidh HIQA ina rialtóir san earnáil sláinte in éineacht leis an Údarás Rialála Táirgí Sláinte (HPRA), agus oibreoidh sé taobh le rialtóirí i roinnt earnálacha eile chun freagrachtaí foriomlána na hÉireann faoin Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil a chomhlíonadh. Cuirfear tuilleadh cumarsáide faoi ról nua HIQA sa réimse seo ar fáil do chodanna ábhartha den earnáil sláinte le linn 2025 de réir mar a thosóidh HIQA ag comhlíonadh a fhreagrachtaí sa réimse seo.

# 4.3 Measúnú ar theicneolaíocht sláinte agus sintéis fianaise

Faoin Acht Sláinte, 2007, tá ról reachtúil ag HIQA measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht chliniciúil agus cost-éifeachtúlacht na dteicneolaíochtaí sláinte agus comhairle a chur ar an Aire Sláinte agus FSS ina leith. Tugtar measúnú ar theicneolaíocht sláinte (MTS) air sin, agus déanann sé eolas do chinntí infheistíochta maidir le sláinte agus cúram sóisialta. Déanaimid sintéis fianaise freisin chun tacú le forbairt treoirlínte cliniciúla náisiúnta, agus chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt beartais sláinte agus don fhírinniú cineálach le nochtadh míochaine do chleachtais radaíochta ianúcháin. Forbraímid treoirlínte náisiúnta MTS chun eolas a dhéanamh do tháirgeadh measúnuithe tráthúla, comhsheasmhacha agus iontaofa atá ábhartha do riachtanais na ndaoine a úsáideann seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.

In 2024, bronnadh €2.5 milliún ar HIQA ón mBord Taighde Sláinte (HRB) chun leanúint de mhaoiniú a thabhairt don Lárionad in Éirinn um Thacaíocht do Threoirlínte Cliniciúla agus Athbhreithnithe Fianaise (CICER), go dtí 2028. Tá an dámhachtain sin bunaithe ar mhaoiniú taighde ó phróiseas iomaíoch roimhe seo a mhair ó 2017 go 2024, inar thacaigh CICER le forbairt Treoirlínte Cliniciúla Náisiúnta chun sábháilteacht othar a fheabhsú.

## 4.3.1 Croí-Mheasúnú ar Theicneolaíocht Sláinte

Chuireamar tús le trí MTS lárnacha ar iarratas ón Aire Sláinte nó FSS in 2024.

### Vacsaíniú Herpes zoster (an deir)

D'iarr an Roinn Sláinte ar HIQA MTS a dhéanamh chun bonn eolais a chur faoi chinneadh maidir le vacsaíniú herpes zoster (deir) a chur leis an sceideal imdhíonta do dhaoine fásta. Bíonn tionchar ag an deir ar thart ar dhuine as gach triúr a raibh deilgneach orthu agus go hiondúil aithnítear é trí ghríos pianmhar clogach ar an gcabhail. Is airde an baol go dtarlóidh an deir, agus aimhréidheanna mar thoradh ar an ngalar, i measc daoine fásta 50 bliain d'aois agus níos sine. Cé go bhfuil vacsaíní in aghaidh na deire ceadúnaithe agus á margú in Éirinn, níl siad san áireamh i sceideal imdhíonta náisiúnta FSS faoi láthair. Fuarthas inár MTS go bhfuil fianaise shoiléir chomhsheasmhach ann go bhfuil an vacsaín zoster athchuingreach aidiúvánaithe (RZV) sábháilte agus éifeachtach chun cásanna herpes zoster a laghdú, ach go laghdaítear a héifeachtacht le himeacht ama. Cé go bhfuil teagmhais áitiúla agus sistéamacha coitianta, is annamh a bhíonn teagmhais thromchúiseacha ann. Ar an bpraghas a cuireadh isteach, mhol HIQA go léiríonn an fhianaise reatha nach úsáid éifeachtach acmhainní cúraim sláinte in Éirinn é an vacsaíniú in aghaidh herpes zoster.

Foilsíodh an tuarascáil i mí Iúil 2024.

### MTS ar chonair theileafóin mhalartach le haghaidh riachtanais chúraim leighis ghéarmhíochaine, neamhphráinneacha sa suíomh réamh-ospidéil

Tar éis iarratas ó FSS, chuir HIQA tús le hobair ar MTS ar chonair theileafóin nua chun rochtain a fháil ar chóras cúraim sláinte na hÉireann le haghaidh riachtanais chúraim ghéarmhíochaine, ach neamhphráinneacha, sa suíomh réamh-ospidéil. Faoi láthair in Éirinn, is féidir le daoine rochtain a fháil ar chúram sláinte atá maoinithe go poiblí trí ghlaoch a chur ar sheirbhísí DG lasmuigh d'uaireanta oibre nó glaoch a chur ar 112 nó 999 chun teacht ar sheirbhísí otharchairr éigeandála, nó teacht i láthair ag roinn éigeandála. Is éard a bheadh i gceist le conair theileafóin eile, éagsúil ó sheirbhísí éigeandála 112 nó 999, gairmithe a bhfuil oiliúint chliniciúil orthu ag glacadh glaonna ó bhaill den phobal a chreideann go bhfuil géar-riachtanas cúraim acu. Tá sé mar aidhm ag an MTS iniúchadh a dhéanamh ar shamhlacha idirnáisiúnta forfheidhmithe, lena n-áirítear an tionchar ar an mbuiséad agus impleachtaí eagraíochtúla na samhlacha conaire teileafóin éagsúla amhail úsáid seirbhíse triáise teileafóin. Tá an tionscadal le bheith críochnaithe in 2025.

**MTS ar theilidheirmeolaíocht chun tacú le bainistíocht atreoruithe cúraim phríomhúil**

In 2024, chuir HIQA tús le hobair ar MTA ar thriáis atreoruithe ó chúram príomhúil a fuair tacaíocht ó theilidheirmeolaíocht. Bunófar leis an MTS sin an éifeachtúlacht chliniciúil, an tsábháilteacht agus na himpleachtaí eacnamaíocha, mar aon le haon saincheist eagraíochtúil, a bhaineann le teilidheirmeolaíocht a úsáid d'othair fásta agus péidiatraiceacha a atreoraíonn DG chuig seirbhísí speisialaithe deirmeolaíochta. Tá an tionscadal le bheith críochnaithe in 2025.

## 4.3.2 MTS Imdhíonta


Déanaimid MTSanna agus sintéis fianaise freisin chun eolas a dhéanamh do bheartas imdhíonta mar ar thug Príomh-Oifigeach Leighis na Roinne Sláinte tosaíocht dó.

**MTS maidir le vacsaín uilíoch a bhfuil vacsaín fliú díghníomhaithe feabhsaithe ag gabháil leis dóibh siúd atá 65 bliain d'aois nó níos sine**

Tá sé mar aidhm ag cláir vacsaínithe bliantúla fliú ualach an fhliú a laghdú trí dhíriú ar na daoine is mó atá i mbaol galar tromchúiseach agus cur san ospidéal. Mar sin féin, d'fhéadfaí éifeachtacht vacsaíní fliú a laghdú i roinnt grúpaí othar (mar shampla, daoine scothaosta) mar gheall ar fhreagairt fho-optamach don vacsaín. Forbraíodh vacsaíní feabhsaithe fliú d'fhonn éifeachtacht na vacsaíne a mhéadú.

Tar éis iarraidh a fháil ón Roinn Sláinte, chomhaontaigh HIQA le MTS a dhéanamh ar aistriú ó vacsaíní caighdeánacha go vacsaíní feabhsaithe fliú do dhaoine fásta atá 65 bliain d'aois agus níos sine mar chuid de Chlár Vacsaínithe Séasúrach Fliú FSS.

Cuireadh an MTS sin faoi bhráid an Aire Sláinte mar chomhairle i gcomhthéacs na moltaí cliniciúla a sholáthair an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh (NIAC) don Roinn Sláinte i mí Dheireadh Fómhair 2024 agus foilsíodh iad ar www.hiqa.ie.




**Measúnú tapa ar theicneolaíocht sláinte an imdhíonta ar víreas sincítiach riospráide in Éirinn**

Is víreas riospráide séasúrach an-tógálach é RSV. I gcásanna áirithe, is féidir le RSV a bheith mar chúis le hionfhabhtuithe tromchúiseacha, amhail niúmóine agus broincíníteas, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le dul san ospidéal agus bás. Is i measc naíonán agus daoine fásta níos sine atá an t-ualach is mó de ghalar a bhaineann le RSV, go háirithe iad siúd a bhfuil riochtaí orthu a chuireann iad i mbaol méadaithe de ghalar tromchúiseach.

Ó bhí 2022 ann, tá idirghabhálacha nua údaraithe san Eoraip chun naíonáin agus daoine fásta níos sine sa daonra i gcoitinne a imdhíonadh ar RSV. Ar an 18 Meitheamh 2024, d'fhógair an tAire Sláinte Clár Imdhíonta Treo-Aimsitheora RSV don séasúr 2024-2025. Tríd an gclár sin, moltar do thuismitheoirí naíonáin a rugadh idir Meán Fómhair 2024 agus Feabhra 2025 a naíonáin nuabheirthe a imdhíonadh leis an antashubstaint monachlónach fhadghníomhach, nirsevimab, sula bhfágann siad an t-aonad máithreachais. I mí Lúnasa 2024, cuireadh an MTS tapa faoi bhráid an Aire Sláinte agus FSS mar chomhairle chun eolas a dhéanamh do chinneadh beartais eatramhach maidir leis an straitéis imdhíonta RSV is oiriúnaí do naíonáin agus/nó daoine fásta níos sine don séasúr 2025-2026, agus foilsíodh é ar shuíomh gréasáin HIQA. Tugadh an chomhairle sin i gcomhthéacs moltaí cliniciúla a sholáthair NIAC don Roinn Sláinte.

**MTS ar imdhíonadh ar víreas sincítiach riospráide (RSV) in Éirinn**

Ar iarraidh a fháil ón Roinn Sláinte, chomhaontaigh HIQA le MTS tapa a leanúint le MTS iomlán ar straitéisí malartacha maidir le himdhíonadh naíonán agus daoine fásta níos sine (65 bliain d'aois agus níos sine) ar RSV chun eolas a dhéanamh do chinneadh beartais níos fadtéarmaí (don séasúr 2026-2027 agus na séasúir ina dhiaidh sin).

Áireofar leis an MTS sin measúnuithe ar éifeachtacht chliniciúil agus sábháilteacht, cost-éifeachtúlacht agus tionchar buiséid straitéisí imdhíonta malartacha, mar aon leis na himpleachtaí eagrúcháin, acmhainní, eiticiúla, othar agus sóisialta a bhaineann le himdhíonadh naíonán agus daoine fásta.

### 4.3.3 MTS Scagthástála

Déanann HIQA sintéis fianaise agus cuireann sé comhairle atá bunaithe ar fhianaise ar fáil don Choiste Comhairleach Náisiúnta um Scagthástáil (NSAC) thar ceann an Aire Sláinte.

**Athbhreithniú fianaise ar scagthástáil ultrafhuaime uilíoch do dhiospláise forbraíochta chromáin ar naíonáin in Éirinn**

Is galar ó bhroinn é diospláise forbraíochta chromáin (DFC) ina bhfuil forbairt mhínormálta ar an gcromáin le linn naíonachta. Tá an cumas ag scagthástáil ultrafhuaime DFC a shainaithint agus a dhiagnóisiú níos luaithe, rud a fhágann go n-éascaítear cóireáil níos luaithe agus nach bhfuil chomh hionrach ná nuair a bhraitear níos déanaí é.

Ar iarratas ó NSAC, rinne HIQA athbhreithniú fianaise ar scagthástáil ultrafhuaime uilíoch le haghaidh DFC i naíonáin in Éirinn. Fuarthas leis an athbhreithniú fianaise nach bhfuil an leas coibhneasta a bhaineann le scagthástáil uilíoch (lena ndéantar scagthástáil ar gach naíonán) i gcomparáid le scagthástáil ultrafhuaime roghnach (lena ndéantar scagthástáil ar naíonáin bunaithe ar fhachtóirí riosca) soiléir mar gheall ar easpa staidéar comparáideach ardcháilíochta. Mhol HIQA gur cheart breithniú a dhéanamh ar chlár scagthástála ultrafhuaime roghnach a bhfuil rialachas cuí, cúram cuimsitheach, dearbhú cáilíochta agus monatóireacht ar thorthaí ag gabháil leis.

**MTS ar scagthástáil daonra-bhunaithe le haghaidh ainéaras aortach bhoilg i bhfear**

Is éard is ainéaras aortach bhoilg (AAB) ann ná at (ainéaras) an bhoilg – an príomhshoitheach fola a théann ón gcroí tríd an mbolg. D'fhéadfadh fuiliú inmheánach ollmhór, a bhíonn marfach de ghnáth, a bheith mar thoradh ar réabadh ainéarais mhóir. Tá sé mar aidhm ag scagthástáil básmhaireacht a bhaineann le AAB a laghdú trí bhrath agus cóireáil luath a chumasú do dhaoine aonair a bhfuil ainéaras mór i mbaol réabtha. Níl aon chlár scagthástála in Éirinn faoi láthair le haghaidh AAB.

Bhí obair ar siúl le linn 2024 ar MTS ar scagthástáil daonra-bhunaithe le haghaidh AAB i measc na bhfear, agus foilsíodh prótacal don MTS sin i mí na Bealtaine 2024. Tá sé sceidealaithe go mbeidh sé críochnaithe faoi 2025. Leis an MTS, cuirfear bonn eolais faoi chinnteoireachta agus faoi mholadh ina dhiaidh sin ó NSAC don Aire Sláinte maidir le cibé ar cheart scagthástáil daonra-bhunaithe le haghaidh AAB i measc na bhfear a chur chun feidhme in Éirinn nó nár ceart.

**MTS ar leathnú Scagthástáil Putóige (BowelScreen) dóibh siúd atá idir 50 agus 54 bliain d'aois**

Tá sé mar aidhm ag scagthástáil ailse putóige (ar a dtugtar ailse cholaireicteach freisin) comharthaí ailse a bhrath go luath nuair nach mbíonn aon airí ann. Is é Scagthástáil Putóige clár scagthástála ailse putóige daonra-bhunaithe náisiúnta na hÉireann, agus cuireann sé scagthástáil saor in aisce ar fáil do dhaoine idir 59 agus 69 bliain d'aois gach dhá bhliain faoi láthair. Tá gealltanas ann cheana féin an clár a leathnú chun daoine idir 55 agus 74 bliain d'aois a áireamh.

Bhí obair ar siúl in 2024 ar MTS chun machnamh a dhéanamh ar leathnú breise an chláir chun daoine idir 50 agus 54 bliana d'aois a áireamh agus tá sé sceidealaithe go mbeidh sé críochnaithe in 2025. Le MTS cuirfear bonn eolais faoi chinnteoireacht agus faoi mholadh ina dhiaidh sin ó NSAC don Aire Sláinte maidir le cibé ar cheart é a leathnú chun daoine idir 50 agus 54 bliain d'aois a chumhdach.

Foilsíodh an prótacal don MTS sin i mí Iúil 2024.

### 4.3.4 CICER – Tacaíocht do threoirlínte cliniciúla náisiúnta

Tá an Lárionad in Éirinn um Thacaíocht do Threoirlínte Cliniciúla agus Athbhreithnithe Fianaise (CICER) maoinithe ag an mBord Taighde Sláinte (HRB). Bronnadh maoiniú ar HIQA thar an tréimhse ó 2017 go 2024, agus arís ó 2024 go 2028, chun fianaise a tháirgeadh chun tacú le forbairt Treoirlínte

Cliniciúla Náisiúnta, a bhfuil a gcáilíocht dearbhaithe ag an gCoiste um Éifeachtúlacht Náisiúnta Chliniciúil (NCEC) agus a bhfuil sainordú tugtha ag an Aire Sláinte dóibh lena gcur chun feidhme in Éirinn. Cuireann CICER tacaíocht mhodheolaíoch ar fáil do ghrúpaí forbartha treoirlínte agus tá sé mar aidhm aige bonn fianaise ardcháilíochta a sholáthar maidir le hathbhreithniú córasach ar éifeachtúlacht chliniciúil agus costais agus ar anailís tionchair buiséid.

### Dul chun cinn maidir le forbairt treorach cleachtais chliniciúil: Athbhreithniú scóipe

In 2024, chríochnaíomar athbhreithniú scóipe chun tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn maidir le modheolaíochtaí treorach cleachtais chliniciúil. Ba é cuspóir na hoibre sin athbhreithniú a dhéanamh ar fhianaise chun tacú le NCEC agus é ag breithniú nuashonruithe ar chaighdeáin reatha NCEC maidir le cleachtas cliniciúil. Foilsíodh an t-athbhreithniú scóipe i mí Eanáir 2024.

### Nuashonrú ar an Treoirlíne Chliniciúil Náisiúnta maidir le Bainistíocht ar an nGéarthaom Asma i measc Daoine Fásta (16 bliana d'aois agus níos sine)

Bhí asma ina chúis bháis chláraithe le 86 bás in Éirinn in 2023 agus ba é an phríomhdhiagnóis a taifeadadh i gcás beagnach 3,500 ospidéalú othar cónaitheach sa bhliain chéanna. In




2024, leanamar orainn ag tacú le nuashonrú ar *Threoirlíne Chliniciúil Náisiúnta 2015 maidir le Bainistíocht ar an nGéarthaom Asma i measc Daoine Fásta*. Áiríodh leis sin athbhreithniú córasach a chríochnú ar threoirlínte idirnáisiúnta maidir le bainistiú géarthaom asma agus cur síos a thiomsú ar an ualach cliniciúil a bhaineann le hasma géar in Éirinn. Leanfaimid ag obair leis an ngrúpa forbartha treoirlínte ar an nuashonrú sin in 2025.

### Treoirlíne Chliniciúil Náisiúnta maidir le hOtracht a Bhainistiú i measc Daoine Fásta

Bíonn tionchar ag an otracht ar bhreis is duine as gach cúigear in Éirinn, agus tá sé bainteach le riosca méadaithe fadhbanna sláinte a fhorbairt. In 2024, leanamar orainn ag tacú le forbairt treoirlíne chliniciúil náisiúnta nua maidir le bainistiú otrachta i measc daoine fásta. Áiríodh leis sin prótacal a fhorbairt le haghaidh athbhreithniú córasach ar threoirlínte idirnáisiúnta maidir le bainistiú otrachta. Leanfaimid orainn ag obair leis an ngrúpa forbartha treoirlínte in 2025.

## 4.3.5 Sintéis fianaise agus comhairle beartais sláinte poiblí

Déanaimid sintéisí fianaise agus soláthraímid comhairle atá bunaithe ar fhianaise chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht straitéiseach náisiúnta ar shláinte phoiblí, ar iarratas ón Roinn Sláinte.

### Athbhreithniú ar straitéisí náisiúnta um ghalair neamhchoitianta i dtíortha roghnaithe

Ar iarratas ón Roinn Sláinte, rinneamar athbhreithniú ar straitéisí náisiúnta um ghalair neamhchoitianta i dtíortha roghnaithe chun bonn eolais a chur faoi nuashonrú ar an straitéis náisiúnta um ghalair neamhchoitianta in Éirinn.

Leis an tuarascáil, a foilsíodh i mí Feabhra 2024, sainaithníodh straitéisí náisiúnta um ghalair neamhchoitianta do 12 thír roghnaithe agus tugadh anailís thuairisciúil ar ábhar na straitéise, lena n-áirítear aidhmeanna, téamaí agus tosaíochtaí, cur chun feidhme, agus samhlacha maoinithe. Leagtar amach leis an athbhreithniú léargais ar na saincheisteanna tábhachtacha a shainaithin tíortha, na gníomhartha a rinneadh, agus na struchtúir rialachais agus maoinithe a úsáidtear chun tacú le cur chun feidhme straitéisí maidir le galair neamhchoitianta.

### Achoimre ar sheirbhísí arna maoiniú go poiblí chun torthúlacht a chaomhnú ar chúiseanna leighis i dtíortha roghnaithe




Ar iarratas ón Roinn Sláinte, rinneamar athbhreithniú scóipe ar sheirbhísí arna maoiniú go poiblí chun torthúlacht a chaomhnú ar chúiseanna leighis i dtíortha roghnaithe chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt beartais náisiúnta um chaomhnú torthúlachta in Éirinn.

Sainaithníodh litríocht liath agus foilseacháin acadúla do 10 dtír roghnaithe agus rinneadh anailís thuairisciúil ar fhaisnéis faoi sheirbhísí arna maoiniú go poiblí chun torthúlacht a chaomhnú. Tugann an t-athbhreithniú sin léargas ar:

- Cad iad na modhanna caomhnaithe torthúlachta a chuireann tíortha ar fáil
- Conas a sheachadtar seirbhísí
- Conas a stóráiltear ábhair
- Na struchtúir rialachais agus maoinithe a úsáidtear chun tacú le seachadadh seirbhísí.

Foilsíodh an tuarascáil an 18 Deireadh Fómhair 2024.

### Nuashonrú ar na treoirlínte maidir le hól ísealriosca

D'iarr an Roinn Sláinte ar HIQA obair a dhéanamh chun eolas a dhéanamh dá nuashonrú beartaithe ar na treoirlínte maidir le hól ísealriosca.

Le treoirlínte maidir le hól ísealriosca, féadfar faisnéis a sholáthar faoi na rioscaí a bhaineann le tomhaltas alcóil, mar aon le treoir a thabhairt maidir le leibhéil tomhaltais alcóil a bhaineann le leibhéil riosca níos ísle agus cathain nach bhfuil sé sábháilte aon alcól a ól. Rinneadh an t-athbhreithniú deireanach ar threoirlínte reatha na hÉireann maidir le hól ísealriosca in 2015; mar sin féin, tá fianaise nua tagtha chun cinn agus tá dul chun cinn déanta ar chleachtas idirnáisiúnta i dtéarmaí na modhanna a úsáidtear chun bonn eolais a chur faoi threoirlínte maidir le hól ísealriosca.

Úsáidfear samhaltú matamaiticiúil i dtuarascáil HIQA chun meastachán a dhéanamh ar na rioscaí báis agus ospidéalaithe ó chúiseanna éagsúla a bhaineann le leibhéil shonracha tomhaltais alcóil chun eolas a dhéanamh do nuashonrú na Roinne Sláinte ar threoirlínte na hÉireann maidir le hól ísealriosca. Cuireadh tús leis an obair sin in 2024.

## 4.3.6 Fírinniú cineálach do nochtadh míochaine do chleachtais radaíochta ianúcháin

Tá HIQA freagrach as fírinniú cineálach cleachtais nua a bhaineann le nochtadh míochaine don radaíocht ianúcháin sula nglactar go ginearálta leo.

In 2024, bhreithnigh HIQA cleachtas nua amháin maidir le nochtadh míochaine do radaíocht ianúcháin le haghaidh fírinniú cineálach. Glactar cinneadh maidir le fírinniú cineálach tar éis machnamh a dhéanamh ar an iarratas, ar an athbhreithniú fianaise, agus ar an moladh ón nGrúpa Comhairleach Saineolaithe um Nochtadh Míochaine do Radaíocht Ianúcháin maidir leis an gcothromaíocht idir na buntáistí agus na dochair a bhaineann leis an gcleachtas.

Tar éis iarratas a fháil, rinneadh athbhreithniú fianaise chun tacú le cinneadh i ndáil leis an bhfírinniú cineálach de 177 theiripe radailiogainne lúitéitiam antaigine scannáin sainphróstataigh le haghaidh cóireáil ailse próstataigh meiteastataí atá frithsheasmhach in aghaidh coilleadh.

Tá an teiripe radailiogainne sin léirithe d'fhir a bhfuil ailse próstataigh atá dearfach ó thaobh antaigin scannáin de, sonrach don phróstatach, meiteastatach, agus frithsheasmhach in aghaidh coilleadh a ndearnadh cóireáil orthu roimhe seo le ceimiteiripe bunaithe ar thacsán agus le cosc ar chonair gabhdóra andraigine.

D'fhoilsigh HIQA cinneadh fabhrach maidir le fírinniú cineálach an 18 Aibreán 2024.

Leanfaidh an obair ar aghaidh in 2025 ar fhírinniú cineálach na Teiripe Radaíochta Treoraithe Íomháithe Athshondais Mhaighnéadaigh.

Leanfaimid orainn freisin ag forbairt treoirlínte maidir le húsáid nochtadh míochaine do radaíocht ianúcháin ar dhaoine gan siomptóim chun galair a bhrath go luath, ach lasmuigh de chlár scagthástála. Rinneadh athbhreithniú scóipe in 2023 chun eolas a dhéanamh do na treoirlínte sin. Forbraíodh dréacht-threoirlínte, a tugadh cothrom le dáta de réir mar ba chuí i ndiaidh plé le sraith grúpaí fócais de pháirtithe leasmhara tábhachtacha agus an Grúpa Comhairleach Saineolaithe maidir le nochtadh míochaine do radaíocht ianúcháin in 2024. Foilsíodh na dréacht-treoirlínte athbhreithnithe le haghaidh comhairliúchán poiblí agus spriocdhírithe sé seachtaine i mí na Samhna 2024, agus cuirfear na treoirlínte i gcrích in 2025.

### 4.3.7 Straitéis, tacaíocht agus taighde

Leis an bhfeidhm straitéise, tacaíochta agus taighde, cuirtear tacaíocht trasfheidhme ar fáil don fheidhm MTS agus don fheidhm sintéise fianaise i réimsí na taighde, na bainistíochta clár, an riaracháin, na leabharlainne, an tuairiscithe chorparáidigh agus na bainistíochta riosca.

In 2024, áiríodh leis sin:

- Nuashonrú ar threoirlínte eacnamaíocha náisiúnta MTS
- Bunú grúpa oibre intleachta saorga/meaisínfhoghlama (IS/MF)
- Tacú le hiarratais ar dheontais taighde sheachtraigh agus ar thairiscintí
- Pleanáil fhorbairt straitéise nua MTS do 2025 go 2027
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta maidir le coinbhleachtaí leasa
- Comhordú a dhéanamh ar shocrúcháin, comhaltachtaí agus intéirneachtaí mac léinn.

### 4.3.8 Taighde maoinithe

#### Dámhachtain Aistriúcháin Eolais an Bhoird Taighde Sláinte

I mí an Mheithimh 2024, rinne CICER iarratas ar Dhámhachtain Aistriúcháin Eolais 12 mhí ón mBord Taighde Sláinte mar fhorlíonadh ar mháthairdheontas CICER. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal sin malartú eolais a fheabhsú laistigh de dheontas CICER tríd an méid a leanas:

- feabhas a chur ar fheasacht agus ar thrédhearcacht maidir le cad is treoirlínte cliniciúla ann agus conas a fhorbraítear iad in Éirinn
- othair agus gairmithe cúraim sláinte a ullmhú le bheith ina gcomhaltaí gníomhacha den ghrúpa forbartha treoirlínte
- tuiscint níos fearr a fháil ar dhearcthaí othar agus gairmithe cúraim sláinte maidir le conas a chruthaítear agus a chuirtear treoirlínte i bhfeidhm.

Bronnadh an deontas i mí Mheán Fómhair agus cuireadh tús leis i mí na Nollag.

#### Tionscadal feistí leighis ardriosca

In 2024, chuaigh HIQA i gcomhpháirtíocht le Scoil na Cógaisíochta, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, chun tionscadal dar teideal “Impleachtaí Rialachán AE maidir le Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte (RMTS) d’fheistí leighis ardriosca agus diagnóisic in vitro in Éirinn” a thosú. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal sin, atá á sheoladh le tacaíocht airgeadais ó Thaighde Éireann, trí CÚRAM, Ionad Thaighde Éireann um Fheistí Leighis, iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a mbeidh tionchar ag cur i bhfeidhm RMTS ar phróisis aisíocaíochta agus cinnteoireachta le haghaidh feistí leighis agus diagnóisic in vitro ardriosca ar fud thíortha AE/LEE.

#### Forbairt Acmhainneachta do Rialachán AE maidir le Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte (RMTS)

Tá HIQA, mar aon le 19 n-eagraíocht Eorpacha eile ó 13 thír san iomlán, tar éis tionscadal arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach a thosú a bhfuil sé mar aidhm aige acmhainneacht agus saineolas fadtéarmach chomhlachtaí MTS a neartú maidir le RMTS a chur chun feidhme go héifeachtach agus ar bhealach inbhuanaithe. Tugtar ‘HAG INSIGHT’ ar an tionscadal, rud a sheasann do ‘Tionscnamh Grúpa Ceannairí Gníomhaireachtaí um Fheabhsú Eolais agus Scileanna i Rialáil Measúnaithe ar Theicneolaíocht Sláinte’

## Dámhachtain Imscrúdaitheora Nua an Bhoird Taighde Sláinte

Is comhiarratasóir é HIQA ar Dhámhachtain Fiosraitheora Nua an Bhoird Taighde Sláinte faoi stiúir an Dr Barbara Clyne, CICER agus Ollscoil an Leighis agus na nEolaíochtaí Sláinte RCSI, dar teideal "Sintéis fianaise agus aistriúchán ar thorthaí d'fhorbairt treoirlíne cliniciúla náisiúnta: aghaidh á tabhairt ar riachtanais agus roghanna na ngrúpaí forbartha treoirlíne". Cuireadh an tionscadal sin i gcrích i mí na Nollag 2024. Bhí sé mar aidhm ag an taighde sin tacú le próisis fhorbartha treoirlínte cliniciúla atá mar bhonn leis an obair a dhéanann CICER trí 'thacar uirlisí' agus acmhainní a fhorbairt do tháirgeoirí fianaise agus d'úsáideoirí deiridh.

Bhí trí phríomhaidhm ag an tionscadal:

- roghnú is fearr de mhodhanna sintéise fianaise
- cumarsáid de na torthaí sintéise fianaise agus
- aistriú fianaise taighde ina moltaí.

## Dámhachtain Comhpháirtíochta Feidhmí an Bhoird Taighde Sláinte

Is comhiarratasóirí iad seisear comhaltaí de Stiúrthóireacht MTS ar Dhámhachtain Comhpháirtíochta Feidhmí an Bhoird Taighde Sláinte faoi stiúir an Dr Barbara Clyne, a bhí bunaithe i gColáiste Ríoga na Máinlia in Éirinn (RCSI). Is é teideal an tionscadail "Measúnuithe Tapa ar Theicneolaíocht Sláinte in Éirinn: cathain atá siad ag teastáil uainn?" Is comhoibriú idir taighdeoirí RCSI agus HIQA mar úsáideoirí eolais é an tionscadal seo, a cuireadh ar bun in 2023, agus is é an aidhm fhoriomlán atá leis ná sainmhíniú agus ról MTS tapa a mhíniú i gcomhthéacs eolas a dhéanamh do bheartas náisiúnta, do chinntí seirbhíse sláinte agus do chleachtas idirnáisiúnta. Tá trí phríomhphacáiste oibre sa tionscadal seo:

- Bunú painéil rannpháirtíochta poiblí agus othar atá sainiúil don tionscadal
- Comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir táirgí éagsúla MTS tapa go hidirnáisiúnta
- Roghanna na bpáirtithe leasmhara maidir le táirgí MTS tapa agus tuiscintí ar ról an rannpháirteachais le páirtithe leasmhara in MTSanna tapa a fháil amach.

## Comhaltachtaí Iardhochtúireachta an Bhoird Taighde Sláinte – Dámhachtain um Thaighde a Chur i bhFeidhm ar Bheartas agus ar Chleachtas

Is Comhoibrí é HIQA ar Dhámhachtain Comhaltachta Iardhochtúireachta an Bhoird Taighde Sláinte dar teideal "Scaipeadh taighde sláinte a bharrfheabhsú in Éirinn", atá faoi stiúir an Dr Melissa Sharp atá lonnaithe in RCSI. Is é aidhm an tionscadail sin iniúchadh a dhéanamh ar scaipeadh taighde sláinte in Éirinn agus ar na héascaitheoirí agus na bacainní atá ann maidir le cumarsáid idir taighdeoirí, speisialtóirí cumarsáide agus na meáin chun comhoibriú agus cumarsáid a uasmhéadú.

## Dámhachtain Staidéar Laistigh d'Athbhreithniú (SWAR) de chuid Sintéis Fianaise Éireann

Tá Staidéar Laistigh d'Athbhreithniú (SWAR) ag dul ar aghaidh, a mhaoiníonn Sintéis Fianaise Éireann, lena ndéantar imscrúdú ar íogaireacht agus ar iomláine straitéisí cuardaigh a tógadh agus úsáid á baint as uirlis mianadóireachta téacs mhinicíochta focal (PubReMiner) i gcomparáid leis an dea-chleachtas reatha chun straitéisí cuardaigh a thógáil. Tá an SWAR seo á stiúradh ag comhalta Stiúrthóireacht MTS i gcomhar le comhghleacaithe MTS eile mar chomhiarratasóirí ar an deontas.

## PrISMA

I mí na Bealtaine 2024, chuaigh ár bhfoireann athbhreithnithe fianaise ar radaíocht ianúcháin isteach i ngníomhaíocht chomhpháirteach ullmhúcháin AE ar a dtugtar PrISMA (Gníomhaíochtaí ullmhúcháin chun tacú le cur chun feidhme cáilíochta agus sábháilteachta feidhmchlár radaíochta ianúcháin míochaine), arna maoiniú ag clár EU4Health.

# 4.4 Faisnéis agus caighdeáin sláinte

Táimid tiomanta d'fheabhsuithe éifeachtacha inbhuanaithe a chur chun cinn i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta do mhuintir na hÉireann. Déanaimid é sin trí thacú le beartas agus reachtaíocht náisiúnta agus trí dhul i mbun oibre le daoine a úsáideann agus a sholáthraíonn ár seirbhísí chun feabhsuithe a spreagadh agus cumas a mhéadú laistigh den chóras sláinte agus cúraim shóisialta. Déanaimid an obair sin trí oibriú i gcomhar le raon leathan páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta tábhachtacha, lena n-áirítear an pobal, trí fhianaise náisiúnta agus idirnáisiúnta ar an dea-chleachtas a shintéisiú, agus trí fhianaise a bhailiú trí rannpháirteachas le páirtithe leasmhara.

## 4.4.1 Faisnéis sláinte

Le feidhm faisnéise sláinte HIQA, cuirtear bonn eolais faoi bheartas náisiúnta agus leagtar síos cur chuige comhsheasmhach agus caighdeánaithe maidir le bailiú, úsáid agus comhroinnt faisnéise ar fud seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta chun feabhas a chur ar cháilíocht sonraí agus cúram níos fearr a sholáthar do dhaoine a úsáideann na seirbhísí sin in Éirinn.

### An bonn fianaise a fhorbairt chun bonn eolais a chur faoi bheartas agus reachtaíocht náisiúnta faisnéise sláinte




**Rannpháirtíocht Náisiúnta ar Shláinte Dhigiteach agus ar Chúram Sóisialta**

In 2024, d'fhoilsíomar torthaí *na Rannpháirtíochta Náisiúnta ar Shláinte Dhigiteach agus ar Chúram Sóisialta*, i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Sláinte agus le FSS. Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal tuairimí agus dearcthaí phobal agus gairmithe na hÉireann a thuiscint i ndáil le digitiú seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta, agus tuairimí breis is 2,000 ball den phobal agus breis is 1,000 gairmí atá ag obair i sláinte agus cúram sóisialta á mbailiú.

Leis na torthaí, díríodh aird ar ullmhacht an phobail chun páirt a ghlacadh ar bhealach digiteach, agus sainaithníodh réimsí ina mbeidh tacaíocht ag teastáil ó ghairmithe. Cuirfidh na torthaí sin bonn eolais faoi bheartas agus faoi chláir oibre, lena n-áirítear cur i bhfeidhm an Bhille um Fhaisnéis Sláinte, straitéis na Roinne Sláinte i ndáil leis an rialachán maidir le Spás Eorpach Sonraí Sláinte (EHDS), agus rialacháin eile atá le teacht ón Aontas Eorpach, mar shampla, i réimse na hintleachta saorga.

### Bonn eolais a chur faoi bheartas náisiúnta maidir le clárlanna othar

Le linn na bliana, chuireamar tús le clár oibre chun bonn eolais a chur faoi bheartas do chlárlanna othar agus do bhailiúcháin sonraí náisiúnta eile sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn. Áirítear leis sin forbairt sraith critéar tosaíochta agus treochlár le haghaidh infheistíochta straitéisí agus tosaíochta sa réimse seo. Cuirtear bonn eolais faoi le hathbhreithniú fianaise idirnáisiúnta ar chur chuige a glacadh i ndlínsí eile, mar aon le rannpháirtíocht fhairsing le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cuirfidh an fhianaise sin bonn eolais faoi bheartas náisiúnta chun cur chuige na hÉireann a neartú maidir leis na foinsí ríthábhachtacha sin de shonraí sláinte agus cúraim shóisialta a chomhordú agus a bhainistiú.

## Caighdeáin náisiúnta a shocrú maidir le faisnéis sláinte agus uirlisí treorach cur chun feidhme a fhorbairt

### Caighdeáin Náisiúnta um Bainistíocht Faisnéise i Sláinte agus i gCúram Sóisialta

I mí an Mheithimh 2024, d’fhoilsíomar na *Caighdeáin Náisiúnta um Bainistíocht Faisnéise i Sláinte agus i gCúram Sóisialta* chun treochlár a sholáthar d’eagraíochtaí agus do sheirbhísí chun feabhas a chur ar bhainistiú a gcuid faisnéise sláinte agus cúraim shóisialta. Baineann na caighdeáin, a d’fhormheas an tAire Sláinte, le gach eagraíocht agus seirbhís atá faoi raon feidhme reachtach HIQA, lena n-áirítear seirbhísí a sholáthraíonn FSS, Tusla, agus soláthraithe seirbhíse ábhartha.

Forbraíodh trí uirlis threorach chun tacú le seirbhísí agus eagraíochtaí na caighdeáin sin a chur chun feidhme, lena n-áirítear creat measúnaithe-breithiúnais, treoir maidir leis an gcreat measúnaithe-breithiúnais agus uirlis fhéinmheasúnaithe. Leis na huirlisí sin, cabhrófar le heagraíochtaí tuiscint a fháil ar a bhfuiltear ag súil leis uathu agus leagfar amach an próiseas measúnaithe. Úsáidfidh HIQA na huirlisí freisin mar chuid dá chlár athbhreithnithe leanúnach chun comhlíonadh na gcaighdeán náisiúnta sin a mheasúnú chun dearbhú a thabhairt do phríomhpháirtithe leasmhara agus don phobal.

I mí Dheireadh Fómhair 2024, reáchtálamar seimineár gréasáin chun plé a dhéanamh ar phríomhfheidhmeanna faisnéise sláinte HIQA, lena n-áirítear na caighdeáin náisiúnta nua sin agus na huirlisí tacaíochta cur chun feidhme. D’fhreastail 252 duine ón earnáil sláinte agus cúraim shóisialta agus ón bpobal i gcoitinne ar an seimineár gréasáin.

### Próiseas socraithe tosaíochta le haghaidh athbhreithniú ar na caighdeáin náisiúnta

In 2024, rinne HIQA, FSS agus an Roinn Sláinte athbhreithniú ar an gcaoi a socraímid tosaíocht don fhaisnéis sláinte agus ar an gcaoi a leagaimid síos caighdeáin ina leith in Éirinn ó thaobh beartais de. Ba thráthúil é athbhreithniú a dhéanamh ar líon agus struchtúr na gcaighdeán náisiúnta atá ann cheana féin agus ar na huirlisí tacaíochta cur chun feidhme lena chinntiú go bhfuil siad cothrom le dáta, oiriúnach don chuspóir, ailínithe leis an gcreat beartais agus reachtaíochta náisiúnta agus Eorpach atá ag teacht chun cinn agus go bhfreagraíonn siad do riachtanais na ndaoine a úsáideann agus a sholáthraíonn seirbhísí in Éirinn.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta, cuireadh tús le próiseas socraithe tosaíochta chun na hábhair a bhfuil caighdeáin ag teastáil uathu ar leibhéal náisiúnta a shainaithint. Déanfar dul chun cinn leis an obair ar an athbhreithniú ar dhá chaighdeán in 2025, lena n-áirítear an Caighdeán Náisiúnta do Shraith Sonraí Déimeagrafacha agus an Caighdeán Náisiúnta um Achoimre ar Scaoileadh Amach Othar.

### Ag ullmhú do chur chun feidhme an Rialacháin maidir le Spás Eorpach Sonraí Sláinte

I gcomhar le FSS, an Roinn Sláinte, an Bord Taighde Sláinte (HRB) agus páirtithe leasmhara tábhachtacha eile ar fud an chórais sláinte, chuir HIQA tús le comhordú clár oibre tábhachtach faoin tionscadal SonraíSláinte@IE (HealthData@IE) in 2024. Cinnteoidh an obair sin go gcomhlíonfaidh Éire a hoibleagáidí a bhaineann le húsáid thánaisteach sonraí faoin Spás Eorpach Sonraí Sláinte (EHDS). Arna mhaoiniú ag clár EU4Health, tacóidh tionscadal ceithre bliana SonraíSláinte@IE le bunú seirbhísí comhlachta rochtana sonraí sláinte in Éirinn. Leis na seirbhísí sin, éascófar úsáid thánaisteach sonraí agus soláthrófar rochtain shlán ar thacair sonraí d'úsáideoirí sonraí chun tacú le taighde agus nuálaíocht, oideachas agus oiliúint, ceapadh beartais, bainistíocht seirbhísí sláinte, agus ullmhú staitisticí náisiúnta.

I rith 2024, bhí HIQA i mbun oibre le páirtithe leasmhara tábhachtacha agus d'fhorbair sé cláir oibre maidir le feabhsú cáilíochta sonraí, rannpháirtíocht agus scaipeadh sonraí, agus oiliúint agus oideachas do shealbhóirí sonraí. Áiríodh leis sin ullmhúcháin chun measúnú ullmhachta a dhéanamh ar shealbhóirí sonraí in 2025, mar aon le tosú ar fhorbairt uirlis fhéinmheasúnaithe, creat measúnaithe comhlíonta agus creat idir-inoibritheachta náisiúnta. Rinneadh dul chun cinn freisin maidir leis an obair ullmhúcháin chun dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha agus oiliúint a chur orthu faoi na hathruithe atá á gcur chun feidhme.


Bhunaíomar painéal rannpháirtíochta othar agus an phobail chun tacú le hobair fhoriomlán an tionscadail.

Tá HIQA ina rannpháirtí in QUANTUM freisin, tionscadal arna mhaoiniú ag an Aontas a bhfuil sé mar aidhm aige córas lipéadaithe coiteann a chruthú a dhéanann measúnú agus cumarsáid ar cháilíocht agus ar fhóntas tacair sonraí sláinte chun críoch eolaíocha agus nuálaíochta sláinte. Úsáidfear an córas lipéadaithe sin ó Bhallstát go chéile nuair a bhunófar EHDS, agus cuirfidh sé ar chumas taighdeoirí, lucht déanta beartas agus gairmithe cúraim sláinte sonraí ardcháilíochta a shainaithint le haghaidh taighde agus cinnteoireachta. I rith 2024, ghlac HIQA páirt i bpróiseas Delphi chun comhthuiscint a bhaint amach maidir le toisí an lipéid agus chuir siad tús le hullmhúcháin le haghaidh comhcheannaireacht ar thasc le hInstitiúid Náisiúnta Sláinte Poiblí na hOstaire in 2025 chun measúnú a dhéanamh ar thaithí na sealbhóirí sonraí a bhí páirteach i dtriail phíolótach an lipéid. A luaithe a bheidh seirbhísí comhlachta rochtana sonraí sláinte bunaithe in Éirinn faoi EHDS, úsáidfidh sealbhóirí sonraí an lipéad arna fhorbairt ag tionscadal QUANTUM chun tuairisciú a dhéanamh ar cháilíocht a gcuid sonraí.

### 4.4.2 Caighdeáin sláinte agus cúraim shóisialta


Faoin Acht Sláinte, 2007, táimid freagrach as caighdeáin náisiúnta a fhorbairt do sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. Is sraith de thorthaí ardleibhéil iad caighdeáin náisiúnta a chuireann síos ar conas is féidir le seirbhísí cúram agus tacaíocht sábháilte, ardcháilíochta agus atá dírithe ar an duine a bhaint amach. Tá siad bunaithe ar fhianaise agus cuirtear bonn eolais fúthu trí theagmháil a dhéanamh leo siúd a úsáideann agus a sholáthraíonn ár seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.

### Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte Níos Fearr




D’fhormheas an tAire Sláinte na caighdeáin seo den chéad uair in 2012 agus leasaíodh iad in 2024 mar gheall ar thosach feidhme an Achta um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Infhógartha agus Nochtadh Oscailte), 2023. Tá feidhmeanna socraithe caighdeán agus monatóireachta HIQA leathnaithe aige seo chun ospidéil phríobháideacha, agus seirbhísí sláinte forordaithe amach anseo, a chumhdach. Chuaigh HIQA i mbun plé le páirtithe leasmhara trí chomhairliúchán poiblí sé seachtaine agus grúpaí fócais chun a chinntiú go raibh an leasú ar raon feidhme na gcaighdeán seo soiléir, agus go mbeadh soláthraithe in ann iad a chur i bhfeidhm. Cuireann na caighdeáin seo treoir ar fáil chun feabhas a chur ar cháilíocht, ar shábháilteacht agus ar iontaofacht cúraim sláinte do dhaoine atá ina gcónaí in Éirinn. Tá sé mar aidhm acu cúram ardcháilíochta comhsheasmhach a chinntiú in ospidéil phoiblí agus phríobháideacha araon.

### Dréacht-Chaighdeáin Náisiúnta do Sheirbhísí Tacaíochta Baile




Táimid ag forbairt Dréacht-Chaighdeáin Náisiúnta do Sheirbhísí Tacaíochta Baile chun feabhsuithe forásacha cáilíochta a chur chun cinn i seirbhísí tacaíochta baile agus chun guth comhroinnte a thabhairt d’ionchais na ndaoine a úsáideann seirbhísí, soláthraithe seirbhíse, foirne agus an phobail. Forbraíodh na caighdeáin agus úsáid á baint as an gcreat prionsabal, lena n-áirítear: cur chuige bunaithe ar chearta an duine, freagrúlacht, cuntasacht, agus sábháilteacht agus folláine, agus iad go léir ag obair le chéile chun cúram atá dírithe ar an duine a chur chun cinn. I mí na Samhna 2024, chuaigh HIQA i mbun comhairliúcháin phoiblí sé seachtaine agus grúpaí fócais le páirtithe leasmhara chun tuilleadh eolais a dhéanamh dá bhforbairt. Áiríodh leis na páirtithe leasmhara daoine a úsáideann seirbhísí tacaíochta baile, a dteaghlaigh, cúramóirí, soláthraithe seirbhíse, baill foirne a oibríonn i seirbhísí tacaíochta baile, abhcóidí, taighdeoirí, lucht déanta beartas, agus an pobal. Fuarthas 118 aighneacht i scríbhinn san iomlán tríd an gcomhairliúchán poiblí agus tionóladh 13 ghrúpa fócais ina raibh 94 rannpháirtí.

### Athbhreithniú Scóipe chun Bonn Eolais a chur faoi Mheasúnú ar Riachtanas

In 2024, rinneamar athbhreithniú scóipe chun bonn eolais a chur faoi chaighdeáin le haghaidh measúnú ar riachtanas. Déantar cur síos leis an athbhreithniú sin ar na córais náisiúnta agus idirnáisiúnta atá i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar riachtanas, agus leagtar amach ann an dea-chleachtas reatha ó na cineálacha cur chuige a glacadh i dtíortha eile a chuirfidh bonn eolais faoin mbeartas sa réimse seo.

## Uirlisí tacaíochta cur chun feidhme a fhorbairt le haghaidh caighdeáin náisiúnta

I gcomhréir lenár Straitéis um Chaighdeáin Sláinte agus Cúraim Shóisialta 2022-2024, forbraímid uirlisí tacaíochta cur chun feidhme chun cabhrú le baill foirne a oibríonn i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta caighdeáin náisiúnta a chur chun feidhme ina gcuid oibre laethúla.


### Cúrsaí foghlama ar líne do bhaill foirne seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta

Forbraíodh ceithre chúrsa foghlama ar líne ar chosc agus rialú ionfhabhtaithe, cosaint daoine fásta, cur chuige bunaithe ar chearta an duine a chur i bhfeidhm i sláinte agus cúram sóisialta agus bunphrionsabail na habhcóideachta. Cuidíonn na cúrsaí sin le cumas a thógáil, agus feabhsuithe cáilíochta a chur chun cinn laistigh de sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.

In 2024, bhí 109,595 cúrsa críochnaithe ar fud na gceithre chúrsa agus 362,925 san iomlán ó seoladh iad. Léirítear le Fíor 19 an fás leanúnach ar líon na gcúrsaí a chríochnaítear go bliantúil ó seoladh iad, agus léiríonn sé leibhéal méadaitheach feasachta maidir le cur i bhfeidhm na gcaighdeán náisiúnta do sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta i gcleachtas. Tá na cúrsaí uile ar fáil le cur i gcrích ar líne trí HSELanD, tairseach foghlama agus forbartha ar líne FSS nó trí Mol Foghlama HIQA.


**Fíor 19.**

Cuir i gcrích cúrsaí foghlama ar líne




### Conas Caighdeáin Náisiúnta a Chur i bhFeidhm: Treoir Chur Chun Feidhme


I gcomhpháirtíocht leis an gCoimisiún Meabhair-Shláinte, d'fhoilsíomar treoir phraiticiúil i mí Dheireadh Fómhair 2024 chun tacú le baill foirne i seirbhísí sláinte, meabhairshláinte agus cúraim shóisialta chun caighdeáin náisiúnta a chur chun feidhme. Tá *Conas Caighdeáin Náisiúnta a Chur i bhFeidhm: Treoir Chur Chun Feidhme do Sheirbhísí Sláinte, Meabhairshláinte agus Cúraim Shóisialta* ceaptha chun cabhrú le baill foirne ullmhú do chaighdeáin náisiúnta nua agus chun deiseanna a shainaithint chun feabhas a chur ar cháilíocht agus ar shábháilteacht seirbhísí i gcomhréir leis na caighdeáin atá ann cheana féin.



### Sraith straitéisí cumarsáide do bhaill foirne Tusla

I mí Aibreáin 2024, d'fhoilsíomar sraith straitéisí cumarsáide chun tacú le foireann Tusla cumarsáid a fheabhsú ina gcuid oibre le leanaí, teaghlaigh agus cúramóirí altrama. Forbraíodh tacar uirlise, *Bunphrionsabail na dea-chumarsáide: Conas comhráite laethúla éifeachtacha a bheith agat* i gcomhar le foireann Tusla agus daoine eile atá ag obair i seirbhísí sóisialta leanaí le hionchur tábhachtach ó leanaí, teaghlaigh agus cúramóirí altrama. Leagtar amach leis an tsraith straitéisí ceisteanna tábhachtacha chun cabhrú le cumarsáid laethúil agus neartaítear bunphrionsabail na dea-chumarsáide, agus áirítear leis cás-staidéir phraiticiúla. Rinneadh tástáil úsáideora ar an tsraith straitéisí le 35 ball foirne de chuid Tusla chun a chinntiú go raibh sé oiriúnach agus éifeachtach, agus cuireadh ar gearrliosta é do dhámhachtain ag Dámhachtainí Seirbhísí Sóisialta na hEorpa in 2024.

### Cúrsa Foghlama Abhcóideachta Ar Líne




Le linn 2024, rinneamar iniúchadh ar dhearcthaí oibrithe sláinte agus cúraim shóisialta ar ár gcúrsa foghlama ar líne *Bunphrionsabail na hAbhcóideachta i sláinte agus i gcúram sóisialta*. Rinneadh suirbhé ar líne le daoine a chríochnaigh an cúrsa, agus rinneadh grúpaí fócais a éascú le faisnéiseoirí tábhachtacha a dhéanann maoirseacht ar chleachtais abhcóideachta in Éirinn. Moladh leis na torthaí go bhféadfadh an cúrsa foghlama abhcóideachta ar líne feasacht agus eolas ar abhcóideacht a mhéadú agus go bhféadfadh sé a bheith ina uirlis úsáideach chun cleachtas oibre fhoireann sláinte agus cúraim shóisialta a fheabhsú. Foilseofar an tuarascáil iomlán in 2025.

## 4.4.3 Clár Náisiúnta um Eispéireas Cúraim

Is comhthionscnamh idir HIQA, FSS, agus an Roinn Sláinte é an Clár Náisiúnta um Eispéireas Cúraim a chuireann ceisteanna ar dhaoine faoina n-eispéireas ar chúram d'fhonn feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn. Bunaíodh an clár in 2017, agus reáchtálann sé an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar Cónaitheach, an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Máithreachais, an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas an Mhéala Máithreachais, an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Tithe Altranais, agus an Suirbhé Náisiúnta ar Dheireadh Saoil.

Tá torthaí na suirbhéanna leagtha amach i dtuarascálacha foilsithe agus trí dheais idirghníomhach ar líne atá ar fáil ar an suíomh gréasáin www.yourexperience.ie. Úsáideann FSS torthaí gach suirbhé chun bonn eolais a chur faoi fheabhsuithe cáilíochta ar sheirbhís, ar chleachtas agus ar bheartas. Úsáideann an Roinn Sláinte na torthaí chun bonn eolais a chur faoi bheartas agus reachtaíocht náisiúnta, agus úsáideann HIQA na torthaí chun bonn eolais a chur faoi chaighdeáin agus treoir náisiúnta.

Le linn 2024, d'fhreastalaíomar ar sheisiúin rannpháirtíochta leis an bPríomh-Oifig Staidrimh agus le Foras Ospíse na hÉireann chun torthaí suirbhé a chur chun cinn agus chun úsáid bhreise thorthaí an tsuirbhé a spreagadh. Chuireamar freisin le roinnt grúpaí stiúrtha ar thionscadal Oifig Nochta Oscailte FSS, ar thionscadal sláinte na mban agus Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta i gCúram Sláinte Pobail FSS an Oirthir agus ar chruinniú idirnáisiúnta maidir le comhoibrithe a neartú agus tionchar a ghiniúint ó thaighde suirbhé ar eispéireas othar.

### Suirbhé Náisiúnta ar Dheireadh Saoil

I mí Aibreáin 2024, d'fhoilsíomar torthaí an chéad Suirbhé Náisiúnta ar Dheireadh Saoil in Éirinn. Ghlac 4,570 ball teaghlaigh agus cairde a bhí faoi mhéala páirt sa suirbhé inar fiafraíodh de dhaoine a bhí faoi mhéala faoin gcúram a tugadh dá ngaolta agus dá gcairde sna míonna agus laethanta deiridh dá saol. Rátáil 89% díobh siúd a ghlac páirt an cúram foriomlán a fuair a

ngaolta agus a gcairde mar 'mhaith' nó 'an-mhaith'. Leis an suirbhé, gabhadh an t-eispéireas ar fud na suíomhanna uile, lena n-áirítear ospidéil, tithe altranais, ospísí agus sa bhaile. Léirigh na freagraí go mbíonn ilshuíomhanna cúraim agus réimse conairí cúraim i gceist leis an gcúram a chuirtear ar fáil sna míonna agus laethanta deiridh den saol, agus gur leag na freagróirí béim ar an meas agus an dínit a léirigh an fhoireann don duine a fuair bás mar réimse de dhea-eispéireas cúraim.

D'fhoilsigh FSS plean feabhsúcháin cáilíochta mar fhreagairt ar na torthaí, agus tá gealltanas tugtha ag Foras Ospíse na hÉireann agus ag eagraíochtaí ionadaíocha náisiúnta do thithe altranais gníomhú ar bhonn thorthaí an tsuirbhé chun bonn eolais a chur faoi fheabhsuithe amach anseo ar a gcuid seirbhísí. Bronnadh Dámhachtain Taighde Rochtana Oscailte FSS i mí na Nollag 2024 ar pháipéar acadúil piarmheasúnaithe faoi fhorbairt an tsuirbhé, dar teideal *'Ag fáil bháis, bás agus méala: suirbhé náisiúnta ar ghaolta faoi mhéala a fhorbairt'*.

### Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar Cónaitheach

In 2024, d'fhiafraigh an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar Cónaitheach d'othair faoina n-eispéireas le déanaí in ospidéal géarmhíochaine poiblí in Éirinn. Tugadh cuireadh do bhreis is 30,000 duine a n-eispéireas a chomhroinnt agus d'fhreagair 12,367 (41%) acu. Rátáil formhór na n-othar (85%) a n-eispéireas foriomlán mar mhaith nó an-mhaith. Áiríodh leis na réimsí eispéireas maith gur caitheadh leo le dínit agus le meas, go raibh muinín agus iontaoibh acu as foireann an ospidéil, agus go raibh muinín acu as sábháilteacht na cóireála agus an chúraim. I measc na réimsí a raibh gá le feabhsú orthu bhí duine éigin a bheith ar fhoireann an ospidéil ionas go bhféadfadh othair labhairt leis faoina gcuid imní, agus níos mó ama a bheith acu chun cúram agus cóireáil a phlé le dochtúir. Tá feabhas suntasach tagtha ar rátáil na n-othar ar a n-eispéireas cúraim foriomlán ó bhí 2022 ann, agus léiríonn torthaí suirbhé 2024 feabhsuithe ar bheagnach gach gné den chúram scaoilte amach freisin. Mar sin féin, léiríonn torthaí suirbhé 2024 scóir níos ísle ó 2022 i ndáil le príobháideachas san ospidéal, cur in aithne ó fhoireann an ospidéil agus bainistíocht péine.

### Forbairt suirbhéanna nua

In 2024, rinneadh rannpháirtíocht fhairsing leis na pobail meabhairshláinte agus cúram ailse chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt Shuirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Meabhairshláinte agus Shuirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Cúraim Ailse. Glacadh cur chuige comhléiriúcháin agus comhdheartha sa rannpháirtíocht agus lorgaíodh léargais uathu siúd a úsáideann agus a sholáthraíonn seirbhísí chun bonn eolais a chur faoi dhearadh, forbairt agus seachadadh na suirbhéanna. Bhí trí chruinniú le Foireann an Chórais Riaracháin Othar in FSS agus le soláthraithe neamhspleácha aonad meabhairshláinte mar chuid den rannpháirtíocht sin chun bonn eolais a chur faoi mhodheolaíocht an tSuirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Meabhairshláinte. Tá an suirbhé sin á fhorbairt i gcomhar leis an gCoimisiún Meabhair-Shláinte.

I rith na bliana, bhíomar i dteagmháil le breis is 280 páirtí leasmhar chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt suirbhéanna nua agus chun suirbhéanna atá ann cheana a nuashonrú trí ghrúpaí fócais, cruinnithe aonair, agallaimh, agus trí staidéar Delphi ar líne, mar aon le sraith seimineár gréasáin ar líne.

## 4.4.4 Taighde

Tá tuilleadh forbartha déanta againn ar ár bhfeidhm taighde a sholáthraíonn tacaíocht don Stiúrthóireacht um Fhaisnéis agus Caighdeáin Sláinte chun ár modhanna agus ár bpróisis taighde a fheabhsú agus a chaighdeánú le cláir struchtúrtha bunaithe ar scileanna taighde, foilseacháin acadúla, socrúcháin mac léinn, comhpháirtíochtaí acadúla agus idirnáisiúnta agus iarratais ar dheontais.

Seo a leanas tionscadail taighde atá ar siúl faoi láthair le comhpháirtithe acadúla:

### Scéim Chomhaltachta Foghlama le Digital Health & Care Scotland

Tríd an scéim seo, cuirtear socrúcháin ar fáil do lucht déanta beartas sinsearach nó d'oibrithe seirbhíse sláinte in Albain agus in Éirinn chun deis a thabhairt le haghaidh foghlaim chomhroinnte agus comhoibriú amach anseo.

### Tionscadal Anailíse Sonraí Tánaisteacha leis an gClár Náisiúnta um Eispéireas Cúraim agus Ollscoil Mhá Nuad

Bhí anailís mhionsonraithe ar bhreis is 70,000 trácht saorthéacs a fuarthas mar fhreagairt ar shuirbhéanna an Chláir Náisiúnta um Eispéireas Cúraim agus forbairt uirlise chun anailís níos éifeachtaí agus níos caighdeánaithe a dhéanamh ar shonraí cáilíochtúla a fhaightear i suirbhéanna amach anseo i gceist leis an tionscadal seo, arna mhaoiniú ag HRB. Seachadfar na haschuir chríochnaitheacha in 2025.

### Dámhachtain Comhpháirtíochta Feidhmí leis an gClár Náisiúnta um Eispéireas Cúraim agus Ollscoil na Gaillimhe

Cabhróidh an tionscadal seo, arna mhaoiniú ag HRB, le daoine ó phobail imeallaithe agus le baill foirne a bhailíonn nó a úsáideann sonraí ón Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar Cónaitheach oibriú le chéile trí thionscnamh comhdheartha. Tá athbhreithniú scóipe ar bun, rud a fhiosraíonn an chaoi a ndéantar neamhionannais sláinte a choincheapú i suirbhéanna ar eispéireas othar go hidirnáisiúnta.

### Tionscadal Anailíse Sonraí Tánaisteacha leis an gClár Náisiúnta um Eispéireas Cúraim agus Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

Déanfaidh an tionscadal seo, arna mhaoiniú ag HRB, meastachán ar leitheadúlacht an daonra a bhíonn ag beathú cíche go heisiach faoi bhun sé mhí d'aois agus aon bheathú cíche suas le dhá bhliain, agus scrúdóidh sé athróga a bhaineann le torthaí beathú cíche máithreacha. Éascóidh sé sin forbairt suirbhé ar bheathú naíonán in Éirinn, ar féidir é a úsáid chun rianú a dhéanamh ar dhul chun cinn na hÉireann i dtreo na moltaí náisiúnta maidir le beathú cíche a chomhlíonadh.

### Clár taighde leis an gClár Náisiúnta um Eispéireas Cúraim agus Ollscoil na Gaillimhe

Bronnadh an clár taighde seo, arna mhaoiniú ag HRB, in 2024 agus scrúdóidh sé rannpháirtíocht othar i sábháilteacht othar in 2025.

### Clár Náisiúnta um Eispéireas Cúraim agus Scoil na Sláinte Poiblí, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Leis an gcomhoibriú taighde seo, cuirfear deis ar fáil comhoibriú le saineolaithe ceannródaíocha i dtaighde seirbhísí sláinte agus, ag an am céanna, tacair sonraí an Chláir Náisiúnta um Eispéireas Cúraim á n-uasmhéadú agus feasacht á múscailt faoin gclár.

### Clár Náisiúnta um Eispéireas Cúraim agus Scoil na Sláinte Poiblí, na Fisiteiripe agus na hEolaíochta Spóirt, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

Leis an gcomhoibriú taighde seo, déanfar tacair sonraí an Chláir Náisiúnta um Eispéireas Cúraim a bharrfheabhsú chun deiseanna breise a sholáthar chun feasacht a mhúscailt faoin gclár le taighde ceannródaíoch, foilseacháin acadúla agus foghlaim mac léinn.

### Socrúcháin Mac Léinn agus Rannpháirtíocht Acadúil

Chomhordaíomar cúig shocrúchán mac léinn i rith na bliana, lena n-áirítear triúr mac léinn ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, BSc in Eolaíochtaí Sláinte Poiblí agus beirt mhac léinn fochéime sna heolaíochtaí sláinte mar chuid d'intéirneacht acadúil EUSA. Thacaíomar le scoláireacht PhD ceithre bliana, arna maoiniú ag HIQA, a chríochnú chun taighde a dhéanamh ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar chur chun feidhme caighdeán náisiúnta. Thugamar léachtaí do mhic léinn fochéime agus iarchéime i sláinte agus cúram sóisialta ó chúram sóisialta in Ollscoil Teicneolaíochta, Baile Átha Cliath, MSc i gCeannaireacht IPC in Ollscoil Luimnigh, MSc in Ionfhabhtú Cúraim Sláinte, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, clár PhD SPHeRE i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, MSc i gCaillteanas agus i Méala in RCSI, Baile Átha Cliath agus BSc in Eolaíochtaí Sláinte Poiblí i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh.

# 4.5 | Ár bhfeidhmeanna cumasúcháin

## 4.5.1 Acmhainní daonna

In 2024, chuir ár bhFoireann Acmhainní Daonna (AD) agus Forbartha Eagraíochtúla roinnt tionscnamh straitéiseach, acmhainní daonna agus forbartha eagraíochtúla i gcrích.

Chomhroinneamar torthaí suirbhé rannpháirtíochta foirne a reáchtáladh go neamhspleách leis an bhfoireann. Leis an suirbhé neamhspleách sin, cuirtear ar chumas na heagraíochta leibhéal rannpháirtíochta na foirne a mheas agus a thagarmharcáil i roinnt réimsí sainithe. Bhí áthas orainn scór ard rannpháirtíochta a choinneáil, rud a léiríonn an luach a chuireann an fhoireann ar a bheith sásta aiseolas a thabhairt maidir leis an eagraíocht.

Rinne an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann iniúchadh athdheimhniúcháin iomlán ar Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe 1000:2017. Tá sé mar aidhm ag an dámhachtain eagraíochtaí a spreagadh chun lánacmhainneacht a bhfostaithe a fhorbairt, foghlaim agus forbairt fostaithe a chur chun cinn agus gníomhú mar uirlis feabhsúcháin gnó. Déanann foireann tras-eagraíochta i gcomhar le hAcmhainní Daonna maoirseacht agus bainistíocht ar an gclár oibre tábhachtach seo. Bhí áthas orainn an creidiúnú Platanaim a choinneáil, agus méadú ar ár scór foriomlán.

Le linn na bliana, thacaíomar le hearcaíocht agus ceapachán líon mór post agus rinneamar dul chun cinn orthu, agus bhainistíomar breis is 2,300 iarratas iarrthóra. D'earcaíomar 127 post a bhain le riachtanais phleanála fórsa saothair oibríochtúla agus straitéiseacha. Leanfaimid orainn ag obair leis an Roinn Sláinte maidir le hacmhainní breise chun freastal ar riachtanais fáis bhreise de réir mar a leanann ár sainchúram ag leathnú.

In 2024, dhearamar agus sheachadamar 57 clár foghlama agus forbartha corparáidí do 869 rannpháirtí chun freastal ar riachtanais foghlama agus forbartha aonair agus grúpa. I measc na n-ábhar bhí scileanna comhoibrithe, forbairt ceannaireachta, feasacht ar thiomáint shábháilte agus dínit agus meas san ionad oibre.

Leanann sláinte agus folláine ár bhfoirne de bheith ina phríomhthosaíocht. Is trí stiúideo folláine digiteach, atá feistithe leis an teicneolaíocht sruthaithe beo is fearr, a thagtar ar ár gclár folláine foirne den chuid is mó. Bhí riachtanais bhaill foirne mar bhonn leis na réimsí fócais folláine in 2024 agus áiríodh leo cláir, imeachtaí agus ceardlanna éagsúla a bhain le scagthástáil sláinte, sos míostraithe, sláinte airgeadais agus dúshlán gluaiseachta corparáidí spraíúil. Forbraíodh foireann Freagróirí Garchabhrach Meabhairshláinte chun tacaíocht agus cúnamh breise a sholáthar do chomhghleacaithe.

I gcomhréir leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021, d'fhoilsigh HIQA Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní i mí na Nollag 2024, ina leagtar amach ár bhfigiúirí maidir le pá de réir inscne.

Táimid bródúil as an lucht saothair éagsúil atá againn, a sheachadann obair ardcháilíochta ar fud na heagraíochta. Leanfaimid orainn ag obair chun eagraíocht chuimsitheach, éagsúil agus chothrom a chruthú trí aiseolas leanúnach a shainaithint agus gníomhú air agus leas a bhaint as deiseanna lena n-éascaítear athrú bríoch. Agus é sin san áireamh, tá HIQA i mbun Straitéis nua Daoine agus Cultúir a fhorbairt faoi láthair.

## 4.5.2 Sláinte agus sábháilteacht

Tá HIQA tiomanta fós do shláinte agus sábháilteacht gach duine atá ag obair don eagraíocht a chosaint. Tá ár gcreat sláinte agus sábháilteachta curtha chun feidhme againn agus leanfaimid orainn ag déanamh monatóireachta air, creat lena bhforáiltear na beartais, na caighdeáin, na hábhair agus na huirlisí riachtanacha a thacaíonn leis an eagraíocht agus a chabhraíonn léi cúrsaí sláinte agus sábháilteachta a chur chun cinn, a oiliúint, a bhainistiú agus a fheabhsú laistigh de shaoráidí agus de phróisis oibríochtúla.

Cuirtear réimse iomlán tacaíochtaí ar fáil do bhaill foirne a oibríonn san oifig agus ón mbaile faoin tsamhail oibre cumaisc, lena n-áirítear troscán, trealamh agus gach ceanglas sláinte agus sábháilteachta.

### 4.5.3 An comhshaol agus an inbhuanaitheacht

D'oibrigh HIQA chun a chinntiú go gcomhlíonann sé Sainordú na hEarnála Poiblí de chuid an Rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide. Tá tuairisc tugtha aige maidir le cur chun feidhme na gceanglas sainordaithe d'Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (ÚFIÉ). Tá Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide forbartha ag HIQA, agus tá sé nuashonraithe i gcomhréir le gach ceanglas Rialtais. Leagtar amach leis an Treochlár ár gcuspóirí foriomlána agus athdhearbhaítear ár dtiomantas chun na spriocanna uile a leag an Rialtas amach a chomhlíonadh nó a shárú.

Leanann HIQA ag obair chun a thomhaltas fuinnimh, astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ($CO^2$) agus astaíochtaí gás ceaptha teasa eile a laghdú chun an tionchar diúltach atá ag a oibríochtaí ar ár dtimpeallacht a theorannú. Go dtí seo, tá laghdú breise de 4% bainte amach againn ar úsáid leictreachais i gcomparáid lenár sonraí ó 2023 agus laghdú 18.1% ar úsáid leictreachais i gcomparáid leis na figiúirí bonnlíne arb iad na sonraí meánacha ó 2016-2018 mar a shainaithin ÚFIÉ. Áirítear leis an laghdú sin an leictreachas iomlán a úsáidtear in dhá fhoirgneamh nua freisin. Ina theannta sin, laghdaigh HIQA a úsáid gáis nádúrtha in oifig Bhaile Átha Cliath faoi 23.8% breise in 2024 i gcomparáid le 2023 agus bhain sé laghdú foriomlán de 34.6% amach i gcomparáid lenár sonraí bonnlíne úsáide ó 2016-2018. San iomlán, is laghdú foriomlán 24.4% é sin ar úsáid gáis agus leictreachais i gcomparáid le sonraí bonnlíne 2016-2018.

Tá coigilteas foriomlán 23.2% in astaíochtaí gás ceaptha teasa bainte amach ag ár n-iarrachtaí chun fuinneamh a laghdú i gcomparáid leis an meán bliantúil bonnlíne. Tá dul chun cinn maith á dhéanamh ag HIQA chun spriocanna 2030 a bhaint amach.

Tá HIQA tiomanta d'inbhuanaitheacht a chinntiú i ngach gné dá oibríochtaí. Chun tacú leis sin, tá Foireann Ghlas bunaithe aige.

Tá próisis i bhfeidhm againn chun na hastaíochtaí a bhaineann le taisteal oifigiúil aeir a fhritháireamh. Le linn na bliana, íocadh íocaíochtaí chun na hastaíochtaí sin a fhritháireamh leis an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide ag an Roinn Cumarsáide, Aeráide agus Comhshaoil.

### 4.5.4 An Fhoireann um Chumarsáid agus Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara

I gcomhréir lenár Straitéis Chumarsáide agus Rannpháirteachais le Páirtithe Leasmhara 2022-2024, tá HIQA tiomanta do dhul i dteagmháil lena pháirtithe leasmhara agus do dhul i rannpháirtíocht leo. Déanaimid é sin trí ghnóthaí poiblí agus parlaiminteacha, bainistíocht foilsithe, rannpháirtíocht preasa agus meán, meáin dhigiteacha agus cumarsáidí inmheánacha.

In 2024, áiríodh leis an obair sin na nithe seo a leanas:

- 36 preasráiteas eisithe.
- 88 ráiteas foilsitheoireachta eisithe in éineacht le foilsiú tuarascálacha cigireachta.
- 58 foilseachán.
- 8 gcomhairliúchán leis an bpobal.
- 6 eagrán den nuachtlitir sheachtrach, Nuacht HIQA, eisithe.
- 12 eagrán de ríomhiris na foirne eisithe.
- 544,820 amharc leathanaigh ar ár suíomh gréasáin, www.hiqa.ie.
- 24 ceist pharlaiminte freagartha.
- 8,566 ríomhphost faighte ag info@hiqa.ie.
- 20 aighneacht déanta do chomhairliúcháin phoiblí sheachtracha.

### 4.5.5 An Rannóg Faisnéise

Rinne ár Rannóg Faisnéise roinnt gníomhaíochtaí in 2024 chun tacú leis an eagraíocht i gcomhréir lenár gclár claochlaithe digiteach agus sonraí, lena n-áirítear:

- Réiteach teicneolaíochta eatramhach a chur chun feidhme chun an tAcht um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Infhógartha agus Nochtadh Oscailte), 2023 a thabhairt isteach
- Athruithe ríthábhachtacha gnó a chur i gcrích ar an ardán rialála
- Tosú ar chur chun feidhme córais chlaochlaithe airgeadais
- Sraith chomhoibrithe teicneolaíochtaí ar ghléasanna soghluaiste agus réitigh néalbhunaithe breise a leathnú chun tacú le riachtanais ghnó leanúnacha
- Córas bainistíochta tionscadal a chur chun feidhme ionas go gcuirfear tionscadail i gcrích go héifeachtúil
- Forbairt an chláir claochlaithe rialála a chur chun cinn
- Tionscnaimh oibríochtúla a sheachadadh chun teicneolaíochtaí ar an láthair, néalteicneolaíochtaí agus teicneolaíochtaí digiteacha a chothabháil
- Bearta slándála breise a neartú trí shraith teicneolaíochtaí oiriúnacha a nuashonrú chun córais agus sonraí a chosaint
- Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar bheartais agus nósanna imeachta cibearshlándála
- Córas cúltaca HIQA agus cumais bhreise le haghaidh néal-chúltaca sonraí a chothabháil
- Díchoimisiúnú teicneolaíochtaí níos sine agus córais chomhoibrithe oidhreachta
- Tacú le forbairt córais nua rialála TF chun cur chuige comhordaithe a chinntiú i leith bheith ina rialtóir cumasaithe go digiteach.

Trí chomhoibriú le foireann ildisciplíneach ina raibh comhaltaí na rannóg gnó agus teicneolaíochta, chuireamar go leor tionscadal straitéiseach agus oibríochtúil chun cinn freisin.

Soláthraímid seirbhís TF agus seirbhís tacaíochta ag an deasc d'fhoireann HIQA. Fuarthas i suirbhé aiseolais foirne 2024 ar an tseirbhís tacaíochta sin gur thuairiscigh 93% den fhoireann gur seirbhís iontach, mhaith nó shásúil atá inti.

I gcomhréir le riachtanais na straitéise claochlaithe dhigitigh agus sonraí agus an leathnaithe gnó, chuireamar réitigh theicneolaíochta riachtanacha ar fáil do bhaill foirne nua. Leanaimid orainn ag cur ár slándála agus an bhonneagair i bhfeidhm do chórais amach anseo.

### 4.5.6 Córas bainistíochta cáilíochta

Le linn na bliana, leanamar orainn ag cur ár Straitéis Cáilíochta agus Riosca 2023-2025 chun feidhme. Tá sé mar aidhm ag an straitéis sin creat agus cultúr láidir cáilíochta agus riosca a fhorbairt a thuilleadh agus tiomantas HIQA do rialachas láidir a léiriú. Le córas bainistíochta cáilíochta HIQA, tugtar tacaíocht do réimsí gnó chun a chinntiú go bhfuil a bpróisis éifeachtach, comhsheasmhach agus i gcomhréir le ceanglais reachtúla, agus go gcomhlíonann siad riachtanais na bpáirtithe leasmhara.

ISO 9001:2015

I mí na Samhna 2024, rinneadh Iniúchadh Faireachais ISO 9001:2015 agus bhí áthas orainn ár gcreidiúnú ISO a choinneáil. B'iniúchadh leantach ar iniúchadh iomlán in 2023 é an t-iniúchadh faireachais sin, inar bhain HIQA stádas creidiúnaithe ISO amach. Bhí an t-aiseolas ó na hiniúchóirí dearfach maidir leis na córais atá i bhfeidhm againn, agus leag sé béim ar phaisean agus ar thiomantas ár bhfoirne, ar an mbród as a gcuid oibre agus ar an tiomantas dár luachanna eagraíochtúla.

I measc na n-oibreacha eile sa réimse seo in 2024 bhí:

- Athbhreithniú agus nuashonrú iomlán ar chreat bainistíochta riosca HIQA.
- Sceideal bliantúil Iniúchtaí Dearbhaithe Cáilíochta ISO HIQA a chur chun feidhme chun éifeachtacht chóras bainistíochta cáilíochta HIQA a mheas.
- Forbairt a dhéanamh ar chomhroinnt faisnéise chun cur chuige gníomhaíochta ceartaitheacha agus srianta a chur i bhfeidhm agus feabhas a spreagadh inár bpróisis.
- Bainistiú 'Pobal Cleachtais Cáilíochta' chun tacú le rannpháirtíocht foirne i saincheisteanna cáilíochta, trí chomhroinnt faisnéise, seimineáir feabhsúcháin cáilíochta agus plé agus tacaíocht.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar Eolaire Comhlíonta Reachtúil HIQA.

### 4.5.7 Bainistíocht airgeadais

I rith 2024, lean HIQA ar aghaidh ag bainistiú a chuid acmhainní airgeadais de réir an dea-chleachtais agus na gceanglas rialachais ábhartha uile. Chuir úsáid na pleanála agus na bainistíochta airgeadais leanúnaí ar chumas HIQA a acmhainní a úsáid go héifeachtúil agus go héifeachtach.

Cuireadh cuntais bhliantúla HIQA do 2024 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhréir leis na hamlínte a leagtar amach san Acht Sláinte, 2007.

### 4.5.8 Saoráil Faisnéise

Fuair HIQA 80 iarraidh ar Shaoráil Faisnéise (SF) san iomlán in 2024, agus tugadh seacht gcinn anonn ó 2023. Tá sonraí breise ar na hiarratais sin ar fáil sa tábla thíos.

**Tábla 3. Iarrataí SF in HIQA**

| Iarrataí SF in 2023 | |
|---|---|
| Tugtha ar aghaidh ó 2023 | 7 |
| Faighte in 2024 | 80 |
| **Iomlán Iarrataí a Láimhseáladh** | **87** |
| Tugtha ar aghaidh chuig 2025 | 3 |
| **Dúnta in 2024** | **84** |
| **Miondealú dúnta 2024** | |
| Deonaithe | 7 |
| Deonaithe i bPáirt | 35 |
| Diúltaithe | 25 |
| Aistrithe | 0 |
| Tarraingthe siar/Láimhseáilte lasmuigh de SF | 17 |

Ní raibh aon achomharc ná athbhreithniú inmheánach ar chinntí ag Oifig an Choimisinéara Faisnéise.

### 4.5.9 Bainistíocht gearán

Cuireann HIQA fáilte roimh thuairimí, moltaí agus gearáin faoina fheidhmíocht agus a iompar agus a dhualgais agus a fhreagrachtaí reachtúla á gcomhlíonadh aige. Féadfaidh an t-aiseolas sin teacht ó sholáthraithe seirbhíse, othair, cúramóirí, gaolta, eagraíochtaí príobháideacha agus deonacha, gníomhaireachtaí reachtúla agus an pobal i gcoitinne. Féachann HIQA ar ghearáin mar dheiseanna chun athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtas agus nósanna imeachta, agus réimsí le feabhsú a shainaithint. Is mian linn freisin gearáin a réiteach ar mhodh éifeachtach tráthúil, agus úsáid a bhaint as cur chuige um réiteach luath ar ghearáin nuair is féidir.

Le linn 2024, fuair HIQA seacht ngearán, agus próiseáladh agus bainistíodh iad uile i gcomhréir lenár mbeartas.

### 4.5.10 Cairt Seirbhíse Cáilíochta

Tá Cairt Seirbhíse Cáilíochta agus Plean Gníomhaíochta forbartha ag HIQA chun faisnéis a sholáthar do dhaoine a bhíonn ag plé lenár seirbhísí ar an leibhéal seirbhíse ar féidir leo a bheith ag súil leis uainn. Leagtar amach leis an gCairt ár dtiomantas d'oibriú i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara i gcomhréir le prionsabail na seirbhíse ardcháilíochta do chustaiméirí. Tá dul chun cinn maidir le cur chun feidhme ár bplean gníomhaíochta um an Chairt Seirbhíse foilsithe againn ar www.hiqa.ie.

### 4.5.11 Nochtaí Cosanta

Amhail de réir mír 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tá tuarascáil bhliantúil foilsithe ag HIQA ina leagtar amach líon na nochtaí cosanta a fuarthas in 2024 agus an ghníomhaireacht a rinneadh.

Fuarthas tuarascáil inmheánach amháin faoin mBeartas agus Nós Imeachta maidir le Nochtadh Cosanta. Tar éis measúnaithe, dúnadh an nós imeachta agus ní dhearnadh aon ghníomh eile.

### 4.5.12 Achtanna na dTeangacha Oifigiúla

Leanann HIQA de bheith ag obair i dtreo chomhlíonadh a gcuid dualgas faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus faoin Acht (Leasú), 2021. In 2024, cuireadh tús le feachtas feasachta chun a chinntiú go raibh ár bhfoireann eolach ar na hAchtanna agus ar ár bhfreagrachtaí fúthu. I gcomhréir lenár gceanglais, chuireamar stáiseanóireacht dhátheangach i bhfeidhm, rinneamar glórphoist agus ríomhphoist freagartha uathoibríocha a nuashonrú ionas go mbeidís dátheangach, chruthaíomar póstaeir dhátheangacha agus leanamar orainn le fógraíocht a dhéanamh i nGaeilge agus i mBéarla araon. D'fhreagraíomar i nGaeilge ar fhiosrúcháin a fuaireamar i nGaeilge. Chinntíomar freisin go raibh faisnéis faoi HIQA ar fáil i nGaeilge ar ár suíomh gréasáin.

Chuir HIQA a thuarascáil 2024 ar íoscheanglais fógraíochta faoi bhráid an Choimisinéara Teanga i gcomhréir leis na hamlínte reachtaíochta.

# Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara

# 5

Is mór againn an tionchar ar ár gcuid oibre atá ag rannpháirtíocht lenár bpáirtithe leasmhara. Áirítear leo siúd lucht déanta beartais, pleanálaithe agus soláthraithe seirbhísí, mar aon le daoine a úsáideann seirbhísí, grúpaí abhcóideachta, baill foirne a oibríonn i seirbhísí agus an pobal i gcoitinne. Oibrímid i gcomhar leis na páirtithe leasmhara sin ar roinnt bealaí, mar a leagtar amach sa tuarascáil seo, amhail trí chruinnithe, líonraí idirnáisiúnta agus comhairliúcháin phoiblí.

Leagtar amach sa chuid seo sampla den bhealach a d’oibríomar i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara seachtracha in 2024.

## Seirbhísí monatóireachta agus cigireachta

Tá comhoibriú le páirtithe leasmhara tábhachtacha lárnach dár gcuid oibre chun monatóireacht agus cigireacht a dhéanamh ar sheirbhísí.

Le linn na gcigireachtaí, bíonn teagmháil rialta againn le daoine a úsáideann seirbhísí, le baill teaghlaigh, le baill foirne, le bainisteoirí agus le gairmithe eile.

Oibrímid i gcomhar freisin le cónaitheoirí agus le soláthraithe seirbhísí lasmuigh den phróiseas cigireachta.

Mar shampla, chuireamar fáilte roimh roinnt grúpaí daoine faoi mhíchumas chuig ár n-oifig i rith na bliana. Chonacthas cumhacht agus tábhacht feasachta níos fearr a bheith ag daoine faoi mhíchumas ar a gcearta, agus ar abhcóideacht, nuair a rinne grúpa féinabhcóideachta cur i láthair don fhoireann agus d’inis siad dúinn faoina n-eispéireas ar a nglórtha a chur in iúl ar Lá Idirnáisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas i mí na Nollag.




*Sa phictiúr thuas: POF HIQA, Angela Fitzgerald (ar chlé ar fad) agus an Príomh-Chigire Ainmnithe, Finbarr Colfer (ar dheis ar fad) le Deirdre, Theresa agus Ronan, cónaitheoirí Sheirbhísí Míchumais Intleachtúla Dheisceart Bhaile Átha Cliath de FSS (Baile Átha Cliath).*



*Chuaigh cónaitheoirí na seirbhísí míchumais i gcomhar le baill foirne inár n-oifig i gCorcaigh i mí an Mhárta chun a n-eispéireas ar chónaí i seirbhísí míchumais agus ar na hathruithe atá feicthe acu thar na blianta a chomhroinnt.*

Reáchtálamar comórtas ealaíne do leanaí agus do dhaoine óga i samhradh 2024 freisin. Iarradh ar leanaí agus ar dhaoine óga póstaer a dhearadh ar an téama 'Éist le mo ghlór', agus ar an gcúram agus an tacaíocht a fhaigheann siad ó na seirbhísí sóisialta. Baineadh úsáid as an saothar ealaíne buacach mar chlúdach dár dtuarascáil ar *10 mBliana de Rialáil agus Faireachán ar Sheirbhísí Cúraim Shóisialta Leanaí 2014-2024*.

Chun tacú le soláthraithe seirbhísí, oibrímid i gcomhar leo go rialta freisin trí roinnt fóram, amhail fóraim ionadaíocha, seimineáir ghréasáin, cruinnithe agus imeachtaí.

Chun ullmhú do thosach feidhme an Achta um Shábháilteacht Othar (Teagmhais Infhógartha agus Nochtadh Oscailte), 2023, rinneamar rannpháirtíocht spriocdhírithe le linn na bliana chun feasacht a mhúscailt faoin gceanglas fógraí a chur isteach a bheidh ag teastáil ó chleachtóirí sláinte nach n-oibríonn mar chuid den chóras ospidéil phoiblí nó phríobháidigh. Bhí rannpháirtíochtaí le rialtóirí gairmithe sláinte i gceist leis sin, lena n-áirítear an Chomhairle Fiaclóireachta, Cumann Cógaiseoirí na hÉireann (PSI) agus Bord Altranais agus Cnáimhseachais na hÉireann.

I mí an Mhárta, d'óstálamar seimineár do Chathaoirligh na mBord agus do POFanna eagraíochtaí soláthraithe d'ionaid ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas chun tacú le rialachas agus bainistíocht ardcháilíochta. Bhí an tAire Stáit le freagracht as Míchumas, Anne Rabbitte, i láthair ag an ócáid agus labhair sí faoi thábhacht an dea-rialachais ar na seirbhísí a fhaigheann daoine. Rinne roinnt soláthraithe cur i láthair faoina dtaithí féin maidir le socruithe rialachais agus bainistíochta a fheabhsú agus an tionchar dearfach a bhí aige sin ar dhaoine faoi mhíchumas.




*POF Angela Fitzgerald, Finbarr Colfer, Príomh-Chigire Ainmnithe, an tAire Stáit le freagracht as Míchumas, Anne Rabbitte TD, agus Carol Grogan, an Príomh-Chigire Seirbhísí Sóisialta, ag ócáid foghlama comhroinnte do chomhaltaí boird agus foirne bainistíochta feidhmiúcháin ionad do dhaoine faoi mhíchumas a d'óstáil HIQA i mí an Mhárta ag Printworks i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.*

I mí Dheireadh Fómhair, thugamar soláthraithe tithe altranais agus páirtithe leasmhara le chéile le haghaidh imeachta chun plé a dhéanamh ar na hathruithe atá tarlaithe i dtithe altranais le 15 bliana anuas ó thosaigh an rialáil. D'oscail an tAire Stáit le freagracht as Meabhairshláinte agus Daoine Scothaosta, Mary Butler, an ócáid, 'Machnamh ar 15 Bliana de Rialáil Tithe Altranais san Am atá Caite, sa lá Inniu agus sa Todhchaí', agus bhí cur i láthair ann ó FSS, Céile Care, agus Foras Ospíse na hÉireann i measc daoine eile.




*Susan Cliffe, Leas-Phríomhchigire, Carol Grogan, Príomh-Chigire, POF Angela Fitzgerald, agus an tAire Stáit le freagracht as Meabhairshláinte agus Daoine Scothaosta, Mary Butler, ag seoladh na tuarascála '15 Bliana de Rialáil Tithe Altranais 2009-2024'.*

## Príomhghníomhaíochtaí rannpháirteachais le páirtithe leasmhara

I rith na bliana, chuir HIQA le roinnt líonraí náisiúnta agus idirnáisiúnta, grúpaí agus ceardlanna lena n-áirítear:

### SINC, an Líonra Nuálaíochta Idirnáisiúnta do Rialtóirí Sláinte agus Cúraim

I mí Mheán Fómhair, bhí HIQA ina óstach ar SINC, an Líonra Nuálaíochta Idirnáisiúnta do Rialtóirí Sláinte agus Cúraim. Bhailigh ceannairí sinsearacha ó rialtóirí sláinte agus cúraim shóisialta ó naoi dtír ar fud na hEorpa le chéile i mBaile Átha Cliath don chomhdháil. Ag an gcruinniú, pléadh rialáil sláinte agus cúraim shóisialta i ndomhan atá ag athrú go mear, agus luach níos mó don tsochaí á chur leis agus tacaíocht á tabhairt dár bhfoireann tríd an athrú sin.

*Sa phictiúr thíos: Comhghleacaithe ó HIQA agus comhaltaí Líonra SINC ag glacadh páirte i gComhdháil SINC 2024*



### Rialachán AE maidir le Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte (RMTS)

Tá HIQA ag obair i dtreo chur chun feidhme rathúil Rialachán AE maidir le Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte (RMTS) agus tá ionadaíocht déanta aige ar an nGrúpa Comhordúcháin agus ar a fhoghrúpaí um Measúnú Cliniciúil Comhpháirteach (MCC) agus um Threoir Mhodheolaíoch agus Nós Imeachta (TMNI), mar aon le Coiste MTS an Choimisiúin Eorpaigh a dhéanann maoirseacht ar fhorbairt na n-achtanna cur chun feidhme do RMTS.

### Cinn na nÚdarás Inniúil Eorpach um an gCosaint ar Radaíocht (HERCA)

Ainmníodh ár gcomhghleacaithe MTS chun páirt a ghlacadh i ngrúpa oibre Chinn na nÚdarás Inniúil Eorpach um an gCosaint ar Radaíocht (HERCAnna) ar intleacht shaorga agus i ngrúpa oibre ar radachógais theiripeacha a chomhordaíonn Ard-Stiúrthóireacht um Fhuinneamh agus Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte an Choimisiúin Eorpaigh.

### QUANTUM

Tá HIQA ina rannpháirtí in QUANTUM, tionscadal a mhaoiníonn an tAontas (2024-2026) a bhfuil sé mar aidhm aige córas lipéadaithe coiteann a chruthú don Eoraip a ráthaíonn cáilíocht agus fóntas tacair sonraí chun críocha nuálaíochta eolaíche agus sláinte. Is comhalta gníomhach muid freisin de líonra pobail cleachtais a bunaíodh chun ullmhú do chur chun feidhme an rialacháin, maidir le Spás Eorpach Sonraí Sláinte. I rith 2024, ghlac HIQA páirt i dtrí fhoghrúpa agus i níos mó ná 40 imeacht líonra ar ábhair lena n-áirítear catalóg meiteashonraí tacair sonraí sláinte agus cáilíocht sonraí, imscaradh agus oibríochtaí agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara.

### Grúpa Rialachais ar Théarmaí Cliniciúla SNOMED Ionad Scaoilte Náisiúnta na hÉireann

Tá HIQA ina chathaoirleach ar an ngrúpa seo a thugann comhairle maidir le treo straitéiseach agus rialachas Ionad Scaoilte Náisiúnta Éireann SNOMED CT.

### Cruinniú Comhchéime Líonra Sóisialta Eorpach (European Social Network) Pharlaimint na hEorpa – I dTreo Chreat Seirbhísí Sóisialta Eorpach




*An Dr Niamh O'Rourke, Leas-Stiúrthóir um Chaighdeáin Sláinte agus Cúraim Shóisialta, ag déanamh cur i láthair ag Parlaimint na hEorpa, sa Bhruiséil.*

Is comhalta Líonra Sóisialta Eorpach é HIQA. I mí Dheireadh Fómhair 2024, rinneamar cur i láthair ar an gcreat prionsabal a úsáidtear chun caighdeáin náisiúnta a fhorbairt do shláinte agus cúram sóisialta in Éirinn ag Cruinniú Comhchéime Pharlaimint na hEorpa de chuid an Líonra Sóisialta Eorpaigh – I dTreo Chreat Seirbhísí Sóisialta Eorpach. Ag an ócáid, phléigh ceannairí an Aontais agus ceannairí seirbhísí sóisialta na príomhthosaíochtaí do sheirbhísí sóisialta sa Choimisiún Eorpach agus sa Pharlaimint nua, agus réaltacht na ndúshlán atá roimh sheirbhísí sóisialta i dtíortha éagsúla an Aontais, agus mhalartaigh siad smaointe maidir le réitigh ar leibhéal AE. Mhíníomar go bhfuil ár gcaighdeáin náisiúnta bunaithe ar na torthaí ar chóir do dhuine a bheith ag súil leo ó sheirbhís ardcháilíochta dhea-bhainistithe shábháilte. Leagadh béim ar an gcur chuige sin atá bunaithe ar thorthaí mar shamhail dea-chleachtais do Chreat Cáilíochta Seirbhísí Sóisialta Eorpach.

**I measc na rannchuidithe le grúpaí agus coistí náisiúnta bhí:**

- Coiste Athbhreithnithe Teicneolaíochta FSS um Chlár Náisiúnta Rialaithe Ailse
- Grúpa Rialachais FSS um Fhoclóir Sonraí Náisiúnta Sláinte agus Cúraim Shóisialta
- Tascfhórsa Thodhchaí na gClárlann
- Coiste um Éifeachtúlacht Náisiúnta Chliniciúil (NCEC)
- Líonra taighde um Fheabhsú Cáilíochta agus Sábháilteacht Othar atá Bunaithe ar Fhianaise (EQUIPS)
- Grúpa Stiúrtha agus Tascfhórsa Sláinte na mBan de chuid an Roinn Sláinte
- Coiste um Chaighdeáin Faisnéisíochta Sláinte an Údaráis um Caighdeáin Náisiúnta na hÉireann
- Coiste um Chosaint Sonraí agus Trédhearcacht
- Grúpa Stiúrtha Suirbhé ar Chúram Leantach Tar éis Galar a Fháil (FADA)
- Grúpa Comhairleach Saineolaithe le haghaidh nuashonrú Chaighdeáin NCEC 2015 maidir le Treoirlínte Cleachtais Chliniciúil
- Comhlacht Athbhreithnithe Saineolaithe ar an nGrúpa Gníomhaíochta um Chur Chun Feidhme Altranais agus Cnáimhseachais
- Grúpa Idirchaidrimh Sonraí Sláinte arna eagrú ag an Roinn Sláinte agus ag an bPríomh-Oifig Staidrimh
- Grúpa Comhairleach Saineolaithe Straitéise Sláinte Poiblí FSS
- Bord Tionscadail FSS um Ríomhordú Oideas Náisiúnta
- Bord Próisis Bainistíochta FSS um Shonrúchán Tacair Sonraí
- Comhlacht Athbhreithnithe Saineolaithe ar Altranas agus ar Chnáimhseachas de chuid na Roinne Sláinte – Grúpa Gníomhaíochta Cur Chun Feidhme.

**I measc na rannchuidithe le grúpaí agus coistí idirnáisiúnta bhí:**

- Coiste Stiúrtha GINAHTA (Líonra Idirnáisiúnta Treoirlínte (GIN), Líonra Idirnáisiúnta Gníomhaireachtaí MTS (INAHTA))
- Creat coincheapúil an éiceachórais cinnteoireachta sláinte (eagraithe i gcomhar le EDS/an Eoraip agus an tIonad Taighde agus Eipidéimeolaíochta Cliniciúla (CERC) in Ollscoil Humanitas)
- Líonra Faisnéise Sláinte Réigiún na hEorpa de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte
- Coiste an Chláir Eolaíochta Idirnáisiúnta ag Cruinniú Bliantúil Idirnáisiúnta um Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte (MTSi)
- Cruinniú Comhchéime MTS Eorpach ISPOR (an Cumann Idirnáisiúnta um Thaighde ar Chógaseacnamaíocht agus ar Thorthaí)

- Comhairle MTS ISPOR
- Grúpa Náisiúnta Eorpach an Tionscnaimh 1+ Milliún Géanóm
- Coiste Pleanála do Chruinniú Mullaigh Fíorfhianaise ISPOR
- Comhghuaillíocht Straitéiseach Ghníomhaireachtaí MTS Ceilteacha
- Tionscnamh Chomhpháirtithe Straitéiseacha maidir le Sonraí agus Grúpa Sláinte Dhigiteach na hEagraíochta Domhanda Sláinte
- Tascghrúpa Spotaí Fola Choiste Náisiúnta Scagthástála na Ríochta Aontaithe
- Líonra Idirnáisiúnta Gníomhaireachtaí MTS
- Foghrúpa an Líonra Náisiúnta Tionscnamh ar Litearthacht Sláinte Dhigiteach agus Sonraí
- Bord Comhairleach Idirnáisiúnta do Shintéis Fianaise Éireann.

## Imeachtaí agus comhdhálacha

Le linn 2024, chuir fostaithe HIQA obair na heagraíochta i láthair ag roinnt comhdhálacha agus imeachtaí, lena n-áirítear:

- 24ú Comhdháil Idirnáisiúnta um Chúram Comhtháite, Béal Feirste
- Scoil Samhraidh Bhliantúil um Rannpháirtíocht an Phobail agus na nOthar, Luimneach
- Comhdháil Altranais & Cáilíochta Bon Secours
- Comhlachas Eorpach um Fhaisnéis Sláinte agus Leabharlanna (EAHIL), Ríge
- Comhdháil Eorpach um Shláinte Phoiblí, Liospóin.
- Cruinniú Mullaigh Domhanda Fianaise, Prág
- Comhdháil Idirnáisiúnta um Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte (MTSi), Sevilla
- HealthTech Ireland, Baile Átha Cliath
- Comhdháil um Maoiniú Bunaithe ar Ghníomhaíochtaí FSS
- Comhdháil um Chomhar Níos Fearr le Chéile do Chúram Sláinte Digiteach FSS
- Comhoibriú Sonraí FSS
- Comhdháil na nGairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialta FSS
- Comhdháil um Chomhpháirtíocht Phobail agus Othar FSS
- Comhdháil um Choimirciú Daoine Fásta Oirdheisceart FSS, COC agus Amber Women’s Refuge CLG (tearmann do mhná)
- Comhdháil Líonra Idirnáisiúnta na nGníomhaireachtaí um Measúnú ar Theicneolaíocht Sláinte, Sevilla
- Cruinniú Bliantúil Chumann DXA na hÉireann 2024 DXA Cáilíochta: Ábhair chomhoibrithe maidir le forbhreathnú ar nósanna imeachta náisiúnta HIQA maidir le hiniúchadh cliniciúil ar nósanna imeachta raideolaíocha lena mbaineann nochtadh míochaine do radaíocht ianúcháin
- Seimineár gréasáin Institiúid Radagrafaithe agus Radaiteiripeoirí na hÉireann dar teideal ‘Todhchaí na Seirbhísí Íomháithe Diagnóiseacha in Éirinn’.
- Comhdháil ISPOR (an Cumann Gairmiúil um Eacnamaíocht Sláinte agus Taighde ar Thorthaí) san Eoraip 2024, Barcelona
- Ag Bogadh Ar Aghaidh le Chéile: Rannpháirtíocht an Phobail agus Othair i dTaighde ar Meabhairshláinte, Corcaigh
- Comhdháil Náisiúnta na hOifige um Shábháilteacht Othar, Baile Átha Cliath

- Lá Staidéir ar Shábháilteacht Radaíochta, Baile Átha Cliath
- Comhdháil Bhliantúil Chúram Sóisialta Éireann, Baile Átha Cliath
- Comhdháil um Shláinte Daonra Struchtúrtha, Beartas agus Oideachas Taighde Seirbhísí Sláinte (SPHeRE), Baile Átha Cliath
- Ceardlann Chruinniú Eolaíochta Bliantúil Chumann Fisiceoirí Leighis na hÉireann (IAPM) ar 'Déileáil le teagmhais a bhaineann le radaíocht ianúcháin'.




*Bainisteoir Réigiúnach, an Dr Agnella Craig, le comhaltaí Mheitheal Chinn na nÚdarás Inniúil Eorpach um an gCosaint ar Radaíocht (HERCA) ar Fheidhmchláir Míochaine.*




*An Dr Máirín Ryan, Stiúrthóir HIQA ar Mheasúnú ar Theicneolaíocht Sláinte, lenár bhfoireann CICER.*




*Deirdre Hyland, Bainisteoir Cláir Faisnéise Sláinte, ag glacadh páirte i bplé painéil ar na Dúshláin maidir le Glacadh Digiteach atá roimh Chúram Sláinte na hÉireann ag Cruinniú Mullaigh na Sláinte Cliste i mBaile Átha Cliath, Meán Fómhair 2024.*



*Anna Doyle, Cigire Seirbhísí Míchumais, HIQA, Angela Fitzgerald, POF HIQA, Pat McGaharn, cónaitheoir seirbhíse míchumais, Sonia Callaghan, Stiúrthóir Cúnta Cúraim agus Tacaíochta Altranais, Seirbhísí Pobail Naomh Eoin Dé Thoir Thuaidh, Finbarr Colfer, Príomh-Chigire Ainmnithe, Ciara McShane, Leas-Phríomhchigire Eatramhach, HIQA, ag seoladh a thuarascáil forbhreathnaithe 10 mbliana ar ionaid ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas.*




*Emma Burke, an Dr Joanne Fallon, Emer O'Malley, David Morrissey agus an Dr Chloe Walsh ón Stiúrthóireacht um Fhaisnéis agus Caighdeáin Sláinte ag freastal ar Scoil Samhraidh Rannpháirtíochta Poiblí agus Othar in Ollscoil Luimnigh, Meitheamh 2024.*




*Judy Gannon, Bainisteoir Cláir agus an Dr Carolina Cunha Bassul, Oifigeach Forbartha Caighdeán le rannpháirtithe sa ghrúpa fócais féinabhcóideachta in oifigí Ionchuimsiú Éireann ag plé na nDréacht-Chaighdeán Náisiúnta do Sheirbhísí Tacaíochta Baile.*





*Aoife McCann, Ceann na Seirbhísí Dlí, ag seoladh thuarascáil an Choimisiúin  um Athchóiriú an Dli 'Creat Rialála um Chosaint Daoine Fasta'*




*Maria MacInnes, Bainisteoir Feabhsúcháin Seirbhísí, Tusla, Kate Duggan, POF, Tusla, Deirdre Connolly, Bainisteoir Cláir, HIQA agus Sarah Fitzgerald, Ceannaire Tionscadail, HIQA ag seoladh na sraithe straitéisí nua ag Comhdháil Cúraim Shóisialta Éireann, Aibreán 2024.*




*Rachel Flynn, Stiúrthóir ar Fhaisnéis agus Caighdeáin Sláinte, Rachael Falconer, Oifigeach Tionscadail agus Tina Boland, Ceannaire Tionscadail ón gClár Náisiúnta um Eispéireas Cúraim i ndiaidh fhoilsiú thorthaí an tSuirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar Cónaitheach.*




*Deirdre Connolly, Leas-Stiúrthóir Gníomhach um Fhaisnéis Sláinte ag cur i láthair ag Comhdháil na Seirbhísí Sóisialta Eorpacha in Antuairp, Meitheamh 2024*




*Eva Boyle, Ceann Seirbhísí Leanaí, POF Angela Fitzgerald, agus Finbarr Colfer, Príomh-Chigire Ainmnithe, ag seoladh na tuarascála '10 mBliana de Rialáil agus Faireachán ar Sheirbhísí Cúraim Shóisialta Leanaí 2014-2024'*




*Deirdre Hyland, Bainisteoir Cláir Faisnéise Sláinte, ag glacadh páirte i bplé painéil ar na Dúshláin maidir le Glacadh Digiteach atá roimh Chúram Sláinte na hÉireann ag Cruinniú Mullaigh na Sláinte Cliste i mBaile Átha Cliath, Meán Fómhair 2024.*




*Ciara McShane, Leas-Phríomhchigire Eatramhach, agus Finbarr Colfer, Príomh-Chigire Ainmnithe, ag seoladh na tuarascála '10 mBliana de Rialáil Ionaid Ainmnithe do Dhaoine faoi Mhíchumas 2013-2023'.*




*POF Angela Fitzgerald ag síniú Meabhrán Tuisceana leis an Ombudsman agus Coimisinéir Faisnéise na hÉireann, Ger Deering.*




*Susan Cliffe, Leas-Phríomhchigire na Seirbhísí Sóisialta, ag labhairt ag seoladh na tuarascála '15 Bliana de Rialáil Tithe Altranais 2009-2024'.*




*Conor Teljeur, Príomh-Eolaí, ag cur póstaeir i láthair ag Comhdháil ISPOR – An Cumann Gairmiúil um Eacnamaíocht Sláinte agus Taighde ar Thorthaí.*




*Lee O'Hora, Cigire, ag déanamh cur i láthair ag Comhdháil Eorpach na Raideolaíochta i Vín i mí an Mhárta.*




*CICER ag Cruinniú Mullaigh Domhanda na Fianaise 2024 i bPrág.*

# Ráitis Airgeadais

# 6

Foilseofar Ráitis Airgeadais Bhliantúla HIQA ina n-iomláine i gCuid 2 den doiciméad seo a luaithe a gheofar na ráitis airgeadais iniúchta ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

# Aguisíní

# 7

# Aguisín 1:
## Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Cuireann an tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 oibleagáid ar gach comhlacht poiblí cearta an duine a chosaint, comhionannas a chur chun cinn agus idirdhealú a dhíothú. Tá HIQA tiomanta do chearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint, agus úsáideann sé cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine san obair a dhéanann sé.

Rinne HIQA measúnú ar shaincheisteanna comhionannais agus cearta an duine atá ábhartha don eagraíocht agus leag sé amach gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt orthu siúd i bPlean Corparáideach HIQA 2022-2024. Le dhá cheann de na sé phríomhchuspóir straitéiseacha a leagtar amach sa doiciméad sin, dírítear ar shaincheisteanna cearta an duine agus comhionannais, lena n-áirítear na cuspóirí straitéiseacha chun:

- comhionannas agus cearta daonna na ndaoine a úsáideann seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a chur chun cinn agus a chosaint
- ár dtaithí a úsáid le bheith mar ghuth iontaofa ar cháilíocht, sábháilteacht agus cearta an duine i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.

Chun na cuspóirí sin a chomhlíonadh, rinne HIQA obair fhairsing in 2024, mar a leagtar amach thíos:

| | Gníomh | Stádas |
|---|---|---|
| **1.** | Clár cigireachtaí bunaithe ar chearta a dhéanamh ar ionaid ainmnithe do dhaoine scothaosta lena n-áirítear cigireachtaí rialála, cigireachtaí bunaithe ar riosca, cigireachtaí dírithe amhail cigireachtaí IPC agus cigireachtaí téamacha, mar aon le ceanglais eile a mheasann an Príomh-Chigire a bheith riachtanach. | Críochnaithe |
| **2.** | Clár cigireachta bunaithe ar chearta a dhéanamh ar ionaid ainmnithe do dhaoine faoi mhíchumas lena n-áirítear cigireachtaí rialála, cigireachtaí bunaithe ar riosca, cigireachtaí dírithe amhail cigireachtaí téamacha, mar aon le ceanglais eile a mheasann an Príomh-Chigire a bheith riachtanach. | Críochnaithe |
| **3.** | Clár cigireachtaí bunaithe ar chearta a dhéanamh ar sheirbhísí cosanta agus leasa leanaí agus ar sheirbhísí cúraim altrama de réir na *gCaighdeán Náisiúnta um Chosaint agus Leas agus na gCaighdeán Náisiúnta um Chúram Altrama* de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear cigireachtaí monatóireachta, cigireachtaí bunaithe ar riosca (cur chuige soláthraí), mar aon le ceanglais eile a mheasann HIQA a bheith riachtanach. | Críochnaithe |
| **4.** | Clár cigireachtaí bunaithe ar chearta a dhéanamh ar leanaí atá faoi chúram Tusla, lena n-áirítear monatóireacht rialta ar sheirbhísí ionad cónaithe leanaí. | Críochnaithe |

| | | |
|---|---|---|
| **5.** | Cigireacht bunaithe ar chearta a dhéanamh ar Champas Coinneála Leanaí Bhaile an Oibricigh de réir Chreat Chearta Leanaí Bhaile an Oibricigh. | Críochnaithe |
| **6.** | Modheolaíocht a fhorbairt do chlár téamach bunaithe ar chearta ina ndéantar athbhreithniú ar úsáid cleachtas sriantach laistigh de shuíomhanna cúraim shlána. | Críochnaithe |
| **7.** | Dul chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt samhla agus modheolaíochta chun go bhféadfar suirbhé ar úsáideoirí seirbhísí meabhairshláinte a chur chun feidhme. | Críochnaithe |
| **8.** | Samhail a shainaithint chun tacú le rannpháirtíocht daoine a úsáideann seirbhísí in obair HIQA. | Ar siúl |
| **9.** | Caighdeáin náisiúnta do leanaí atá bunaithe ar fhianaise a fhoilsiú, i gcomhréir le creat forbartha caighdeán. | Críochnaithe |
| **10.** | Tacú le foghlaim san earnáil cúraim shóisialta níos leithne trí pháipéir acadúla a fhoilsiú. | Críochnaithe |
| **11.** | Sintéis fianaise a dhéanamh agus comhairle atá bunaithe ar fhianaise a chur ar fáil chun eolas a dhéanamh do bheartas náisiúnta sláinte poiblí i bplean oibre atá le comhaontú leis an Roinn Sláinte, lena n-áirítear nuashonrú ar na treoirlínte maidir le hól ísealriosca do straitéisí alcóil agus galair neamhchoitianta. | Críochnaithe |
| **12.** | Leanúint ar aghaidh ag plé leis an tSeirbhís Abhcóideachta Othar ar réimsí leasa choitinn. | Críochnaithe |
| **13.** | Comóradh a dhéanamh ar Mhí na hÉagsúlachta AE in HIQA trí shraith seisiún faisnéise agus imeachtaí a óstáil agus trí oiliúint ar líne ar an éagsúlacht a chur ar fáil. | Críochnaithe |
| **14.** | Éagsúlacht agus ionchuimsiú cultúir a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dó trí ghníomhaíochtaí an Ghrúpa Oibre um Éagsúlacht agus Ionchuimsiú. | Críochnaithe |
| **15.** | Plean Éagsúlachta agus Ionchuimsithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme. | Ar siúl |
| **16.** | Oiliúint ar chearta an duine a chur ar fáil don fhoireann. | Críochnaithe |

# **Aguisín 2:** Foilseacháin acadúla


- Behan L, O'Brien MP, Dunbar P, McGrane N, Keane A, Grogan C et al. *Good practice in the provision of care for people living with dementia in nursing homes: a systematic review.* medRxiv. 2024.
- McGrane N, Behan L, Keyes LM. *A human-rights based approach to dealing with adverse events in residential care facilities.* Health and Human Rights Journal. Meitheamh 2024.
- Behan L, Grogan C, Keyes LM. *The Impact of Regulation on the Quality of Care in Nursing Homes in Ireland; a time-series analysis of change in compliance.* HRB Open. 2024.
- Burns K, Boyle E, Geary S, King E. *How Effective are Ireland's Monitory Mechanisms in Improving its Child Protection and Welfare Services?* Child and Family Social Work. Meitheamh 2024.
- Murray R, Magendran E, Chander N, Lynch R, O'Neill M, Devane D, Smith SM, Mahtani K, Ryan M, Clyne B, Sharp MK. Co-design workshops to develop evidence synthesis summary formats for use by clinical guideline development groups. Systematic Reviews. 2024 Nollaig;13(1):1-3.
- Ahern S, Browne J, Murphy A, Teljeur C, Ryan M. An economic evaluation and incremental analysis of the cost effectiveness of three universal childhood varicella vaccination strategies for Ireland. Vaccine, 2024. 42(14), 3321-3332.
- Clyne B, Sharp MK, O' Neill M, Pollock D, Lynch R, Amog K, Ryan M, Smith SM, Mahtani K, Booth A, Godfrey C, Munn Z & Tricco AC. An international modified Delphi process supported updating the web-based "Right Review" tool. Journal of Clinical Epidemiology. 2024 Márta 22:111333.
- Murray R, Sharp M, Razidan A, Hibbitts B, Ryan M, Mahtani K, Lynch R, Smith S, O'Neill M, Schünemann H, Alonso-Coello P, Munn Z, Clyne B. Investigating how the GRADE Evidence to Decision (EtD) framework is used in Clinical Guidelines: a scoping review protocol. HRB Open Res. 2023 Meán Fómhair 13;6:50.
- Dullea A, O'Sullivan L, O'Brien KK, Carrigan M, Ahern S, McGarry M, et al. Diagnostic Accuracy of 18F-Prostate Specific Membrane Antigen (PSMA) PET/CT Radiotracers in Staging and Restaging of Patients With High-Risk Prostate Cancer or Biochemical Recurrence: An Overview of Reviews. Seminars in Nuclear Medicine. 2024.
- Sharp MK, Logullo P, Murphy P, Baral P, Burke S, Grimes DR, Ryan M & Clyne B. Altmetric coverage of health research in Ireland 2017-2023: a protocol for a cross-sectional analysis. HRB Open Research. 2024 Meitheamh Jun 18;7:36.
- Kelly Y, Gannon J, Bassul C, Williams M, Morrissey D, McKee J, Keyes LM, O'Rourke N, Flynn R. Applying a Human Rights-Based Approach to Formal Care and Support Provided in the Home: A Narrative Review. Health & Social Care in the Community. 2024:6632018. *https://doi.org/10.1155/2024/6632018.*

- Kelly Y, O'Rourke N, Flynn R, Hegarty J, Keyes L. Exploring the implementation of national health and social care standards in Ireland: A qualitative descriptive study. Journal of Advanced Nursing. 2024:00;1–16. *https://doi.org/10.1111/jan.16346*
- Bassul C, Gannon J, Williams M, Kelly Y, Morrissey D, McKee J, Keyes LM, O'Rourke N, Flynn R. How to Achieve Person-Centered Care for People Using Home Care Services: A Narrative Review. Home Health Care Management & Practice. 2024;0(0). *https://doi.org/10.1177/10848223241267874*
- Tuohy E, Murphy-Dooley A, Flaherty SJ, Duggan C, Foley B, Flynn R. Engaging with the public on their views on the collection, use and sharing of personal health information: Development of a scenario-based survey instrument. Modhanna Taighde sa Leigheas & sna hEolaíochtaí Sláinte. 2024;0(0). *https://doi:10.1177/26320843241265957*
- Ojo A, Rizun N, Walsh G, Przychodzen W, Mashinchi MI, Foley C, Rohde D, Rao M. Dataset linking women's maternity care experiences with hospital environment and governance in Ireland. Data in Brief. 2024 Samhain 29:111168. *https://doi.org/10.1016/j.dib.2024.111168*
- Kelly Y, O'Rourke N, Hegarty J, Gannon J, Flynn R, Keyes L. The co-design of a digitally supported intervention for selecting implementation tools and actions for standards (SITAS). BMC Health Services Research.2024:24;1582. *https://doi.org/10.1186/s12913-024-12075-9*
- O'Hora L, O'Brien K, Tuffy J, Craig A, Neville N, Sugrue K, Keaveney M, O'Brien E, Quinn E, Egan S, 2025. Establishing national diagnostic reference levels in fluoroscopy and fluoroscopically guided interventions in Ireland and comparing these with national diagnostic reference levels in Europe and internationally. European Journal of Radiology, 183, lch.111890. *https://doi.org/10.1016/j.ejrad.2024.111890. Foilseofar Ráitis Airgeadais Bhliantúla HIQA ina n-iomláine i gCuid 2 den doiciméad seo a luaithe a gheofar na ráitis airgeadais iniúchta ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.*

Health
Information
and Quality
Authority

An tÚdarás Um Fhaisnéis
agus Cáilíocht Sláinte

**Arna fhoilsiú ag an Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte.**

**Le haghaidh tuilleadh faisnéise déan teagmháil le:**
An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte
Oifig Réigiúnach Bhaile Átha Cliath
Cúirt Sheoirse
Lána Sheoirse
Margadh na Feirme
Baile Átha Cliath 7
D07 E98Y
Fón: +353 (0) 1 814 7400
Ríomhphost: info@hiqa.ie
URL: www.hiqa.ie
© An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte 2025